

Biseach 2019

Iris Chumann Forbartha Chois Fharraige



Istigh:

Dumhach na Leanbh

Toghchán 1969

Filí Bhaile na mBrobhach

Éalú de Valera ó Lincoln 1919

An RIC i gCois Fharraige

Comhairleoirí Contae Nua


SBB 50 bliain ar an Aer

Domhnall Ó Duibhne

Aighneas Iascaireachta

agus go leor eile ...

€5



Print Clódóirí CL

- Dearadh
 - Leabhair
 - Clóbhualadh Trádálach
 - Comharthaí
 - Táirgí PVC
-
- Print • Signage • Design

Casla, Co. na Gaillimhe t. 091 506 597
e. info@clprint.ie w. www.clprint.ie



An Clár

Ábhar	Lch.
Curtha i nDumhach na Leanbh	3
'Dubhach na Leanbh'	7
Toghchán 1969	13
An Chreach Oileáin	23
An Filí	25
Teailithe 2019	31
Oíche Fhéile San Seáin	34
Éalú de Valera as Lincoln	37
Deireadh an RIC i gCois Fharraige	39
Cás Cúirte sa Spidéal 1919	43
Cill Treasa	45
Leathchéad Bliain Craoltóireachta SBB	47
Domhnall Ó Duibhne	53
Muilte Chois Fharraige	55
Nan Thaidhg	58
Dainín Keane	61
Pádraig Joe Joe – Agallamh	63
Cothrom an Ama Seo	68
Ballaí Uí Chadhain	69
Scoil Sailearna	70
Daithí Ó Cualáin – Agallamh	72
Cá bhfuil ár dTriall	75
Pastime Chonamara	77
An Tannery i nGaillimh	78
Aighneas Iascaireachta 1935	80
Gaibhne i gCeantar an Spidéil	83
Maitiú Ó Tuathail	86

Focal Buíochais

Míle buíochas don uile dhuine a chuidigh le heagrán na bliana seo a chur ar an bhfód: Donncha Ó hÉallaithe agus an Coiste Eagarthóireachta ar a raibh Ruaidhrí Ó Tuairisg, Sarah Ní Chonghaile, Máire Ní Fhlathartaigh, Máirín Mhic Lochlainn agus Lochlainn Ó Tuairisg; Daithí Ó Muirí a rinne obair thras-scríofa; chuile dhuine a chuir ábhar scríofa agus grianghraif ar fáil go fial flaithiúil agus go deonach; lucht gnó agus seirbhísí an cheantair a thug tacaíocht bhreá fógraíochta; Micheál Ó Conghaile agus Clódóirí CL Print a rinne an clóbhualladh, agus an dearthóir Tom Hunter as a dhúthracht agus a fhoighid le linn a bheith ag cur na hirise le chéile; agus an *Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta* a thug cabhair dheontais don iris.

Seosamh Ó Braonáin, Eagarthóir



**An Roinn Cultúir,
Oidhreacht agus Gaeltachta**
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

Foilsithe le cabhair ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta.

Biseach 2019

Údarás Daonlathach atá uainn

Leathchéad bhliain ó shin chuir Gluaiseacht Chearta Síbhialta na Gaeltachta tús le feachtas fada le hÚdarás, a bheadh tofa go daonlathach, a fháil don Ghaeltacht. Nuair a bunaíodh an tÚdarás 40 bliain ó shin, fágadh faoi phobail na Gaeltachta 7 den 13 ar Bhord an Údaráis a thoghadh go daonlathach agus reáchtáladh an chéad toghchán i mí na Nollag 1979, ag ar toghadh Pól Ó Foighil agus Seán Ó Neachtain ó Chonamara Theas. Rinne siad ionadaíocht bhríomhar agus ghlórmhar - trodach amanntaí - ar son an phobail a thogh iad ag cruinnithe an Údaráis agus ba mhinic iad le cloisteáil ar RnaG á gceistiú faoi céard a bhí ar bun ag Údarás na Gaeltachta.

Níor tugadh aon chumhachtaí breise don Údarás thar mar a bhí ag Gaeltarra roimhe sin. D'fhéadfaí a rá gurbh é a mhalairt a tharla. Bhí cead ón rialtas ag Gaeltarra banc talún a chur le chéile, rud a bhí an-tábhachtach nuair a theastaigh suíomh le monarchain a thógáil nó áiseanna pobail a chur ar fáil. Baineadh an chumhacht sin den Údarás.

Chuir Dinny Mc Ginley deireadh leis na toghcháin in 2011 agus bhronn sé an chumhacht ar na comhairlí contae daoine a ainmniú ar Bhord an Údaráis. Níl sé sin ag oibriú go maith, san Iarthar ach go háirithe: i gcás Ghaillimh agus i gcás Maigh Eo roghnaíodh comhairleoirí NACH bhfuil cónaí orthu sa Ghaeltacht.

Ní hé sin is measa ach seo. Ní chloistear a thuilleadh ionadaithe an phobail ag caint ar Raidió na Gaeltachta faoi obair an Údaráis, mar a cloistí nuair a bhíodh siad tofa ag an bpobal. Dá bharr seo tá bearna mór oscailte sa gcaidreamh idir Údarás na Gaeltachta agus pobail na Gaeltachta. Níl sé seo go maith don Údarás agus níl sé go maith don Ghaeltacht a bheith fágtha ar easpa eolais faoi obair an Údaráis.

Tá sé tábhachtach ag an bpointe seo, agus olltoghchán ar na bacáin, go mbeadh glór láidir ag tíocht ón nGaeltacht, ag éileamh leasú ar an reachtaíocht le go mbeadh sé de cheart ag pobail na Gaeltachta a ionadaithe féin a thoghadh ar Bhord an Údaráis, mar a bhíodh, sa gcaoi is go mbeidh ionchur daonlathach ón bpobal arís ar an mBord agus le go mbeidh aiseolas á fháil ón bpobal chomh maith.

Nuair a d'iarr Cumann Forbartha Chois Fharraige, dhá bhliain ó shin, ar cheannairí na bpáirtithe polaitíochta toghcháin an Údaráis a thabhairt ar ais, dúirt Micheál Martin i litir (6 Nollaig 2017) go bhfuil sé d'aidhm ag Fianna Fáil 'toghcháin dhíreacha Údarás na Gaeltachta a thionól arís'. Níor chualathas ó na ceannairí polaitíochta eile go fóill.

Ba le brú ón nGaeltacht a bunaíodh Údarás na Gaeltachta 40 bliain ó shin. Ba é a láidreacht, go raibh ionadaithe tofa ón bpobal ar an mBord. Tá brú arís ag teastáil chun go gcuirfear leasú ar Acht lofa na Gaeltachta 2011, le go mbeidh ár n-ionadaithe féin, tofa go daonlathach, ar Bhord an Údaráis, an eagraíocht stáit is tábhachtaí atá againn.

Eagarfhocal ó Chumann Forbartha Chois Fharraige 2019

JOYCE'S

paiseanta faoi bhia



Tá níos mó ná 500 duine fostaithe againn i gContae na Gaillimhe.

Ag tacú le poist áitiúla...



Thugamar breis is €40,000 do chlubanna, do chumainn agus do charthanachtaí áitiúla anuraidh.

Ag tacú le cúiseanna áitiúla...



Ceannaimid uaidh níos mó ná 100 táirgeoir áitiúil.

Ag tacú le poist áitiúla...



Roghnaimid an fheoil is fearr atá 100% Éireannach ó fheirmeoirí áitiúla.

Ag tacú le poist áitiúla...

D'Ollmhargadh áitiúil faoi úinéireacht teaghlaigh.

Cuid de na Daoine atá Curtha i nDumhach na Leanbh

Ruaidhrí Ó Tuairisg

Bhí sé d'ádh orm go raibh mé ag comhrá le Paddy Mháirtín Pháidín Ó Droighneáin as an Teach Mór, Indreabhán, ar an 24 Samhain 2009 agus as an gcomhrá tarraingíodh anuas Dumhach na Leanbh. Bhí corr-ainm ar eolas agam féin faoi dhaoine a bhí curtha ann ach ní mórán é. Ach ní mar sin do Phaddy. Thug sé roinnt mhaith ainmneacha dhom lom láithreach agus mo bhrón fágadh an scéal mar sin. Dúirt mé leis a bheith ag smaoineamh ar éinne eile a thiocfadh isteach ina cheann agus go bhfeicfinn aríst é. Ach mo léan, ní dhearna mé beart de réir mo bhriathair. D'imigh an t-am agus d'imigh Paddy, beannacht Dé leis agus thug sé stór mór eolais leis.

Is dóigh nach mbeidh 'fhios go deo anois cé mhéad duine a cuireadh i nDumhach na Leanbh. Páistí is mó atá curtha anseo ach tá daoine fásta ann freisin. Cuireadh daoine ann go dtí na ceathrachaidí agus níl 'fhios cén fáth mar bhí Reilig an Chnoic oscailte le fada. Bhí an suíomh i bhfad níos mó fadó ach thug an fharraige a cuid féin léi le himeacht na mblianta.

Tá an méid seo eolais bailithe againn faoi láthair.

1. Clann Mháirtín Thomáis Ó Cúláin, Tom, Peige Baib, uncail agus aintíní le Paddy Mháirtín Pháidín Ó Droighneáin.
2. Mac le Liam Choilm Mac Fhlannchadha, An Teach Mór, Pádraigín.
3. Beirt dearthár le Pheilipe Phete Ó Cúláin, An Teach Mór, Peadar agus Joe. Ba cúpla iad. Bhí siad trí nó ceathair de bhlianta d'aois.
4. Beirt le Páidín Ó Márta, Cor na Rón, Beartla agus Seán.
5. Iníon le Ruaidí Mór Phádraig Ruaidí Ó Tuairisg, Baile an Logáin, Nóirín a bhí 3 bliana.
6. Gasúir le Séamus Bhille Ó Fátharta, Cor na Rón.
7. Cailín le Maidhc Sheáinín Bháin Ó Cúláin, Nancy. Mhair sí cúpla uair an chloig.



Leac Cuimhneacháin Dhumhach na Leanbh

Ollscolaíocht trí Ghaeilge

Cúrsaí i réimse leathan ábhar: Cultúr Dúchais, Scileanna Aistriúcháin, Cumarsáid, an Phleanáil Teanga, Ateangaireacht Chomhdhála, Ardscileanna Gaeilge do Mhúinteoirí agus an Ghaeilge Fheidhmeach. Tá na cúrsaí seo ar fáil ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha agus ar líne.

Bí ag caint linn!

www.oegaillimh.ie/acadamh



8. Deirfiúr le Michailín Mheáirt Ó Coisdealbha, Cor na Rón, Máirín, aintín le Neansaí Ní Choisdealbha, RnaG. Bhásaigh sí i 1931 agus í 4 bliana.
9. Ruaidí Ó Tuairisg, An Teach Mór. Fear fásta, deartháir le Máirtín Rua.
10. Triúr gasúr le Ned Sheáin Ó Finneadha. An Lochán Beag.
11. Iníon le Pádraig Ruaidí Ó Tuairisg, An Lochán Beag, Delia, a bhí 6 bliana.
12. Triúr le Máirtín Bheartla Ó Cúláin, An Lochán Beag. Máirtín, Peigín, Júidín.
13. Tomás Dhiarmaid Ó Donnchadha - deartháir le Staif Dhiarmaid agus uncail leis an Ath. Stiofán. Fuair Tomás bás in 1890. Bhí sé 7 mbliana.
14. Iníon le Pádraig Pháidín Ó Flaithearta An Lochán Beag, Júidín.
15. Mac le Mike Tom Tom Ó Donnchadha, Cor na Rón, leathcheann cúpla, Stephen.
16. Mac le Tom Pheatsaí Thomáis Ó Flaithearta, An Lochán Beag Thiar, Pádraig nach raibh na 6 bliana slánaithe aige.
17. Triúr iníon le Micil Bheartla Ó Cúláin, An Teach

Mór, aintíní le Cáit Bheag Uí Fhlaithearta, An Teach Mór, Bríd, Siobhán agus Nóra. Bhí siad faoi 6 bliana d'aois. Tá beirt óg eile, Bairbre agus Peigín, curtha i Reilig an Chnoic.

18. Deirfiúr le Cóil Mhicí Ó Coisdealbha, Cor na Rón, Brídín a bhí 3 bliana. Leathcheann cúpla le Maitias.
19. Beirt aintíní le Peadar Ó Máille, Cor na Rón (measta).
20. Bhásaigh seisear le Máirtín Stiofáin Ó Cúláin as Cor na Rón agus tá cúigear acu i nDumhach na Leanbh: Máirín 2 bl., 1915-1917; Maggie 1 bl., 1919-1920; Beachla 5 bl., 1923-1928; Sarah 7 bl., 1925-1932; Stiofán 7 mí, 1929. Tá Baib curtha i Reilig an Chnoic. Bhí sí 16 bliana d'aois. 'Sí Bidín an t-aon pháiste a mhair. Tá sise in Áras Mhic Dara ar an gCeathrú Rua anois agus í 98 bliain d'aois.

Ba bhreá linn ainmneacha eile a fháil agus iad a fhoilsiú in eagrán na bliana seo chugainn de Bhiseach. Tá muid an-bhuíoch ar fad do na daoine a thug eolas dúinn faoina ngaolta agus faoi dhaoine eile a bhí curtha i nDumhach na Leanbh. Tá muid fíorbhuíoch freisin do na daoine ar fad a thug síntiúis go fial, flaithiúil. 'Sé Dumhach na Leanbh a n-oidhreacht. ■



An tAth Stiofán ag ceilúradh aifrinne ag Dumhach na Leanbh i mbliana [Pic. Seán Ó Mainnín]



An tOireachtas

GRÉASÁN NA nGAEL

Slí an Oireachtais

chuig Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2020

Léiriú Spéise

Táimid ag lorg Léiriú Spéise ó eagraíochtaí/institiúidí/comhlachtaí chun imeachtaí a eagrú ar Shlí an Oireachtais, mí Dheireadh Fómhair, i gCo. na Gaillimhe, sa tréimhse roimh na féile – beidh gnáth-chlár imeachtaí Oireachtas na Samhna 2020 ar siúl 27 Deireadh Fómhair – 1 Samhain agus táimid ag súil le cur le líon na n-imeachtaí Gaeilge sa tréimhse roimhe.

Chun tuilleadh eolais a fháil agus léiriú spéise a chlárú déan teagmháil linn ag louise@antoireachtas.ie

An tOireachtas,
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2
Fón: +353 1 475 3857
Suíomh Gréasáin: www.antoireachtas.ie



Galway 2020
Gaillimh European
Capital of Culture



Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

LE
BUNMHAOINIÚ
Ó



Foras na Gaeilge

‘DUBHACH’ NA LEANBH

Peadar Ó Máille

In alt fada a scríobh mé faoi Tigh Mholly agus a foilsíodh i *mBiseach* 2004, bhí an abairt seo agam ann; “Naonúr muirín a bhí orthu (.i. Pádraig Ó Tuairisg agus Molly Ní Allmhúráin) Nóra, May, Thomas, Delia, John, Annie, Kathleen, Michael agus Winnie”. Bhí sé sin fíor ach, déanta na fírinne, bhí easnamh mór ag roinnt leis an abairt nach mba léir dhom go dtí le fíordheireanas. Rugadh páiste eile dhon bheirt sin. Naonáinín beag soineanta ar tugadh Annie uirthi a tháinig ar an saol ina marbhghin, nó nár mhair mórán achair héis a breithe, nó nár baisteadh dhe réir dheasghnátha na hEaglaise shul má bhásaigh sí.



Dumhach na Leanbh in 2015

Ba é an nós a chleachtadh muintir Chonamara i ngeall air na traidisiúin neamheagnaí a d’eascair as dlíthe leatromacha na hEaglaise, nach raibh cead gasúirín nár baisteadh a chur i reilig choisricthe ach é nó í a chur i gclaí teorann, idir dhá bhaile fearainn. Seod gné a dhéanfadh scáthánú ar an mbail a bhí in ainm’s a bheith orthu thall, idir na Flaithis agus Ifreann. Ba é an t-athair a chaithfeadh an gasúirín bocht a chur agus an gníomh gráisciúil sin a dhéanamh i ndorchadas na hoíche, (scáthánú eile ar Liombó an dorchadais); ní raibh cead aige a inseacht dhon mháthair cén áit ar chuir sé an gasúirín bocht; ní raibh cead acu labhairt ar an ngasúirín; ní raibh cead páidir ná cré a chur le hanam na ngasúiríní soineanta mar, ó tharla gur chinn an Eaglais gur i Liombó a bheidís go deo na ndeor, ní dhéanfadh páidir ná cré aon luaíocht dhóibh.

Níl tasc ar Annie bhocht, nár mhair, in aon áit. Níl sí curtha in uaigh na Mollies ar an Aill Fhinn fearacht Annie Mholly a mhair agus a baisteadh. Níor caintíodh uirthi. Thabharfá an Leabhar go raibh cineál teire ar an gcréatúr faoi nach labhraítí uirthi. Aint liom, Annie Mholly, a rugadh, a mhair, a baisteadh, a bhásaigh, a cuireadh ar an Aill Fhinn, a hainm ar an gcrois chuimhneacháin ann agus aint eile liom, Annie bhocht, a rugadh, nár mhair, nár baisteadh agus nach bhfuil a fhios agamsa ná aon duine eile beo ó thalamh an domhain cén áit ar cuireadh í. Duine de na céadta, b’fhéidir na mílte, i gConamara a bhí inti ar chinn Eaglais Dé ina taobh nach raibh sí sách maith le slánú, ach, ag an am céanna nach raibh sí sách dona le damnú. Eaglais Dé a chinn nach raibh cead í a chur i dtalamh choisricthe. D’fhága sin a hanam gan cháim i ngéibheann a dhear an Eaglais dhi ar an tórainn idir Flaithis an tSolais agus Ifreann na bPianta... í daortha le go mbeadh sí ina cime cuibhrithe san áit dhorchas gan aon phian go deo na ndeor... i Liombó ... A colainn anabái le cur i gclaí teorann, idir dhá bhaile fearainn, gan í anseo ná ansiúd ach idir eatarthu, gan aon chrois

Ag teacht go luath



Gréasán de 30 mol nuálaíochta & digiteach atá á mbunú i gceantair ar fud Gaeltacht na hÉireann

Oscailte:



CRua@gteic.ie



Carna@gteic.ie



NaForbacha@gteic.ie

Deasc Shealaíochta

Spás Oibre
Chomhionaid

Oifigí Príobháideacha

Nascacht 1000MBps

Rátaí cíosa iomaíocha
& socruithe léasanna
solúbtha



www.gteic.ie

gteic
GRÉASÁN DIGITEACH
NA GAELTACHTA

agus gan aon aitheantas gur gineadh í, gur iompar a mama ina broinn ar feadh naoi mí í, gur rugadh í, gur bhásaigh sí. É seo uilig mar phionós i ngeall ar nár caitheadh trí bhaslach d’uisce na hEaglaise ar a cloigeainnín beag rocach nuabheirthe... gan í fiú le n-áireamh i measc boichte Dé.

Ar eagla go mbeadh dul amú ar aon duine, ná ceaptar gur cuireadh na créatúiríní seo in áit chomh hálainn, síochánta le gaineamh glan gléigeal Bhaile an Tigh Móir. Cuireadh iad in áiteachaí dorcha, i ndraentrachaí, i gclaíochaí, i srutháin, in áiteachaí adhlactha nach gceapfaí go deo a bheadh feiliúnach ar aon bhealach dho chréatúiríní a múnlaíodh i ‘bhfíoríomhá agus i macasamhail Dé’. Tá mé dhen bharúil, agus gan ann ach barúil faraor, gur cuireadh Annie bhocht thruacánta seo againne faoi na clocha sa Sruthán Buí thoir, an ‘claí’ teorann is gaire dho Tigh Mholly.

Níor tháinig taobh m’athar slán ón gciapadh gruamánta údaí ach an oiread. Lá breá samhraidh a bhí ann, díreach héis dhúinn a theacht aniar ón gClochán agus m’athair fíor-ríméadach go raibh sé héis filleadh ar a dhúchas, chuaigh an bheirt againn ag fálróid linn síos bóithrín Chlanntaigh. Dhe flíp, ghéaraigh sé a dhá shúil ar dhaigéad dhe chloch mhór ard, cineál aill dhe rud, a bhí mar chuid amscaí dhe chlaí agus crann ag fás ar a barr. Bhí an crann liaite, feosaithe sin ar an dé deiridh, dhá thachtadh ag an eibheann glas rábach agus gan ach smeadairín dhe chréafóig faoi nach dtabharfadh mórán eile de chothú dhó. Bhí an crainnnín chomh mór sin as a chuma go gceapfaí faoi go raibh sé sa riocht sin dhe bharr bhuaireamh an tsaoil. Agus é ag síneadh punt a chormhéire i dtreo bhun na cloiche dúirt sé, “Feictheas dom gur ansin atá beirt aint liomsa curtha. Bhí mé an-óg ag an am ach cuimhním ar an gcloich mhóir sin.” Dúirt sé an méid sin dhe ghlór sách gruama go mba léir ar a thuin gur ghoill áit a n-adhlactha go mór air. Céad faraor géar ach bhí ainbhiosacháinín in éindí leis a lig dhon ghruamacht cosc a chur le ceisteannaí faoi fhios fátha an scéil.

An tAifreann a ceiliúradh thíos ag Dumhach na Leanbh ar an Teach Mór ar an 25 Aibreán a chuir borradh faoi na smaointe seo uilig. Ach dhá dhonacht iad mar smaointe, níor thada iad sin i gcomparáid leis an díobháil intinne agus anama a rinne teagasc na hEaglaise ar na daoine sin ar bhain marbhghin nó bás páiste gan baisteadh leo. Pian mharfach a chuir sé i gcroíthe agus in intinn na máithreachaí, go háirithe. Ní dóigh liom gur thuig, go dtuigeann ná go dtuigfidh an Eaglais - atá forlámhaithe ag fir - intinn, croí agus dúchas na mban. Ní dóigh liom ach oiread gur thuig ná go dtuigeann ‘siad’ an dochar a rinne an briseadh naisc seo idir máthair agus abhras a broinne.

Má táthar ag iarraidh léirthuiscint ar an gcrá a d’fhulaing máithreachaí dhe bharr dearcadh lucht eaglasta, níl le déanamh ach an gearrscéal fada, *An Strainséara*, le Máirtín Ó Cadhain a léamh. Cúigear dhe mharbhghinte a bhí ag Nóra bhocht sa scéal



An Sruthán Buí mar atá sé inniu

truamhéileach seo, rud a d’fhága Micil, a fear, agus í féin gan aon oidhre leis an teach agus an talamh a fhágáil aige/aici. Táire an chreidimh faoi neamhbhaistigh, clabaireacht chruaghéar chomh maith le hainbhíos na gcomharsannaí i ngeall ar an gcreideamh táir sin i dteannta a dtraidisiún, agus místuaim eaglaiseach, ba mhó a chuidigh le Nóra a chur as a céill. Mar mhullach ar an bpeannaid... “*Ar theacht aniar dó dhá tóraíocht, fuair Micil sínté i mbéal an teallaigh í agus a lámh i ngreim sa bpictiúr... (pictiúr beannaithe de Mhuire, Máthair, agus d’Íosa, Mac a mhair)... I solas preabach na coigilte níor léar na roic ina haghaidh agus ba gheall a súile le súile beo...*” Tharla sé agus mé i mo mhac léinn óg, scór bliain d’aois, i gColáiste Mhá Nuad gur scríobh mé aiste fada dar teideal *An Béaloideas i Saothar Mháirtín Uí Chadhain*. Staidéar nuálach a bhí ann mar go dtug mé dúshlán an Chadhnaigh nuair a dúirt sé féin faoi úsáid an



POBAL • EOLAS • ILMHEÁIN • GAEILGE

Lárphointe eolais na Gaeilge ar líne



Nuacht Ghaeilge an Lae

Imeachtaí Gaeilge ar fud na tíre

Folúntais do phoist le Gaeilge

& an-chuid eile!

Tabhair cuairt ar PEIG.ie



Foras na Gaeilge



Breathnú siar ar Dhumhach na Leanbh

bhéaloidis ina shaothar “Is beag leas dháiríre a bhain mé as an rud a dtabharfaí béaloideas anois air” (Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca). Dála an scéil, chuaigh m’aiste thar ardbhallaí foriata an Choláiste amach i ngan fhios dhom ach sin scéal eile. Oíche amháin agus Michael Mholly agus mé féin ar cuairt tigh Antaine John agus Mháire Phete ar an gCnocán Glas, dhírigh Antaine John a dhá ghrinnshúil orm féin. “Léigh mé ar scríobh tú faoin gCadhanach i *Leas*. Tá fhios agat an píosa sin agat faoin scéal “*An Strainséara*”. Bíodh a fhios agatsa gur tharla sé sin. Tá mé in ann ainm a chur ar an mbean sin ach ní chuirfead. Níl sé i bhfad as seo ar chor ar bith an áit a raibh sí ina cónaí”. Mheas mé go dtí sin go mb’í ealaín fhoirfe an Chadhnaigh a chuaigh i bhfeidhm orm le ciapadh dólásach na máthar a chur go croí ionam. Aon abairt amháin ó Antaine John a léirigh dhom gur ciapadh agus gur crádh an mháthair chéasta seo sa saol iarbhír agus í faoi chuing neamhthrócaireach na hEaglaise agus nach raibh le déanamh ag an gCadhanach ach a fhriotail fíorealaíonta féin a chur ar a truamhéil.

Thug ní ba thábhachtaí agus ní ba shinsearaí, ó thaobh ‘stádas agus seasamh’ dhe san Eaglais, cuairt ar Dhumhach na Leanbh ar an Teach Mór ná an ceiliúraí a léigh Aifreann ann ar an 25 Aibreán. Coinníodh a chuairt ann go híseal, phé bith cén fáth. I Lúnasa 2015, sheas prionsa dhe chuid na hEaglaise dhen sloinneadh céanna liom féin thíos ann. Bronnadh pictiúr air dhe Dhumhach na Leanbh a bhí crochta Tigh Mholly mar chuide dhe thaispeántas ealaíne ealaíontóra logánta. Thapaigh mé an deis litir a chur chuige faoina dhearcadh i dtaobh na marbhghinte agus na neamhbhaistíoch.

Measaim go bhféadfadh sé a bheith ar an gcéad phápa eile más uathu coimeádaí a chur i gcathaoir Pheadair i ndiaidh Phroinsias. Níl aon dream ar domhan chomh coimeádach le prionsaí agus le heaspaig Mheiriceá. Le fírinne, thrumpáilfidís Trump féin.

Litir thar a bheith deas óna rúnaí a fuair mé ar ais. I dteannta nithe eile, chuir sé in iúl go ndeachaigh an chuairt i bhfeidhm go mór ar an gCairdinéal agus ar a lucht coimhdeachta. D’úsáid sé an focal ‘prayerful’. Ag tagairt dho mo cheist faoi na marbhghinte agus na neamhbhaistígh, chuir sé béim dheimhneach ar thrócaire Dé sna cásannaí seo agus súil le Dia aige féin, i ngeall ar A thrócaire, go slánófaí iad.

Agus an bhfuil aon athrú ó shin ar thuiscint na hEaglaise Oifigiúla ar an marbhghin agus ar bhás páiste gan baisteadh? Go fíorbhunúsach, ní léir dhom go bhfuil. Nuair a foilsíodh Teagasc Críostaí Nua na hEaglaise Caitlicí, bhain na meáin gaisneas as an scéal nach raibh tagairt ann dho Liombó. Ní raibh ríochan leis an méid de cheannteidil sna meáin faoi go raibh an Eaglais héis fáil réidh le Liombó. Níor lig an dá ghobadán, An Pápa Eoin Pól II ná An Pápa Benedict XVI, a leas ar cairde agus iad ag iarraidh an dá thrá a fhreastal. Dhe réir na beirte, tá “cead” ag na fíreín glacadh leis go bhféadfadh Dia dhe bharr A thrócaire na gasúiríní neamhbhaiste a shábháil agus a shlánú agus san am céanna tá “cead” freisin ag na fíreín glacadh leis go bhféadfadh Dia dhe bharr A thrócaire GAN na créatúir neamhbhaiste a shábháil ná a shlánú. Nach gcuirfeadh sé sin an dubhach ar aon duine beo? ■

Tí Mholly

Scoth an Phionta & Togha an Chomhluadair





MOLSCÉAL



Aip ar fáil anseo



Download on the
App Store



GET IT ON
Google Play

TG4

Toghchán 1969

Bliain Chearta Sibhialta na Gaeltachta

Donncha Ó hEallaithe

Caoga bliain ó shin, bunaíodh Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta i gCois Fharraige. San alt seo cuireann Donncha Ó hEallaithe síos ar an gcaoi a bunaíodh an Ghluaiseacht agus ar an dtoghchán inar sheas Peadar Mac an Iomaire mar iarrthóir ar son Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta.

Ag cruinniú poiblí a tionóladh i mí na Márta 1969 i Seanscoil Sailearna, bunaíodh Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta, eagraíocht radacach, le haidhmeanna radacacha uaillmhianacha faoi cheannas glún óg a raibh oideachas orthu agus iad misniúil.

I nGaeltacht Chonamara bhí glún óg muiníneach tagtha in inmhe ag deireadh na seascaidí. Bhí oideachas orthu, a thug deis dóibh fanacht sa mbaile seachas dul ar imirce, ach theastaigh caighdeán maireachtála níos fearr uathu. Ag an am ní raibh uisce reatha sna tithe i gCois Fharraige mar shampla, agus bhí na bóithre go dona. Picéid agus agóidíocht an modh oibre a bhí ag an eagraíocht nua, mar a bhí sa bhfairsing i measc an ghlún lenar bhain siad ar fud an domhain. Bhíodar réidh le dúshlán a thabhairt do na húdaráis.

Fianna Fáil a bhí i réim i nGaeltacht Chonamara. Dá mbeadh bóthair le deisiú, nó céibh le déanamh, nó scéim uisce le ceadú nó cead pleanála le fáil trí Mír 4 is faoi Fhianna Fáil a fhágtaí an cheist ag súil leis go mbeadh an Comhairleoir Contae nó an Teachta Dála áitiúil in ann an cás a réiteach. B'shin an córas cumhachta, bunaithe ar fhabhar, a choinnigh Fianna Fáil i réim. Ach, má bhí an chumhacht ag Fianna Fáil, nach ar an bpáirtí agus a chuid ionadaithe a bhí an locht go raibh ceantar Chonamara fágtha ar an ngannchuid, gan seirbhísí bunúsacha ar nós uisce reatha agus gan mórán fostaíochta ann a choinneodh daoine sa mbaile?

Bunú Chumann Forbartha Chois Fharraige ar an gCnoc i 1966, an chéad dúshlán a tugadh do chóras an fhabhair. Bhí an Cumann Forbartha in ann brú díreach a chur ar an státchóras, neamhspleách ó na Teachtaí Dála agus na Comhairleoirí áitiúla. Ní hiontas ar bith go raibh baint mhór ag baill an Chumann Forbartha le bunú Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta.

An Picéad ar Theach Furbo

Fógraíodh sa gCuradh Connachtach go mbeadh an clár *Quicksilver* á thaifead ag Teilifís Éireann i dTeach Furbo (Óstán Chois Fharraige mar atá anois air) ar an 18 Márta 1969. Rith an smaoineamh le hUachtarán Chonradh na Gaeilge, Maolsheachlainn Ó Caollaí, go mba cheart picéad a chur ar an óstán. Rinne Peig Ní Choincheanainn ó Sháile Chuanna (beanchéile Mhaolsheachlainn ina dhiaidh sin), agus a bhí ar Choiste Gnó an Chonartha, teagbháil le Pádraig Ó Coincheanainn, fear a bhí bainteach le Cumann Forbartha Chois Fharraige agus le hEagras na Gaeltachta. Tugadh cruinniú beag le chéile deireannach san oíche i dteach athair Pheig ag a raibh Tomás Ó Ráighne, Peadar Mac an Iomaire agus Pádraig Ó Coincheanainn ó Chumann Forbartha Chois Fharraige i láthair, chomh maith le Peig í féin agus Uinsionn Ó hArdagáin, timire le Conradh na Gaeilge. Beartaíodh an picéad a chur ar *Quicksilver*.

Ba dheacair picéad a eagrú ag an am. Ní raibh fón baile ag mórán, gan caint ar fhón póca ná idirlíon. Thaisteal Pádraig Ó Coincheanainn agus Peig thart ar dhaoine i gConamara, ag iarraidh orthu dul ar an bpicéad taobh amuigh de Theach Furbo. Cé go raibh an aimsir uafásach idir gaoth agus báisteach leanúnach, bhí thart ar 70 duine ar an bpicéad.

Scaipeadh bileog, réitithe ag an gConradh, ag míniú go raibh an picéad eagraithe ag 'muintir Chois Fharraige agus Chonradh na Gaeilge ar son cearta mhuintir na Gaeltachta mar phobal agus i gcoinne gníomhaíochtaí, ranna agus forais stáit atá ag brú Béarla mar phríomhtheanga ar mhuintir na Gaeltachta'.

D'éirigh le ceathrar fáil isteach - Joe Steve Ó Neachtain, Seosamh Ó Cuaig, Timín Joe Tim Ó Curraidhín agus an fonnadóir Tomás Ó Neachtain. Shuigh siad sa lucht éisteachta gur thosaigh an clár. Joe Steve a sheas suas i dtosach ag cur isteach ar fhear

Gréasán na Meán

Skillnet

Ceann de Ghréasáin foghlama Skillnet Ireland is ea Gréasán na Meán Skillnet. Gréasán meán cruthaitheach muid atá ar fáil le traenáil agus uasoiliúint a thairiscint, a fhoinsiú, a thacú agus a pháirtmhaoiniú san áit agus ag an am a dteastaíonn sé uait.

Beidh treoir le fáil agat faoi aon riachtanais, ceisteanna nó roghanna maoinithe atá ar fáil ón gcur chuige solúbtha cuimsitheach atá againn agus ónár bhfoireann eolasach. Tabharfaimid cabhair duit ar aon bhealach is féidir linn, chun a chinntiú go mbainfear amach na torthaí is fearr duit féin, dod fhoireann agus dod ghnó.

Tar chun cainte linn féachaint céard a bheidh muid in ann a bhaint amach le chéile.

Tuilleadh eolas: 091 558400 r-phoist: info@greasannamean.ie
www.greasannamean.ie

Tá Gréasán na Meán Skillnet cómhaoinithe ag Skillnet Ireland agus ag ballchuideachtaí. Tá Skillnet Ireland maoinithe ón gCiste Náisiúnta Oiliúna tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna.



Gréasán na Meán is co-funded by Skillnet Ireland and member companies. Skillnet Ireland is funded from the National Training Fund through the Department of Education and Skills.



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills





An picéad taobh amuigh de Theach Furbo, ar an 18 Márta 1969, nuair a bhí an clár Quicksilver á thaifeadadh. [Le caoinchead ón gCuradh Connachtach]

na gceisteanna, Bunny Carr. Ansin labhair Timín Joe Tim. Cuireadh fios ar na Gardaí. Dúirt Seosamh Ó Cuaig go n-imeoidís amach go síochánta as a stuaim féin, os rud é go raibh an pointe déanta acu agus shiúil an ceathrar amach le castáil leis an ngrúpa ar an bpicéad, a bhí fliuch báite faoin am seo.

Ón mbosca fóin ar an Spidéal, d'éirigh le Peig Ní Choinceanainn ráiteas a chur chuig na nuachtáin agus tugadh poiblíocht náisiúnta don phicéad an chéad lá eile. Foilsíodh litir ó Sheosamh Ó Cuaig ar an *Irish Times* ar an 24 Márta, 1969, faoin teideal 'Quicksilver' a chríochnaigh leis an abairt: "Agus daoibhse, a chairde dílse, idir shagairt, dhochtúir, fhir agus mhná a d'fhan go dtí an deireadh faoin doirteadh báistí; níl anseo ach tús." B'fhíor dhó.

Bunú na Gluaiseachta

Sular scaip lucht an phicéid, socraíodh cruinniú a thabhairt le chéile an Domhnach dár gcionn, 23 Márta, i Scoil Náisiúnta an Chnoic, Seanscoil Sailearna anois. Bhí an áit pacáilte¹. Peadar Mac an Iomaire a bhí sa gcathaoir agus socraíodh Gluaiseacht Chearta Síbhialta na Gaeltachta a bhunú.

B'as Paróiste an Chnoic na hoifigigh a roghnaíodh: Peadar Mac an Iomaire, Ruaidhrí Ó Tuathail, Pádraig Ó Coincheanainn, Tomás Ó Ráighne, Joe Steve Ó Neachtain agus Maidhc Beag Ó Fátharta. Roghnaíodh

na hionadaithe seo a leanas: Joe Sheáinín Ó Tuairisg (Carna - an áit a raibh cónaí air ag an am); Seosamh Ó Cuaig (Cill Chiaráin); Tomás Ó Conaire (Ros Muc); Josie Ó Giobúin (Camas); Coilmín Tom Ó Donncha (Tír an Fhia); Ruairí Ó Conchúir (Leitir Móir); Willy Pháidín Mac Donncha (An Cheathrú Rua); Micheál Mac an Iomaire (Ros an Mhíl) agus Pádraig Willy Mac Donncha (Na Mine). Ní raibh aon duine ainmnithe ón Spidéal, ó Leitir Mhealláin ná ó na Forbacha, do réir mo thuisceana.

Aidhmeanna na Gluaiseachta

Socraíodh cruinniú eile a thabhairt le chéile i nDoire an Fhéich ag ar socraíodh na haidhmeanna seo a bheith ag an ngluaiseacht nua:

1. Údarás Áitiúil Pleanála agus forbartha le freastal ar Ghaeltacht Chonamara, na baill tofa go daonlathach.
2. Cosc a chur le hImirce.
3. Deireadh le díol mhaoin an phobail go neamhshrianta le fiontraíthe.
4. Aistriú cheanncheathrú na n-eagras Gaeilge go dtí an Ghaeltacht.
5. Tabhairt ar ais na gceart iascaireachta – farraige agus intíre – don phobal.
6. Plean cuimsitheach oideachais don cheantar.
7. Mionscrúdú a dhéanamh ar an bplean 'Iosrael in Iar-Chonnachta'.²

1 Tuairiscíodh sa nuachtán INNIU go raibh 90 duine i láthair.

2 Básmaoineamh 'Iosrael in Iar-Chonnachta', acuireadh os comhair an phobail don chéad uair in alt scríobh Deasún Fennells abhfhorlíonadh speisialta a d'fhoilsigh an *Irish Times* ar an 21 Eanáir 1969, i gcuimhne ar tionól na Chéad Dála 50 bliain roimhe sin. San alt, dúradh go raibh teipthe ar Athbheochan na Gaeilge oiread is sráid amháin i mBaile Átha Cliath a iompú ar an nGaeilge agus ba é an rud



Seirbhís iomlán raidió do
phobal Chonamara
Seacht lá na Seachtaine

Nuacht agus cúrsaí reatha, siamsaíocht,
ceol, spórt, aifreann, fógraí ...



rte.ie/rnag |  @RTERnaG |  /RTERnaG
t +353 91 506677



An Coimisinéir Teanga



www.coimisineir.ie

An Spidéal, Gaillimh, Éire

FÓN: 091 504 006 / 1890 504 006

RÍOMHPHOST: eolas@coimisineir.ie

 [@ceartateanga](https://twitter.com/ceartateanga)

Ag cosaint cearta teanga

8. Stáisiún raidió do Ghaeilgeoirí na tíre ar fad sa Ghaeltacht.

Scaipeadh bileog le liosta na n-aidhmeanna taobh amuigh de na séipéil i gConamara. Seosamh Ó Cuaig agus Ruaidhrí Ó Tuathail, na hainmneacha a cuireadh ar an mbileog a scaipeadh.

Bhí grúpa tacaíochta láidir ag an ngluaiseacht nua i mBaile Átha Cliath: Mary Ann Val Ní Fhlathartaigh ón gCeathrú Rua, na deartháireacha Ruaidhrí agus Seán Ó Tuairisg ón Lochán Beag; Cian Ó hÉigeartaigh agus a dheirfiúr Aoileann; Caitlín Maude ó Ros Muc; Treasa Ní Loideáin ó Roisín na Mainiach agus an scríbhneoir agus an poblachtánach, Máirtín Ó Cadhain.

Briseadh leis an gConradh

Bhí Uachtarán Chonradh na Gaeilge, Maolsheachlainn Ó Caollaí, i láthair ag an gcruinniú ag ar bunaíodh an Ghluaiseacht i Scoil an Chnoic ach go gairid ina dhiaidh sin fuair sé litir ó Ruaidhrí Ó Tuathail, Rúnaí na Gluaiseachta, a thug le fios nach mbeadh aon fháilte roimhe a thuilleadh ag ócáidí ná ag cruinnithe de chuid na heagraíochta. Conradh na Gaeilge ba chúis le heagrú an phicéid ar Theach Furbo, as ar eascair bunú na gluaiseachta nua, ach briseadh an nasc leis an gConradh, ar eagla go gceapfaí nach raibh sa nGluaiseacht ach eagraíocht Ghaeilge, mar a soiléiríodh go poiblí i litir a foilsíodh sa Churadh Chonnachta faoin teideal 'Civil Rights and Gaelic League'.³

D'éirigh leis an nGluaiseacht raidhse poiblíochta ar an gclár teilifíse FÉACH, sa dá nuachtán seachtainiúil Gaeilge, INNIU agus AMÁRACH, ar an iris COMHAR ach chomh maith le sin sna nuachtáin náisiúnta.

Toghchán 1969

Glaodh olltoghchán mí na Bealtaine 1969 agus shocraigh an Ghluaiseacht iarrthóir a chur chun cinn, Peadar Mac an Iomaire ón gCnoc. Thug an toghchán deis íontach don Ghluaiseacht aird náisiúnta a tharraingt ar na éilimh agus na gearáin a bhí ag dó na geirbe den ghlún óg radacach i nGaeltacht Chonamara. Nuair a fógraíodh an toghchán bhí an

a bhí le déanamh, dar leis, ná saol nua-aimseartha trí Ghaeilge a chruthú i nGaeltacht Chonamara, mar a rinne na Giúdaigh sa bPailistín. Le seo a chur i gcrích, bunaíodh eagraíocht ar a tugadh 'Iar-Chonnachta 1985' ar a raibh Seosamh Ó Cuaig ina Rúnaí ach níor mhair an eagraíocht ach bliain. Cé go raibh aitheantas tugtha don phlean 'Iosrael in Iar-Chonnachta' i measc aidhmeanna na gluaiseachta, is mó naimhdis ná tacaíochta a fuair Fennell ó bhaill na Gluaiseachta ag cruinnithe a eagraíodh leis an bplean a mhíniú.

3 Ainmneacha Ruaidhrí Ó Tuathail agus Seosamh Ó Cuaig a bhí leis an litir, 'thar ceann na gluaiseachta'. Bhí cúig phointe liostáilte a thug le fios (i) nach raibh Conradh na Gaeilge 'in any way tied to the Gluaiseacht and in no way influences the actions or policies of the Gluaiseacht'; (ii) nach eagraíocht eile Gaeilge é an Ghluaiseacht ach eagraíocht atá ag plé le pobal na Gaeltachta 'as a community'; (iii) go raibh ionadaithe na gluaiseachta, seachas duine amháin, ina gcónaí sa Ghaeltacht; (iv) gurb í an Ghaeilge teanga oibre na Gluaiseachta agus (v) cé go bhfuil bileoga na Gluaiseachta i nGaeilge, ní eagraíocht Ghaeilge í."

4 Níl sé soiléir cé a smaoinigh ar Pheadar Mac an Iomaire mar iarrthóir, ach aimsir na Cásca '69 tháinig daoine chuige, Seán Ó Tuairisg ón Lochán Beag ina measc, ag iarraidh air seasamh san olltoghchán nach raibh fógartha fós. Seans gurbh é Ó Cadhain a d'iarr ar Ó Tuairisg ceist a chur ar Pheadar seasamh. Do réir tuairisce san Irish Times (31 Márta 1969) bhí Misneach den barúil go mba cheart d'iarrthóirí dul san iomaíocht in aghaidh Fhianna Fáil san olltoghchán, mar a bhí molta ag Ó Cadhain sa phainfléad Irish Above Politics [1964].

Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta AIDHMEANNA

1. Udarás áitiúil pleanála

agus forbartha d'íarchonnachta—Gaeltacht Chonamara —ar a mbeidh baill tofa as gach ceantar.

Tuigimid go bhfuil fadhbanna sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha ag an gceantar seo nach bhfuil ag an gcuid eile den chontae agus gur údarás áitiúil is fearr a láimhseodh iad.

2. Cosc a chur leis an imirce

—tá laghdú 5,000 tagtha ar líon mhuintir íarchonnachta le 10 mbliana anuas agus creidimid nach bhfuil iarracht shásúil déanta ag na húdaráis chun an fhadhb scannalach seo a leigheas.

3. Deireadh le díol mhaoin an phobail

go neamhsrrianta le fiontraithe, mar go bhfuil leas an chomhiuadair níos tábhachtaí ná ábharachas an duine phríobháidigh.

Ina theannta sin, nach gcaithfí airgead sáit ar an dream seo atá ag cabhrú le creimeadh an tsaoil Ghaelaigh.

4. Aistriú cheanncheathrú na n-eagras

Gaeilge go dtí an Ghaeltacht—thiar, thuaidh nó theas.

5. Tabhairt ar ais na gceart iascaireachta—

farraige agus intíre—don phobal i gcoitinne, mar is dual.

6. Plean cuimsitheach oideachais

don cheantar a sholáthróidh dá riachtanais.

7. "Iosrael in íarchonnachta"—

mionscrúdú a dhéanamh ar an bplean seo.

8. Stáisiún raidió do Ghaeilgeoirí

na tíre ar fad sa Ghaeltacht.

Arna shíniú thar ceann na Gluaiseachta ag:

SEOSAMH Ó CUAIG,
RUAIDHRÍ Ó TUATHAIL.

FIN-MAYO NEWS.

An Cháipéis Bhunaidh

réamhobair déanta cheana le Peadar Mac an Iomaire a ainmniú mar iarrthóir le seasamh i nGaillimh Thiar.⁴

Bhí Peadar 24 bliain d'aois ag an am agus ag múineadh sa nGairmscoil i dTuaim, baile ina raibh roinnt eile de cheannairí na Gluaiseachta ag teagasc chomh maith. An-iarrthóir a bhí ann: ina Rúnaí ar Chumann Forbartha Chois Fharraige; ina chathaoirleach bunaidh ar Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta; cainteoir poiblí cumasach

Fáilte go Coláiste Lurgan



Gaeilge gan dua
i gceartlár na Gaeltachta

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón 091 593182

Tigh Cualáin

Teach Ósta & Lóistín

Coill Rua,

Indreabhán,

Co. na Gaillimhe.

Fón: +353 91 553609

tichualain@gmail.com

www.tighchualain.com



a bhí ábalta a chuid argóintí a chur os comhair an phobail agus bhí an sloinne céanna aige le Joe Mór Mac an Iomaire, Comhairleoir Chontae ó cheantar Ros an Mhíl, a fuair bás tobann ag cruinniú den Chomhairle Chontae, i dtús an Aibreáin 1969⁵. An lá a fógraíodh an toghchán, bhí cruinniú an oíche chéanna ag baill na gluaiseachta le tús a chur leis an bhfeachtas toghchánaíochta ba spéisiúla i gConamara ó 1919. Chuir an sagart áitiúil, an tAthair Seán de Bláca, a ainm le foirm ainmniúcháin Pheadair.

An Feachtas Toghchánaíochta

Thug Dónall Ó Móráin, Ceannasaí Gael Linn, seic £200 dóibh le haghaidh an fheachtais agus d'íoc Gael Linn as póstaí a phriontáil. Cuireadh Coiste Tacaíochta ar bun i mBaile Átha Cliath ar a raibh Máirtín Ó Cadhain, Seán Ó Laighin agus Seán Ó Tuairisg ina rúnaithe air. San iris Comhar (Meitheamh 1969), iarradh ar léitheoirí tacaíocht a thabhairt do Pheadar le síntiús a thabhairt agus iarradh ar dhaoine dul siar le cabhrú leis an bhfeachtas, rud a rinne go leor⁶.

Bailíodh idir £500 agus £600 isteach mar shíntiúis, an chuid is mó de i mBaile Átha Cliath. Ba mhór an méid é, mar a chéile le thart ar €10,000 in airgead 2019. Deireadh seachtaine amháin, tháinig an sean-phoblachtánach Peadar O'Donnell go Cois Fharraige in éindí le Máirtín Ó Cadhain le comhairle a thabhairt faoin mbealach ab fhearr le croí a chur sa bhfeachtas agus le canbhásáil a dhéanamh go héifeachtach.

Chuir an tAthair Ó Móráin Halla na Tulaí ar fáil saor in aisce le húsáid mar cheanncheathrú an fheachtais i gConamara agus osclaíodh oifig i nGaillimh i Sráid Doiminic. Déanadh canbhásáil cuimsitheach i nGaillimh, faoi stiúir Joe Mc Garry⁷ ó Mhaigh Eo agus faoi Frank Flannery⁸ ó Bhaile Átha an Rí. Chabhraigh sé le Peadar nach raibh aon iarrthóir ag Sinn Féin i dtoghchán '69. Ní dhearna sé aon dochar ach an oiread go raibh Fursey Breathnach⁹ sásta a thacaíocht a thabhairt.

'Gaillimh Thiar'

Sna chúig pointe a bhí luaite ina bhileog toghcháin ag Mac an Iomaire, ní raibh aon chaint ar an nGaeilge, beag ná mór. 'Obair sa mbaile'; 'Tithe do chuile dhuine'; 'Cearta Uisce agus Talamh'; 'Seirbhís Sóisialta Ceart gan Fábhar'; agus an ceann ba thábhachtaí 'Údarás Forbartha agus Pleanála do Chonamara'. Ní raibh 'Stáisiún Raidió do Ghaeilgeoirí' luaite ná 'Aistriú cheanncheathrú na nEagras Gaeilge go dtí an Ghaeltacht', dhá aidhm a bhí ag Gluaiseacht Chearta

5 Fuair Joe Mór 1,640 vóta i nGaillimh Thiar nuair a sheas sé in olltoghchán 1961 le geansaí Chlann na Poblachta air. Bhí smeadar gaoil aige le Peadar Mac an Iomaire.

6 I measc na ndaoine a chuaigh siar bhí Alan Titley, Séamas Ó Tuathail, Seán Ó Beacháin, Pádraig Ó Snodaigh, Seán Ó hÉalaí chomh maith leis an Ollamh Máirtín Ó Cadhain.

7 Bhí Joe Mac Garry ina Príomhoide ina dhiaidh sin ar Ceardcholáiste Thrá Lí.

8 Bhí Frank Flannery ina chomhairleoir polaitíochta ar feadh na mblianta le Fine Gael ag leagan amach stráitéis toghchánaíochta dóibh.

9 Bhí ardmheas ar Fursey Breathnach i gCathair na Gaillimhe mar geall ar a chuid oibre leis na ceardchumann sna monarchain nua i nGaillimh. Ba mac é le Michael Walsh, The Old Malt, a mharaigh na Dúchrónaigh i nGaillimh 1920.

Cumann Cearta Sibhialta na Gaeltachta

CRUINNÍÚ MÓR POIBLÍ

i

SCOIL AN CHNUIC, COIS FHARRAIGE

DÉ DOMHNAIGH, 23—3—1969

ag a 3.00 p.m.

CEARTA DAONNA

- (1) Saothrú a chur ar fáil ins an mbaile.
- (2) Nach stopfadh do dhul chun cinn do chuid dole ort.
- (3) Scéim Uisce.
- (4) Strainséaraí ag fáil urláimh ar a bhfuil fanta ins an nGaeltacht.
- (5) Caitheamh Aimsire tré Ghaeilge.
- (6) Polasaí Gaeilge R.T.E.
- (7) Aibhne, Locha agus Géim ag Eachtrannai.
- (8) Téacs leabhra Gaeilge a bheith i Scola na Gaeltachta.
- (9) Suim Eagraisí Gaeilge a mhúscailt ins an nGaeltacht.
- (10) Daoine saibhir ag fáil níos saibhre, Daoine bochta mar a chéile.

Bí Linn. Muid Féin a Chéile.

An bhileog a scaipeadh faoin gcruinniú poiblí i Scoil an Chnuic ar an 23 Márta 1969, ag ar socraíodh Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta a bhunú

Sibhialta na Gaeltachta!

Ar an *Irish Times* (13 Meitheamh 1969), foilsíodh alt faoin toghchán i nGaillimh Thiar, scríofa ag Michael Heney. Bhí 75% den alt dírithe ar fheachtas Mhic an Iomaire. "Mac an Iomaire himself is a slightly paunchy 24, a fresh faced, almost cherubic, native speaker, who teaches in Tuam and drives an ancient Volkswagen.....Enthusiasm is certainly not lacking in this campaign," a scríobh sé. Dúirt sé go raibh samhlaíocht ag an bhfeachtas, mar shampla an teileagram a sheol Mac an Iomaire chuig an Taoiseach ag iarraidh 'free transport for those emigrants in Britain who wish to return to vote....'

Foilsíodh alt fada ó pheann Máirtín Uí Chadhain faoin bhfeachtas toghchánaíochta i gComhar (Lúnasa, 1969) faoin teideal ‘Gaillimh Thiar’. Is léir ón méid a scríobh Ó Cadhain go raibh neart oibrithe ar fáil sa bhfeachtas ach gan mórán eagair orthu.

Eachtra na dTairní roimh charr an Taoisigh

Do réir mar a bhí an feachtas ag dul ar aghaidh bhí sé ag fáil níos binbí agus níos nimhní idir lucht tacaíochta an Teachta Johnny Geoghegan (FF) ó Charna agus lucht tacaíochta Mhic an Iomaire. “Stróic plandóg d’iníon le Johnny Geoghegan¹⁰ ár gcuid bileogaí as comhair an phobail taobh amuigh de shéipéal Charna,” a scríobh Ó Cadhain san alt úd i gComhar.

Nuair a tháinig an Taoiseach, Jack Lynch, chomh fada leis an gCeathrú Rua, bhí slua breá de lucht tacaíochta Fhianna Fáil ann le fáilte a chur roimhe. Ach ní thabharfadh grúpa ó Chearta Sibhialta cead cainte dhó go dtí go bhfreagródh sé roinnt ceisteanna a bhí scríofa amach ar phíosa pháipéir a bhí ag Joe Steve Ó Neachtain¹¹. Ba í an chéad cheist a bhí ar an liosta ná “Cén fáth ar fhág 5,000 duine an áit ó 1956?” Ach ba é scéal na dtairní roimh charr an Taoisigh, Jack Lynch, ar an mbóthair gar go maith don áit a bhfuil ceanncheathrú TG4 anois is mó a tharraing aird ar an bhfeachtas go náisiúnta agus droch-chlú ar na Cearta Sibhialta go háitiúil.

Seo an cur síos a bhí ag Ó Cadhain eachtra na dtairní: “Ag Droichead na Tulaí, pas cúng den bhóthar, a rinne duine, ar a údarás féin amháin, na tairní a spré.... Spré sé na tairní nuair a chonaic sé an chóisir charrannaí aniar chuige ag an gcrosbhóthar.... Cho luath is a chrap an chóisir leo soir ar a n-aistir aríst bhí sé amuigh ar an mbóthar nó gur scuab sé an bhrat tairní den bhóthar le fána síos sa bhfiodán. Ní fhéadfaidís aon charr eile a lot.”

An Domhnach dár gcionn, taobh amuigh de Shéipéal Ros a’ Mhíl áit a raibh duine de na Cearta Sibhialta ag caint ar son Mhic an Iomaire, tá sé ráite gur dhúirt bean leis, ‘Níl sibh Ceart agus níl sibh Sibhialta’. Is ar ‘eilimintí de chuid Shinn Féin’ a ghlac páirt sa bhfeachtas, a chuireann Mac an Iomaire an locht.

Níorbh é sin an t-aon rud a cuireadh i leith na Gluaiseachta le linn an fheachtais. Cuireadh ráfla amach an tráthnóna roimh an vótáil go raibh Johnny Geoghegan, iarrthóir Fhianna Fáil, caillte¹². Chreid Peadar Mac an Iomaire é féin an scéal ar feadh píosa agus is beag nach ndeachaigh sé siar go Carna lena bhás a chású lena bhean chéile. Cuireadh



Peadar Mac an Iomaire ar ‘Fish-In’ a d’eagraigh Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta ar Abhainn Chasla, Luan Cásca 1969, go gairid théis bhunú na heagraíochta. Ba e Peadar an chéad Chathaoirleach a bhí ar an nGluaiseacht. [Buíochas do Mhaolsheachlainn Ó Caollaí]

i leith Fhianna Fáil gur scaipeadh litir thart i gCois Fharraige ó Roinn na Gaeltachta ar lá an toghcháin féin ag tabhairt le fios go raibh airgead mór á cheadú le caitheamh ar Chéibh Ros an Mhíl agus go raibh ardú fógartha ag Roinn na Gaeltachta sa deontas do na mná tí a bhíodh ag coinneáil scoláirí sna Coláistí Gaeilge.

Tar Éis an Toghcháin

Nuair a hosclaíodh na boscaí i mBeairic na Rinne Móire lá an chomhairimh bhí 1,522 vóta ag iarrthóir na gCearta Sibhialta, é sa gcúigiú áit as naonúr le 6.4% den vóta. Ní raibh ag Michael D. Higgins, a bhí ag seasamh le Páirtí an Lucht Oibre ach 1,174 vóta. I gConamara Theas is mó a fuair sé vótaí, ar ndóigh. Seo é an briseadh síos a thug Peadar dom le gairid ó bharr a chinn ar na vótaí a fuair sé i gConamara Theas: Bearna 25; Na Forbacha 36; An Spidéal 110; An Cnoc 193 as 300; An Tulaigh 88; Ros an Mhíl 67; An Cheathrú Rua 93, Tuairín 60. Is beag an vóta a fuair sé i Leitir Móir ach bhí vóta maith aige i dTír an Fhia, áit a raibh col ceathar lena athair agus col seisear leis féin

10 Máire Geoghegan-Quinn atá i gceist ag Ó Cadhain. Bhí sí thart ar 18 mbliana déag ag an am.

11 Seo a leanas an cur síos atá ag Joe Steve Ó Neachtain ar an lá úd ar tháinig Jack Lynch ar an gCeathrú Rua, san aiste ‘An Modh Díreach’ sa leabhar, *Ag Caint Linn Fhéin* (CIC, 2013): ‘Dhiúltaigh muid cead cainte a thabhairt dó fhéin nó do Theachtaí Dála áitiúla, a bhí go láidir i rialtas ag an am, nó go bhfreagróidís ceisteanna i dtaobh riachtanaí áitiúla ar dtús. Deich gceist a bhí scríofa chomh soiléir leis na deich n-aitheanta ar pháipéar dhóibh. Dhiúltaigh siad aon aitheantas a thabhairt dár n-iarratas agus dhiúltaigh muidne dá réir, cead a gcomhairle fhéin, a thabhairt dhóibhsean. Ar ndóigh, nádúrtha go maith, chuir an beart seo olc ar go leor de lucht leanúna an pháirtí, go háirithe nuair a cuireadh tairní felt ar an mbóthar roimh carr an Taoisigh ar a bhealach abhaile agus tolladh na boinn’.

12 Ráfla inchreidte a bhí ann mar gur tharla sé cheana i gConamara gur bhásaigh Theachta Dála de chuid Fhianna Fáil ón gCeathrú Rua, John Keane, an lá roimh an vótáil i 1948 agus gur coinníodh an scéal ina rún go raibh an toghchán thart. Go dtí an lá atá inniu ann, níl fhios cé a tháinig aníos leis an smaoineamh ach cuireadh an locht ar Ghluaiseacht Cearta Sibhialta.

ag canbhásáil dhó. Is beag a bhí aige in Inis Mór ach fuair sé 40 vóta in Inis Oírr agus 36 in Inis Meáin, do réir na dtealaithe a coinníodh ag an am.

Is cinnte gur chroith feachtas Mhic an Iomaire Fianna Fáil ach aisteach go leor níor chaill an páirtí tacaíocht i nGaillimh Thiar cé gur laghdaigh vóta an pháirtí go náisiúnta. Fine Gael is mó a chaill tacaíochta i nGaillimh Thiar. Ach thit vótaí Johnny Geoghegan, iarrthóir Fhianna Fáil i gConamara, ó 6,982 i 1965 go dtí 4,923 i 1969. As an 1,738 vóta a bhí ag Peadar nuair a cuireadh as an rása é, gan aon iarrthóir ó Fhianna Fáil fágtha, d'aistrigh 485 vóta ag Coogan (FG), 251 ag Mannion (FG) agus 283 ag Tierney (Lab). Bhí 729 nár aistrigh ag duine ar bith, vótaí ó phoblachtánaigh agus ó lucht Fhianna Fáil, nach mbeadh sásta vóta a chaitheamh d'aon cheann de na páirtithe.

Tar éis an toghcháin ceapadh Bobby Molloy agus Johnny Geoghegan ina nAirí Sóisearach sa rialtas. Dúirt John Healy, an comhfhreagraí polaitiúil ag an *Irish Times* go mba cheart do Bhobby Molloy agus Johnny Geoghegan a bheith buíoch do Chearta Sibhialta na Gaeltacht faoina gcuid ceapachán¹³. Is

cinnte gur chaill Peadar Mac an Iomaire tacaíocht áirithe de bharr an bhealaigh nár tugadh cead cainte don Taoiseach, Jack Lynch, ar an gCeathrú Rua agus de bharr na dtairní a scaipeadh ar an mbóthair roimh a charr. Ar an dtaobh eile den scéal, baineadh amach poiblíocht náisiúnta don Ghluaiseacht agus tarraingíodh aird na meán ar fhadhbanna Chonamara, de bharr na dtairní.

Tar Éis an Toghcháin

Tá an cuma ar an scéal gur ghlac Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta sos beag tar éis an toghcháin. Is beag eile a tharla sa darna leath den bhliain. I mí Lúnasa 1969, ionsaíodh ceantair náisiúnacha i nDoire agus i mBéal Feirste. Thaisteal Seosamh Ó Cuaig agus Deasún Fennell go Doire, tar éis do mhuintir Thaobh an Bhogaigh an RIC a choinneáil amach. Is ansin a chonaic siad *Raidió Free Derry* i mbun oibre. B'shin an inspioráid don chéad mhórfheachtas eile de chuid Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta, Saor Raidió Chonamara a chur ar an aer le linn na Cásca 1970. Beidh trácht ar sin i mBISEACH 2020. ■



I mbun feachtasaíochta don Olltoghchán 1969, ó chlé tá Máirtín Ó Cadhain, Peadar Mac an Iomaire, Frank Flannery agus Seán Ó Tuairisg

¹³ Seans go raibh an t-ardú céime ag dul do Bhobby Molloy ar aon chaoi, mar pholaiteoir óg cathrach den chéad ghlún eile, a chruthaigh go maith mar Aire Rialtais. Glactar leis gur ardaíodh Johnny Geoghegan le greim a choinneáil ar shuíochán Fhianna Fáil i gConamara.

Líon Scoláiri i Scoileanna Chois Fharraige 2019-2020

Máire Ní Fhlathartaigh a bhailigh an t-eolas

Scoil Cholm Cille, Ros an Mhíl

Príomhoide: Síle Ní Con Iomaire
Líon ar rolla: 53
Líon a d'fhág: 6
Líon a thosaigh: 5 (naíonáin bheaga) + 3 eile
Líon i Rang a Sé: 8

Scoil Sailearna, An Cnoc, Indreabhán

Príomhoide: Fearghas Mac Lochlainn
Líon ar rolla: 200
Líon a d'fhág: 19
Líon a thosaigh: 28
Líon i Rang a Sé: 23

Scoil Cholm Cille, An Tulaigh

Príomhoide: Úna Ní Dhireáin
Líon ar rolla: 104
Líon a d'fhág: 15
Líon a thosaigh: 11 (naíonáin bheaga) + 4 eile
Líon i Rang a Sé: 14

Scoil Éinne, An Spidéal

Príomhoide: Pádraigín Ní Lionnáin
Líon ar rolla: 208
Líon a d'fhág: 20
Líon a thosaigh: 19
Líon i Rang a Sé: 31



Aran Island Ferries Teo.

Cladhnach, An Cheathrú Rua (091) 572273
Oifig i Ros a' Mhíl (091) 572050
Oifig i nGaillimh, 37/39 Forster St.

Seirbhís go hOileáin Árann ar feadh na bliana

M.V. Draíocht na Farraige
M.V. Glór na Farraige
M.V. Banríon na Farraige
M.V. Ceol na Farraige



**Gach rath agus beannacht ar
BISEACH 2019**

Éamon Ó Cuív T.D.

*Oifig Dáilcheantair, Sráid Tobar an Iarla, Gaillimh
Constituency Office, Flood Street, Galway*

Fón / Phone: 091 562846
Ríomhphost / Email: eamon.ocuiv@oireachtas.ie
www.eamonocuiv.ie



An Chreach Oileáin

Mártan Ó Ciardha

Tá chuile sheans ann dá gcuirfeá ceist ar bhuachaillí Rang 5 & 6 i scoil bhreá nua Sailearna na laethanta seo céard é nó cá bhfuil an Chreach Oileán gur beag acu a bheadh in ann tú a fhreagairt agus is cuma sin. Ach ba mhór i gceist é agus mise i mo mhalrach sna ranganna céanna sa seanscoil fadó. Ní hí an ceann a leagadh faoi éint an chinn nua seo atá i gceist agam ach an oiread, ach an seanscoil a bhíodh taobh le caidéal an uisce agus leis an bpinniúr liathróide láimhe. Tá siad siúd imithe anois, ach buíochas le Dia agus leo siúd a thuig go mba cheart sin a dhéanamh, tá foirgneamh na seanscoile ina sheasamh i gcónaí agus bail i bhfad níos fearr air ná nuair a bhí mise inti.

Fágfaidh muid an Chreach Oileáin i leataobh go fóilleach mar i dtús báire ba mhaith liom a mhíniú go raibh na buachaillí a shuigh taobh liomsa i seanscoil Sailearna fadó chomh fiáin céanna ag an bpeil agus atá ógánaigh an lae inniu. Ag an am sin ní raibh Cumann Mhicheál Breathnach athbhunaithe, ní raibh aon pháirc sa bparóiste, ní áirím i ngaobhar na scoile. Ní raibh ina thimpeall siúd ach clós beag nach raibh ribe amháin féir air. Níos measa fós, bhí gleann mór domhain ar an gcloigeann thoir dó ag an teorainn idir é agus clós na gcailíní, a raibh an taobh sin den scoil fúthu.

Dá mbeadh cead an pheil a imirt inti mar is cóir, thabharfadh cic láidir an liathróid ón gcloigeann thiar go dtí an ceann thoir rud a d'fhág nach raibh seans ar bith go bhfaighfí cead é sin a dhéanamh. Cé an bhrí, ach bhí dhá chrann ag fás aníos as an talamh ar thaobh Bhóithrín Theach na Scoile den chlós nach bhfaca tú a samhail riamh ach postaí cearta, ach go raibh cuid de na rútaí ag teacht aníos as an talamh.

Ní raibh ann mar sin ach comhréiteach a aimsiú a thioctadh leis an sáinn ina raibh muid. Leathchéad bliain sular chuir stíl imeartha chuid d'fhoirne an Tuaiscirt iompú a ghoile ar Pat Spillane bocht, tharraing muide cluiche peile chugainn féin nach raibh ciceáil ar bith i gceist – pasáil láimhe amháin. Agus timpeall an ama a raibh muintir na Brasaíle ag teacht ar an tuairim go mba mhó de scileanna an tsacair a bhí le

foghlaim as liathróid leadóige a bhualadh seachas liathróid mhór, bhí sin á dhéanamh againne freisin ar ghiodán puitigh i gCois Fharraige.

Ach mí an Aibreáin a bheith tagtha go breá, ba ag teannadh lena dheireadh a tharraingítí anuas an áit a thugann teideal don alt seo, *"Meas tú a mháistir nach bhfuil sé sách tirim le dul ar an gCreach Oileáin?"*.

Píosa réidh de chriathrach, leathmhíle nó mar sin ó thuaidh den áit a bhfuil na monarchana atá trasna ó Choláiste Cholmcille, is ea an Chreach Oileáin. Bhí neart caonaigh air, corrrthom aitinn sall agus anall, ceannbháin bhána ag fás go láidir agus beagáinín den fhéar fiáin sin a bhíonn le fáil ar thalamh portaigh. Ach ba é an rud ba thábhachtaí go raibh sé leibhéalta, réidh. Ach cead an mháistir a fháil, bhíodh deis



Tús na Seascaidí i Seanscoil Sailearna agus an tArdmháistir, Pdraig Ó Ciardha



Mártan ina sheasamh ar an gcriathrach cáiliúil le gairid

againn ceathair nó cúig de chuairteanna a thabhairt air sula dtagadh saoire an tsamhraidh agus peil a imirt mar is cóir.

Shíl muide go raibh sé chomh fairsing le Páirc an Chrócaigh, ach le fírinne ní móide go raibh a cheathrú cuid siúd ann, ach go raibh bun de phosta i gceann di – ó aimsir na sean-Bhreathnaigh is dócha.

An chéad bheart a dhéantaí ná scabhta a chur chun bealaigh as an scoil féachaint an raibh an áit tirim a dóthain. Cé go mba é m'athair é, trócaire air, ba chúram é nár leag an máistir riamh ormsa. É bheith a' cheapadh is dóigh (agus an ceart aige) go mba bheag an scil a bhí ag a mhac i gcúrsaí talmhaíochta mar nach raibh againn ach an garraí thimpeall an tí ba chúis leis sin is dóigh.

Más í an tuairisc a thug an teachtaire ar ais leis go raibh locháin uisce le feiceáil, bhí sé ar an nuacht ba mheasa a d'fhéadfaí a fháil. Seachtain fhada eile romhainn sula bhféadfaí an cheist a chur arís agus chuile bhraon báistí a thit idir an dá linn ar nós tairní á dtiomáint inár gcónraí. Ach má bhí an Chreach Oileáin sa riocht agus go raibh sí faoi réir le fáilte a chur romhainn, b'shin buaic na bliana. Ach níor mhór fós a bheith foighdeach. Sula dtógfaí an chéad choisméig siar an bóthar agus suas le taobh an tSrutháin Bhuí agus ansin go criathrach, bhí liathróid peile le ceannacht.

Bunáite trí scóir de bhlianta ina dhiaidh, tá mé in ann an boladh a bhíodh uirthi nuair a thógtaí amach as an bpáipéar í a fháil. Paistí den leathar crónbhuí fuaite le

chéile agus barriall caol ina barr. Theastaigh an bharriall mar ag an am go mba dhá chuid an leathar agus an bolg a choinníonn an t-aer – bhí sé sin le cur isteach i gcroílár na peile, le líonadh le haer, snaidhm a chur ar an mbarriall agus ansin é a fháisceadh chomh maith agus ab fhéidir, mar a dhéanfaí le bróg.

Bhí geábh ann agus an méid sin ar fad anann's déanta nuair a chuir an máistir poll sa mbolg leis an ngabhlóg thiúnála a bhíodh aige le nóta an cheoil a thabhairt dúinn agus é ag iarraidh an fáisceadh deireanach a thabhairt don bharriall. Ní mba as an mbolg sin amháin a d'imigh an t-aer. Fanacht seachtaine fada eile agus b'fhéidir báisteach.

Bróga peile, geansaithe, stocaí agus brístí? An bhfuil sméaróg ar bith céille agat? Sna boinn nó sin pé brí seanbhróg a bhíodh orainn. Leo siúd a lasc muid an liathróid suas agus anuas, soir agus anoir an ghiodáin chriathraigh sin ar bharr na nAille – peileadóirí óga an bhaile sin, an Locháin Bhig, an Tigh Mhóir, Chor na Rón agus an Bhaile Nua.

Ba mhinic go mba 'Soir in aghaidh Siar' a bhíodh ann. Laochra na n-áiteacha atá luaite in aghaidh an chuid sin de na hAille a bhí soir ón scoil, muintir an Chnoic, Bhaile na mBrobhach, na Cathrach agus coiníní na Coille Rua.

Ní dhearna sé aon dochar ach an oiread go gcuirfeadh turas chuig agus ar ais ón gCreach Oileáin ceathrú huairde de bhreis ar an sos lóin, nó leis an 'out to play' mar a thugadh Gaeilgeoirí na linne sin air.

Sin murar thit tú sa lagpholl ! ■



Seanscoil Sailearna i dtús na Seascaidí agus an clós maol ina mbíodh na gasúir ag spraoi

An Filí – Ceannródaí agus Urlabhraí Pobail

Peadar Mac an Iomaire

Ba sa mbliain 1908 a rugadh Joe Shéamuis Sheáin nó Filí Bhaile na mBrobhach. Ba as Baile na mBrobhach a athair, Séamus Sheáin, agus ba as an mbaile ó theas de, Baile na hAbann a mháthair, Nóra Ní Chualáin. Ba iad na tithe cuarta, na tithe tórraimh, cruinnithe ag crosbhóithre agus ag geata an tséipéil a mhúin béaloideas Chois Fharraige don fhilí agus do na céadta leis. Bhí sé de cháil riamh ar mhuintir Bhaile na mBrobhach a bheith an-tráthúil ag caint. Cé nach ndeachaigh an filí le tráthúlacht ina chuid filíochta, chuidigh an tráthúlacht leis lena intinn a aibiú agus leis an bhfocal ceart a chur san áit cheart ina chuid filíochta.

Sa mbailiúchán dá chuid a foilsíodh i bhfoirm leabhair i 1983, tá dánta molta ar dhaoine, dánta ag cur síos ar áilleacht na timpeallachta, agus tá trí cinn de dhánta caointe ann, *An tAthair Mícheál Ó Gríofa*, *Mícheál Breathnach* agus *An Cladach Dubh*. Tá dánta seanmóireachta ann, *An Bás*, *Lá an Bhreithiúnais*, *Aiséirí an Pheacaigh* agus *Ar Aghaidh*. Ansin tá bagairtí tragóideacha nó fáistine, insint céard a tharlóidh, an Dara Cogadh Mór agus an Tríú Cogadh Oór agus tá dán fealsúnachta, a d'fhéadfá a rá, ar a dtugtar *An Bheoichte*. Ansin tá cur síos ar eachtraí staire, mar shampla *Contae na Mí*, *An Gáirdín Álainn*, agus *Inis Fáil*. Ansin tá cur síos ar rudaí a tharla san áit, *Contae na Mí*, *Amhrán na Caorach*, *Turcaí na Céibhe* agus *Bóthar an Locháin* agus tá dán sciolladóireachta ann, *An Gráinneach Mór*, dánta deoraíochta is ea *Spailpín Chamais* agus *An Deoraí as Baile na mBrobhach*. Tá aisling scríofa ag an bhFilí ar a dtugtar *An Bhean Sí*. Tá dán fiannachta scríofa aige ar a dtugtar *Oisín agus Pádraig* agus tá *An tOileán Draíochta* déanta aige, cur síos ar scéal ón mBéaloideas go raibh oileán draíochta siar ó Árainn.

Bhí níos mó ná sin dánta scríofa ag filí Bhaile na mBrobhach ach sin iad na dánta a theastaigh ón bhFilí féin a bheith ina leabhar. Bhí dánta cumtha aige nár mhaith leis iad a fhoilsiú ar chor ar bith agus gurbh fhearr leis go ligfí i ndearmad iad. Tá véarsaí eile aige anseo agus ansiúd faoi dhaoine agus faoi eachtraí a tharla, ach is rudaí iad sin a cumadh ar an bpointe a raibh na heachtraí ag tarlú agus arís is í an tuiscint a fuair mé uaidh, gur bhain siad sin leis an am atá caite agus go raibh a seal tugtha. Mar sin, na tríocha dán atá sa leabhar, is dánta iad a bhí ceadaithe ag an bhFilí féin a fhoilsiú agus tógadh síos iad mar a dúirt sé iad. De bhrí go raibh an filí ag rá na ndánta seo ina intinn féin beagnach chuile lá, nuair a bhíodh sé ag obair nó istigh sa teach leis féin, ba é sin a bhealach leis na dánta a choinneáil de ghlan mheabhair ach


freisin de réir mar a bhí sé á rá bhí sé ag déanamh athruithe orthu anseo agus ansiúd agus ag fágáil corrvéarsa ar lár nó ag déanamh athruithe ar véarsaí eile. Bhí sé sin an-soiléir agus mise ag bailiú na ndánta uaidh, mar dán a thaifeadadh tú sé mhí ó shin, agus nuair a ghabhadh tú á sheiceáil arís

leis, bheadh athruithe déanta aige air agus bheadh ort é sin a thaifeadadh as an nua. Is léiriú é seo go raibh sé ag síor-oibriú, ní amháin ar na dánta a bhí sé a chumadh faoi láthair ach ar na dánta a bhí cumtha aige leis na blianta, go háirithe na dánta ba ghairre dá chroí.

D'úsáid sé smaointe a bhí ag snámh in intinn an phobail agus chuir sé i véarsaíocht iad, ach freisin thug sé eolas don phobal ar an saol a bhí caite, ar an nádúr, ar an gcreideamh agus rinne sé filíocht a rinne léiriú ar céard a bhí le teacht.

Ba ionann an dán d'Fhilí Bhaile na mBrobhach agus céibh fhascúil a

bhféadfadh sé a smaointe féin agus smaointe a phobail a chur ar an bhfoscadh agus nach gcuirfeadh tonnta an tsaoil scaipeadh agus fán orthu. B'ionann na dánta a chum Filí Bhaile na mBrobhach agus tuláin do Phobal Chois Fharraige agus iad ag siúl ar chosán na beatha. D'fhéach Filí Bhaile na mBrobhach air féin mar cheannródaí a mhuintire, bíodh sé ar an Achreídih nó ag obair don Chomhairle Contae nó do Bhord na hOibreacha Poiblí ar cheann de bóithre an cheantair. Sampla de sin is ea nuair a bhí sé ag obair sa gcoiléir ag Ard Iothlainn Shéamuis; bhí geaingear áitiúil i gceannas ansin. Ní raibh an t-innealtóir sásta leis an ngeaingear sin ná leis an méid oibre a bhí sé a bhaint as na fir oibre. Bhí sé ró-bhog leo, dar leis an innealtóir. Tugadh bata agus bóthar don gheaingear agus lá arna mháireach tháinig fear ón Achreídih mar gheaingear nua ar na fir. Níor thaitin sé seo leis na fir agus níor thaitin sé leis an bhFilí ach oiread agus seo mar a bheannaigh an Filí don gheaingear nua nuair a chuaigh sé



Joe Shéamuis Sheáin

suas chuige, mar a dúirt sé leis na fir oibre ina dhiaidh sin:-

1. Ar maidin Dé Céadaoin ag Ard Iothlainn Shéamuis
2. Is ea chonaic mé an séacla ina sheasamh le aill
3. Chuaigh mé go dtí é agus labhair mé sa mBéarla
4. Is d'fhiafraigh mé an é an feithideach é a bhí a'inn in áit Shedín

D'úsáid an filí na deiseanna seo le feidhmiú mar fhear labhartha, mar cheannródaí agus fiú amháin mar láithreoir do na daoine a raibh sé ag obair in éineacht leo. D'úsáid sé an fhilíocht freisin le nach mbeadh daoine ag siúl air. Tá cás ann go raibh sé ag teacht aniar i gcosán nach raibh chomh fada sin ó na theach agus go raibh bean a bhí pósta isteach san áit ag iarraidh nach mbeadh sé ag úsáid an chosáin sin cé go raibh a mhuintir á úsáid le fada, mar gur cheap sise gur le muintir a fir féin é agus go ndearna sí iarracht an Filí a stopadh ó bheith ag úsáid an chosáin uaidh sin amach. Seo é an bealach a bhí aige, in áit tosú ag sciolladh uirthi gur chum sé dán agus bhí daoine eile san áit a rá an dán sin. De réir a chéile fuair sise an teachtaireacht nach raibh mórán céille a bheith ag iarraidh an fear seo a stopadh ó dhul i gcosán a raibh sé ag dul ann le fada. Seo é an dán

*Nach iontach an bhail é le cur ar aon chréatúr
Nó ar thuill sé droch-eascainí manach nó naomh.
Nuair a d'éirigh sí amach lena starógaí fada
nó gur scaip sí mo bheairtín sa sean chosán caol.*

*Bhí an cosán sin 'ainne ó aimsir Rí Séarlas
Nó gur tháinig na scrapers isteach in san áit.
Is gur fhága siad Micil ina luí sa dícheille
Nuair a rith sé ón soitheach a bhí ag dul go na Stáit.*

Anois bhí roinnt mhaith de na véarsaí sin cumtha aige agus bhí amhrán eile déanta aige faoi rothar nua a ceannáíodh. Níor cloiseadh iad sin mórán taobh amuigh den áit lenár bhain siad. Is é an rud atá ráite liom go bhfuil amhrán an bhaighiscil imithe as cuimhne go leor daoine anois agus bhí an-ríméad orm nuair a d'éirigh liom é a fháil as ábhar a bhí scríofa ag Peadar Mháirtín Tom go ndéana Dia grásta air. Seo an dán.

Amhrán an Bhaighiscil

*Ag Lochán na Muinge is ea a chonaic mé an t-iontas,
Nach bhfeice mé arís an fhad is a mhairfeas mé beo.
Bhí Micil ann sínte is é caite sa draoib
Agus an rothar ina phíosáí ar thóin an phoill mhóir.*

*Tráthnóna Dé Sathairn is ea a chuala mé an teagasc
Go raibh an baighiscil ceannaithe ar airgead mór.
Tugadh abhaile é i láthair fianaise geanúil
Agus réitíodh amach é le go mbuailfeadh sé bóthar.*

*Scead mhaidne ort a Mhicil, nach tú a rinne an smíochadh,
Is nach tú a fágadh cloíte ar leath taobh an bhóthair.
Bhí d'easnachaí briste is do chóta ina phíosáí
Is do chráimh droma sníomhtha ag na lindéir dar ndóigh.*

*Cloiseadh i mBoth Loisthe an fear bocht ag síonail,
Agus chruinnigh a ghaolta sách brónach go leor.
Nuair a chuireadar tarraingt i gceartlár an chíocra air
Rinneadar gníomh is an smíste a thabhairt leo.*

*Ceanglaíodh le cáblaí ar thóin an phoill bháite é.
Bhí Meaig ann ag gárthail is Séamas ag gleo.
Nuair a tugadh ar bruach é chuaigh fios ar na gardaí,
Is gurab é a deir an sáirsint go n-éireoidh sé fós.*

*Nuair a tomhaiseadh an Linn Gorm le slabhraí is le cáblaí,
Céad is fiche feá a bhí an doimhneacht ón mbóthar.
Is nach trua sin don chréatúr a cuireadh go básta ann
Is gurab ar an gcéad lá de Mhárta a d'éirigh sé dhó.*

*Nach iomaí sin nuatocht a fritheadh i bpáipéir
Is nach iomaí fear láidir a cuireadh faoin bhfód.
Is gur chásaigh Rí Shasana an scéal le Meaig bhreá
An cleas a d'éirigh den dea-fhear ag sean-gharraí Phól.*

*Ghoill Mussolini go brónach is go cráite
Nuair a chuala sé trácht ar an dúnmharú mór.
Agus gurab é a deir Herr Hitler dá gcloisfeadh sé in am é
Go mbeadh sé láithreach ag bun an chrainn mhóir.*

*Brón ort a Churraoin, nach tú a rinne an léan scrios,
Is nach tú a d'fhága éagmais ar Shéamas go deo.
Dá mbeifeá gan bacadh le a bheith istigh in t'agent
Ní ghoillfeadh an scéal seo ar an bPápa sa Róimh.*

*Tá dochtúirí ag teacht ar an bhfarraige as Éigipt,
Le breathnú go géar air is leigheas a thabhairt dhó
Tháinig scéala ar an mbaile ón Uachtarán Éamon
Gur masla don Ghaeltacht má théann sé faoin bhfód.*

*Beidh cuimhne ar Mhac Pheadair go dtiocfaidh Lá an tSléibhe
Ar an gcontúirt chrúa ghéar a chuaigh an tréanfhear sin ann.
Is nach liachtaí lá fada a chaith sé ina léine
Ag obair go géar dhá caitheamh suas lena shleán.*

*Mo bhrón is mo mhairg nach úd é an scéal cráite,
Má chrochann an bás 'un bealaigh uainn thú.
Beidh smúit ar an gcommon ag teacht do Fhéil Pádraic
Is níl bean óg dá bhreáichte nach gcaillfear le cumha.*

*Tháinig teachtaire anall ó cheannfort na Státaí,
Agus dúirt go mba náireach an cleas é sa tír.
An leagan a d'éirigh ar bhruach an phoill bháite,
Is beidh seanchas fada go deireadh an tsaoil.*

*Is cosúil le mallacht an timpiste chéanna
Nó eascaine ghéar a dhéanfaidh manach nó naomh
Nó meas tú ar thuill sé an drochphaidir ar aon chor
Nuair a stop sé a ghaolta as an gcosáinín caol.*

*Bhí an cosán sin acub ó aimsir Rí Séarlas
Nó go dtáinig na scrapers isteach ins an áit.
Is gur fhága siad Micil ina luí sa dícheille
Nuair a rith sé ón soitheach a bhí ag gabháil go na Stáit.*

*Beidh cuimhne go héag ar an maidin bhreá chéanna.
Bhí an buinneán dhá shéideadh ag an soitheach ar an gcuan
Bhí Micil ina chodladh is a chloigeann faoin éadach
Is ar shaibhbreas na Gréige ní thiocfadh sé anonn.*

*Nuair a thioctas an séasúr a chuirfeas toradh ar na géaga
Beidh raithneach is sméara is fear ins gach gleann.
Beidh claidheacha an Pháirc Gharbh dhá leagan as éadan
Is fear cosanta an réimse, mo léan, ní bheidh ann.*

*Níl caora dhá bhradaí ná gabhar ins an taobh seo
Nach bhfuil cruinnithe ó Aoine ag ithe ins an bPáirc.
Is an té a ruaigfeas siar iad thar Chlochar a Liónóg
Mo léan tá sé cloíte is é i gcontúirt a bháis.*

*Níor roinneadh an talamh seo amach ó lucht rialtais
Is níor tháinig aon díol air, sin ní nach bhfuil cóir.
Ach nuair a thioctas an saol is go gcuirfear air caoi
Beidh Mairéad ag caoineadh is faoi leatrom go deo.*

Ba dhuine gaoil den Fhilí féin a cheannaigh an rothar seo agus bhíodh faisean ag an bhFilí a bheith ag spochadh faoi ó thráth go chéile agus tá tuiscint ar an gcúis a bhí aige leis le fáil in Amhrán an Bhaighiscil. Tá cuid de bhealaigh agus de scileanna an mhagaidh i gCois Fharraige le foghlaim ag scoláirí sa réimse sin léinn ó shaothar an Fhilí.

Rinne sé dán eile nuair a cuireadh an duine céanna, Michil Pheadair agus col ceathrar leis as an gCathair, Joe Ó Márta, amú sa gceol nuair a bhíodar ag teacht abhaile tar éis iarraidh phoitín a bheith déanta acu. ‘Sé an áit a raibh siad ná thuas ag caorán Mhaitiú an Chlochair agus cuireadh amú iad ach ní raibh siad ach cúpla céad slat amú agus seo a dúirt an Filí fúthu ina dhán.

Amhrán Mhicil Pheadair agus Joe Ó Márta

*Ar chuala sibh nó an bhfaca sibh aon scéal chomh hiontach
Mar a tharla do bheirt scramairí tráth éigin in sa mí seo
D’fhág siad an páiste thuas tráth mharfach na hoíche
Agus shiúil siad móinte is eascachaí agus tamhnachaí na tíre.*

*Ar seachrán sí sea a casadh iad ar fhágáil dóibh an ghráta
Mar chroch sé Micil Pheadair leis is a chol ceathrar Joe Ó Márta
Thar haibhneacha, thar chlascachaí, thar shléibhte caola is arda
Is gurb é Críost a bhí sa bhfabhar dóibh is a thug iad slán ón gábh sin*

*Anois a Mhichil Pheadair ó shíl mé go rabhais críonna
Go raibh tú i bhfad ní ba fadhbheathnaí ná fear ar bith sa tír seo
Ní hé sin féin a bhfachtas dom ach nár aithnigh tú fuath thar charthanas
Ar do bhealach síos abhaile nuair nár aithnigh tú ceann an mhóta.*

*Ag dul thar Loch na bhFuinseann dó ag leath uair tar éis a dó,
Ag caoineachán is ag screadach mar a bheadh loing a chasfaí i gceol.
Thart trí chlochair ghéara, trí dhearglaoch is sléibhte
Ach bhí an sonas i gclár a éadain is é a thabhairt abhaile beo.*

*Ag dul thar Chorra na Craoibhe dó le solas gealaí bhreá
Dá smaoiníodh sé ar Sheáin Mhairéid a fuair bás ann fadó an lá.
Dá n-iarrfadh sé cabhair is coimirce air is é a thógáil as an ngábh
Ní eiteodh fear chomh measúil é lena threorú abhaile slán.*

*Shiúil sé Leitir Meas taobh thoir is na Cualachaí go léir
Isteach go Leitir Gungaid is amach go Leitir Péic
Ach gurb é Tulaigh na nUan a d’aithin sé agus a tháinig ina líon
Ach ag dul trí Dhoire Thoir dó is ea d’aithin sé beagán tithe.*

*Casadh an t-uisce mór dó, níor mhór leis é a shnámh
Loch Coirib cé gur mba mhór é mar a bheadh braillín óir gan fál
Ach ag bord locha ba ea scanraíodh é ar fheiceáil dó na mbád.
Thug sé a chúil don chúinne sin is gan sméaróid ina cheann.*

*Dá bhfeicfeá ag dul trí Fhionnán é is a bhróga móra ag gíoscadh
Ag ropadh thar thulachaí mar a d’fheicfeá mionán míosa
Ba é an tsamhail a thabharfá dó ná fear ag rith ón dlí
Is nach maith leis castáil leat mar go raibh sé tar éis drochmharú a dhéanamh.*

*Anois a Mhac Uí Mhárta mar níl do chás sa réidh
Nó go scríbhinn síos le peann ar gach dít dár shiúil tú féin
Dá bhfaighinnse ríocht na Spáinne is gan caintiú ort in san dán seo
Dár m’fírinne nach bhfágainn tú gan tarraingt thríd mo bhéal.*

*Ar cuimhneach leat an oíche údai ar oíche an tseacha mhóir
Ar thréig tú féin do chomrádaí a bhí in éindí leat ag ól.
Gur scoith tú cnoic is móinte is cairceachaí giúsaí,
Póirsí cúnga is cúinní nár caintíodh orthu fós.*

*Nach iomaí naosc is fadó a dhúisigh sibh ar an mbealach
Ó d’fhág sibh Caorán Mhaitiú go bruach na Locha Móir
Siar Clochar Daraí agus aniar in aghaidh na strapáí
Gur shíl tú go raibh an baile agat nuair a bhí tú ag Tigh Eoghain.*

*Scoith sé Cnoc na Maoile go gairid ina dhiaidh sin.
Ba luaithe é ná an fiach dubh ná an giorra in san ngleann.
Shiúil sé Conamara síos agus suas fré chéile
Gur threabh sé taltaí riasca is gach bántrach dá raibh ann.*

*Casadh an chailleach feasa leis go moch le héirí gréine.
Bhí sí ina léine ag baint luibheannaí sa drúcht.
D’iarr sé cabhair is coimirce uirthi is é a chur ar an eolas
A hainm choíche nach labhródh faoi, mar rinne seisean drúis.*

*Thástáil sí na cupáin dó is chuaigh sí thríd na cártaí,
Is thug beagán fáirnéis dó ach gan castáil uirthi arís.
Threoraigh sí aniar aduaidh é is go Litir Fir a tháinig,
Is ar chomhairle na caillí gránna ghoid sé caipín Phete.*

*Tá an bheirt sa mbaile anois ina sláinte mar is gnách leo,
Cois stillhouse ná cois gráta ní fheicfear iad arís.
Cuirim deireadh leis an seanchas agus beannacht lena bhfuil ráite,
Ach seo sláinte agus fáilte go n-ólfaidh siad arís.*

Ba chumadóir filíochta Joe Shéamuis Sheáin ach ba láithreoir freisin é. Tá tábhacht le scil agus pearsantacht an láithreora. Ní amháin gur fiú staidéar a dhéanamh ar an bhFilí mar láithreoir ach is fiú staidéar a dhéanamh freisin ar iompar a phobal éisteachta, pobal a bhí an-mhórtasach as a chumas, as an gcaoi a raibh an cleachtas á mhúnlú agus as an bhfeidhm a chonaic siad sa bhfilíocht agus iad ag dul thríd an saol.

Is gnéithe riachtanacha iad seo den ealaíon, rud atá fite fuaite sa bhfilíocht bhéil. Is fiú aird a dhíriú ar an mbealach a bhféadfadh filíocht bhéil feidhmiú mar ghné thábhachtach d’fhorbairt an duine i réimse leathan den saol.

Thuig an Filí gur oidhre ar na seanfhillí é. Duine teanntásach, údarásach a bhí ann agus é ag cur a shaothar i láthair. Thuig sé go raibh pobal ag teastáil uaidh, daoine le dánta a chumadh dóibh, daoine le dánta a chumadh fúthu, daoine a d’éistfeadh leis na dánta agus a thuigfeadh a dtábhacht agus daoine eile a scaipfeadh eolas faoi obair agus faoi bhuanna an fhile ó bhéal go béal. Ní fhéadfadh sé láithriú den scoth a dhéanamh gan pobal a bheith aige a thógfadh cuid de na dualgais sin orthu féin gan aon ghá sin a iarraidh orthu.

Tagann ceannródaíocht ó chumas sa scil agus ó eolas

leathan i réimsí éagsúla. Is deacair don té a gceaptar nach bhfuil mórán ar eolas aige a bheith glactha ina cheannródaí. Is ag aithris a dhánta i láthair daoine a chuir suim iontu a shroich an filí foirfeacht ina scil. Chuireadh sé ríméad air daoine a bheith ag tógáil na n-amhrán uaidh, sin dá gcur de ghlan mheabhair. Bhíodh sé ag rá na ndánta seo ó cheann go ceann leis féin agus á bhfeabhsú de réir mar a bhíodh sé ag dul tríothu.

Thóg daoine amhráin go héasca ó dhaoine eile. B'fhearr daoine aige sin ná ag foghlaim na filíochta ag an scoil. Is ar iompar an duine atá an fhoghlaim ó bhéal bunaithe cuid mhór. Déanann daoine roghanna taobh istigh dá gcultúr féin na dánta seo a fhoghlaim le cur lena stór eolais. Tá an t-amharc agus an éisteacht an- tábhachtach ag piocadh suas na filíochta, an amhráin, an cheoil agus an damhsa, rud a bhíodh sna tithe agus an filí óg agus ina mhaith. Tá seo an-tábhachtach freisin do dhaoine nach scríobhann síos an t-ábhar atá le foghlaim. Bhí sé tábhachtach don Fhilí agus é ag rá a chuid dánta go

ndéarfadh sé an dán seo gan a dhul amú ann. Chuirfeadh sé lena mheas sa bpobal. Ní raibh sé de cheart ag duine ar bith athrú a dhéanamh ar dhán Fhilí Bhaile na mBrobhach ach ag an bhFilí féin.

Bhí feidhm ag iompar agus ag láithriú an dáin agus ba ar an mbealach sin a chuir le stádas an fhile sa bpobal. Bhí pointí áirithe ag baint le dán a chur i láthair comhludair i dteach bainise nó i dteach a mbeadh teacht le chéile mór sóisialta ann. Ba bhealach é le mothúcháin láidre a scaoileadh amach. Ba bhealach é le smacht sóisialta a chur i bhfeidhm. Ba mhodh oideachais é don phobal go háirithe agus é ceangailte le mothúcháin. Ba bhealach é leis an bpobal a fháil ar na mothúcháin chéanna nó aontacht mothúcháin an phobail a chruthú. Ba bhealach é le go mbeadh barr foirfeachta á shroichint ag an ealaíon áirithe a bhí ar taispeáint. Ba thaispeántas drámatúil a bhí ann a chruthaigh pobal nó comhludair agus go raibh neartú pobail lárnach ann.

Cuidíonn teacht le chéile daoine go háirithe i dtithe cuarta, i dtithe a mbíodh ceol agus amhráin agus damhsa ar siúl iontu le pearsantacht na ndaoine ar fad a bhíodh páirteach sna scileanna seo a láidriú agus cur lena dtuiscint ar a gcultúr féin.

Deis a bhí ann freisin ag daoine tuilleadh aithne a chur orthu féin agus ar bhealaí a chéile, na bealaí a bhí leis na daoine éagsúla. D'oibrigh na hócáidí sna tithe mar bhealach a bhí ag daoine le scaoileadh leo féin taobh istigh de phatrún sóisialta áirithe. Chuidigh sé le daoine fanacht ar a gcéill le deis a bheith acu rudaí a cheapfaí a bheith díchéillí a dhéanamh agus ócáidí a bheith ann le sin a dhéanamh. Chuidigh seo le forbairt agus fás suas an duine ina thimpeallacht féin. Bhíodh grúpaí éagsúla ag ócáidí sna tithe mar bhainiseacha, céilithe Gaeilgeoirí, an oíche roimh dhaoine as an teach a bheith ag dul go Meiriceá agus mar sin. Ba dheis ag na gasúir gluaiseacht go nádúrtha ó bheith ina ngasúir, ina ndéagóirí go dtí a bheith ina ndaoine fásta. Bhí na hócáidí sna tithe, na hócáidí ag na crosbhóithre, na céilithe i gColáiste Chonnacht mar bhealach ag daoine le gluaiseacht ó ghrúpa óg go dtí a bheith ina bhfir nó ina mná óga.

Tá ócáidí nó searmanais i ngach uile chultúr ag baint le páirteanna tábhachtacha de shaol an duine ón mbreith go dtí an pósadh agus go dtí an bás. Bíonn sluaite i láthair ag na hócáidí sin. D'úsáid daoine scileanna léirmheastóireachta ar amhráin, ar dhánta, ar cheol agus ar dhamhsa ag ócáidí sna tithe. Thugadar spreagadh do dhaoine a dhul i dtreo foirfeachta



STANDÚN

SPIDDAL

A Unique Shopping Destination

Siopa de'n Scoil

RUD ÉIGIN DON TEAGHLACH AR FAD

OSCAILTE 7 LÁ NA SEACHTAINE

FAISEAN NA MBAN



BRONNTANAIS



DO NA FIR



ÉADAÍ CNOITÁILTE





- CAIFÉ BEAG
- PÁIRCEÁIL
- 15 NÓIMÉAD Ó CHATHAIR NA GAILLIMHE







STANDÚN, AN SPIDÉAL FÓN - 091 553115

OSCAILTE 7 LÁ NA SEACHTAINE DÉ LUAIN - DÉ SATHAIRN 9.30 - 6.30 DÉ DOMHNAIGH 1-5.30

ón gcaoi a bhfaca siad daoine a raibh meas an chomhludair tuilte acu á n-iompar féin taobh istigh den fhráma sóisialta sa gceantar ina raibh siad.

I gcás Joe Shéamuis Sheáin scríobhadh a chuid dánta síos agus cuireadh go Meiriceá iad. Tá samplaí faighte de litreacha Béarla curtha leo agus togha cumas scríbhneoireacht i nGaeilge ag na daoine a scríobh na dánta agus iad ag scríobh litreacha Béarla ag a chéile cé gurbh í an Ghaeilge a gcéad agus a rogha teanga.

D'fheidhmigh an Ghaeilge mar áis thábhachtach smaointeoireachta agus cruthú filíochta, cruthú comhrá, agus siosca idir daoine. Sin ceann de bhealaí an duine le bheith ag cur tuilleadh eolais ar a thimpeallacht agus ag déanamh graithe taobh istigh agus taobh amuigh de. Seo pobal á chruthú agus ag feidhmiú. Is féidir le pobal comhoibriú pobail a chinntiú. Is éasca do dhaoine comhoibriú le chéile ná iad féin a chur i gcontúirt a bheith fágtha ina gcadhain aonraic de bharr easpa oibleagáide dá chéile.

Is minic a chuidíonn daoine a bhfuil an ghráin acu ar a chéile le chéile mar is é leas a chéile é. Thuig an Filí é seo agus tá sé le léamh idir na línte i gcuid dá chuid dánta. Is féidir féiniúlacht an phobail a mhíniú mar shraith luacha nó comharthaí is mothúcháin a cheanglaíonn daoine le chéile trí a bheith go síoraí ag iarraidh a bheith in aon bhun amháin. Bhí an ceol agus na hamhráin ar na gnéithe ba chumhachtaí i gcaitheamh aimsire an phobail. Níl an fhilíocht chomh hard sin ach i gcás Fhilí Bhaile na mBrobhach d'éirigh leis pobal a thabhairt timpeall air a raibh meas acu ar an bhfilíocht a bhí sé a chumadh. D'éirigh leis agus é ag aithris a chuid dánta an t-am a bhí caite a thabhairt i lár an urláir sa teach ina raibh sé ag aithris an dáin. Dánta mar An Gráinneach Mór, An Chaora, Lá na Fola, Lá an Bhreithiúnais, cuir i gcás.

Bhíonn caint anois ar turasóireacht chultúrtha, ach tá dánta atá cumtha ag Joe Shéamus Sheáin faoin nádúr agus faoin timpeallacht an thábhachtach. Tá eacnamaíocht chultúrtha an phobail iontu agus tá an fhilíocht mar chroí lár de sin. Bhí forbairt phobail an ama sin i bhfad ní ba phraiticiúla ná forbairt phobail an lae inniu. Bíonn gasúir scoile ag déanamh staidéir ar an timpeallacht ach d'fhéadfaí go leor a fhoghlaim ón gcaoi a raibh oideachas na litríochta mar áis sa bhforbairt phobail agus an Filí ina mhaith. Ní leor a bheith ag déanamh staidéir ar dhán as féin mar caithfear é a cheangal leis an traidisiún as a dtáinig sé. Nuair a fheiceann tú dánta mar a chum Filí ar fáil agus é sin ar fad ag tarlú i ngan fhios do go leor daoine óga a bhí ag foghlaim na filíochta ar scoil.

B'fhiú do dhaoine óga an lae inniu tuiscint a fháil ar an ngaol atá idir téacs an dáin, an láithriú nó an aithris a dhéantaí ar an dán agus an traidisiún as ar fhás an dán a choinneáil i gcuimhne. Bhí sé sin ag gach uile dhuine beagnach a tháinig faoi thionchar Fhilí Bhaile na mBrobhach.

Bheadh tuairim mhaith ag daoine cén dán a déarfadh an Filí ag ócáid mar bhí sé in ann an ócáid a léamh. Bheadh a fhios aige an cineál dáin ab fhearr a mbeadh glacadh leis ar an ócáid. Bhí pobal ag Filí Bhaile na mBrobhach ach céard is pobal ann d'fhile. Tá pobal bunaithe ar riachtanais an chomhoibrithe i bpobail bheaga agus ar chúrsaí gaoil. Tá pobal a chruthaítear ar ala na huaire. Seo ceangal a tharlaíonn ar an spota.

Tá an gnáth pobal ann. Seo ceangal a tharlaíonn nuair a

eagraítear pobal timpeall ar a n-áit chónaithe. Pobal eile is ea an pobal a thagann le chéile bunaithe ar riachtanais mar pobal portaigh, pobal cladaigh, pobal le féar a chur isteach agus mar sin de, agus ansin an tríú pobal, an pobal idé-eolaíoch. Tarlaíonn sé seo nuair atá fis útóipeach den chomhludair ag éirí as na tuiscintí a fhaightear ón gceangal ar ala na huaire.

Seo pobal, abair a bheadh timpeall b'fhéidir ar ghrúpscéim uisce mór millteach nó pobal a bheadh timpeall ar an gcreideamh nó ar an oideachas ach istigh san bpobal sin, de bhrí go mbeadh an pobal fíor mhór i gceist d'fhéadfadh daoine a bheith ina measc a bheadh ag luí ar a gcuid maidí agus gan tarraingt le chéile chomh mór agus a bheadh orthu tarraingt le chéile dhá mba ag líonadh leoraí móna a bheadh siad nó ag obair le chéile sa gcladach. Baineann daoine a gciall féin amanta as dán mar a oireann dóibh féin nó mar a oireann don ócáid. Nuair a bhí an Filí ag éirí suas, ba chnuasach de theaghligh a bhí sa bpobal. Bhí aithne ag daoine ar a chéile. Bhí a fhios acu na rudaí maithe a bhí ag baint leo. Bhí a fhios acu na laigí a bhí ag baint leo. Níl an t-eolas céanna ag daoine ar a chéile sa lá atá inniu ann. Dá bhrí sin, ní bheadh an tionchar céanna ag Filí Bhaile na mBrobhach inniu agus a bhí aige ag an tráth ar mhair sé. Bhí daoine ann a chreid go raibh draíocht ag an bhFilí agus chuidigh sé féin leis an tuiscint sin a chruthú. Tá dhá scéal mar chruthú ar sin i measc a lucht aitheantais.

Sa gcéad scéal tá sé ráite gur imir sé an cleas seo ar a dhuine muinteartha, Micil Pheadair. Bhí Micil ag dul suas ar an bportach lá ag iarraidh ualach móna. D'éirigh an Filí roimhe amach as scailp agus folt d'fhionnach as eireaball capaill mar ghruaig air. Bhí sáspan ina láimh aige agus d'fhiafraigh sé de Mhicil an mbeadh aon seans go dtabharfadh sé lán an tsáspain de phlúr dó mar go raibh na daoine maithe istigh sa scailp fágtha gan aon phlúr.

Scéal eile faoi gur dúradh go mbíodh sé féin agus reithe le duine de na comharsanaí ag caint le chéile. Fiafraíodh den Fhilí an fíor go bhfuil caint ag an reithe. Dúirt an Filí gur fíor. Ansin fiafraíodh de céard a bhíonn le rá ag an reithe leis. An freagra a bhí ag an bhFilí ar sin, "An lá cheana agus mé ag dul síos an bóthar thar an ngarraí a raibh sé ag ithe ann rith sé aniar chugam agus chuir sé a dhá chrúib tosaigh suas ar an gclaí idir an garraí agus an bóthar agus d'airigh mé ag caint liom é. Sheas mé agus siúil mé anonn chuige. Thóg sé ceann dá chrúba tosaigh den chlaí agus dhírigh sé siar i dtreo Leithrinn í. Ansin dúirt sé go breá soiléir liom, "Nach glas iad na Cnoic i bhfad uainn".

Bhí trí bhealach ag filí Bhaile na mBrobhach le béim a chur ar a chuid dánta agus é á n-aithris don phobal. Ceann amháin ina n-insíodh sé scéal an amhráin i sé nó seacht d'abairtí. An dara ceann go n-éiríodh leis an lucht éisteachta ceangal a dhéanamh idir rud éigin ina saol féin agus an dán nó rud éigin i saol an phobail agus an dán agus an tríú ceann, an dán féin cumtha faoin bhFilí féin nó faoi dhuine éigin a bhfuil aithne an mhaith ag an lucht éisteachta air agus go mbainfeadh siad craic as véarsaí sna dánta a mbíodh daoine aitheantais luaite. Samplaí de seo is ea trí véarsa as an nGráinneach Mór.

*Ba luaithe é ná an eilit ná an giorria cíbe,
Ag dul síos ag Tigh Phít Pheadair Bhreathnaigh,
Ach ag Clochar an Bhromaigh sea bhíomar ina thimpeall,
Pádraic Chearra ar a dhroim is é dhá lascadh.*

*Rug Pít ar an tsluasaid is Joe ar an lá;
Chroch Pádraic an cána uaidh an rata,
Is ba ghearr leis na Fianna iad i lom chosa in airde,
I ndiaidh Thomáis Uí Ghráinne is Mhac Chearra.*

*Síos ar Tigh Fenton a rinne sé láithreach –
Cé a chasfaí sa tsráid leis ach Beartla.
Isteach ar na duánaí buaileann sé an Gráinneach,
Is chuir sé go básta é sa gclaise.*

Sna dánta, Maidín Bhealtaine, Sléibhte Chonamara agus Leithrinn, tá pictiúir an- tsoiléir tugtha ag an bhFilí dúinn ar áilleacht na n-áiteanna seo.

Sna dánta molta ar dhaoine, bhí sé in ann é sin a dhéanamh go maith. Maidir leis na dánta caointe bhí sé in ann daoine a mholadh freisin, An tAthair Mícheál Ó Gríofa, agus Mícheál Breathnach go háirithe. Maidir le dánta ar chúrsaí creidimh, ceapaim go bhfuil dánta an mhaith scríofa ansin aige, mar atá, Lá an Bhreithiúnas, An Bás, Aiséirí an Pheacaigh agus Ar Aghaidh.

Bhí sé ag insint faoin am le teacht sa dán a chum sé faoin dara cogadh mór cúpla bliain sular tharla sé. Is í an cheist a bheadh ag duine, má chreid sé go raibh an dara cogadh mór ag teacht, cén fáth go ndeachaigh sé anonn go Sasana bliain sular thosaigh an cogadh agus gur chaith sé na chéad trí bliana den chogadh i Sasana. Léiríonn sé sin go raibh iompar amháin air agus é ag cumadh na filíochta agus iompar eile air agus é ag iarraidh a shlí bheatha a bhaint amach.

Tá scéal faoi Chailleach na hAirde Móire a bheith ag cur chomhairle ar iascairí gan a dhul ag iascach Aoine an Chéasta agus bhí sise ag feidhmiú mar bhean feasa ag an am céanna a raibh searmanas eaglasta Aoine an Chéasta ar siúl i Séipéal Charna. Ba é an rud céanna é ag Filí Bhaile na mBrobhach. Bhí seisean ag feidhmiú mar dhuine draíochta a raibh ceangal leanúnach aige siar go dtí aimsir na bhFilí agus na ndraoithe. Chreid sé gurbh oidhre é ar fhilí na Gaeilge. Ag an am céanna bhí sé sásta a bheith ina bhall den Eaglais Chaitliceach agus freastal go sollúnta ar shearmanais na hEaglaise sin.

Ar an gcaoi céanna cé go raibh sé in ann dánta diaga den chéad scoth a chumadh, bhí sé chomh maith céanna ag cumadh véarsaí gáirsiúla agus comhluadar na gáirsiúlachta a sheirbhísiú lena chuid dánta chomh maith leis an gcomhluadar diaga. Bhí sé chomh cumasach céanna ag an sciolladóireacht mar a léirigh sé ina dhán ar *An nGráinneach Mór*.

Thug sé cuntas ar an deoraíocht sna dánta *Spailpín Chamais*, agus *An Deoraí as Baile na mBrobhach*. Rinne sé ceangal siar go dtí aimsir na haislinge ina dhán ar an mBean Sí. Sa dán fiannaíochta *Oisín agus Pádraig* rinne sé iarracht mhaith aithris a dhéanamh ar dhánta na mBard nó an fhilíochta shiollabach. Thuig Filí Bhaile na mBrobhach go raibh sé ina oidhre ar thraidisiún a bhí ós cionn míle go leith bliain d'aois, traidisiún a bhí níos sine ná teacht na Normannach ná teacht na Lochlannach go hÉirinn, traidisiún a bhí chomh sean nó níos sinne ná teacht an chreidimh Chaitlicigh go hÉirinn.

Ní thraidisiún na ndraoithe na mBan Feasa, ná Oisín, ná Fhionn Mac Cumhaill amháin a tharraingt an Filí chuige lena inspioráid filíochta a fháil. Sa dán *An Bás* cuireann an Filí smaointe na Críostaíochta faoin mbás i gCois Fharraige os comhair an lucht éisteachta. Is cinnte go raibh tionchar ag

misinéir Árann ar dhánta diaga Joe Shéamuis Sheáin. Orthu sin tá *Lá an Bhreithiúnas*, *Aiséirí an Pheacaigh*, *Lá na Fola* agus *An Tríú Cogadh Domhanda*. Sa dán *Ar Aghaidh* déanann an Filí dán faoi shagart óg a oirníodh agus a bhí le dul ar na misiúin agus a thug cuairt ar Scoil Sailearna nuair a bhí an Filí ag freastal uirthi.

Le linn don phobal a bheith ag ceiliúradh trí scór bliain ina shagart don Athair Steve Ó Donnchadha i mí an Mheithimh i mbliana, bhí deis agam mar Chathaoirleach an Chomharchumainn labhairt ag an ócáid. Roghnaigh mé an dán *Ar Aghaidh* a léamh mar cheap mé gur fheil sé an obair a bhí déanta ag an Athair Steve ar na misiúin. Ní raibh mé ach tosaithe nuair a thosaigh roinnt de na daoine ba shine sa lucht éisteachta á rá in éineacht liom. Bhí sé de ghlanmheabhair acu. Sin léiriú ar an ngreim atá ag filíocht an Fhilí ar a phobal.

D'éirigh le Filí Bhaile na mBrobhach a phobal a spreagadh trí iad a thabhairt siar ar stair an laochais agus na ngníomhartha gaile agus gaisce a tharla sa stair, sa bhFiannaíocht nó sa Rúraíocht, sin nó ceangal a dhéanamh le gníomh éigin a bhí tarlaithe san áit. Mar shampla ar Bhóthar an Locháin

*Is é sladadh Chluain Tairbh a d'fhág Lochlannaigh cloíte,
Is gaiscigh ina mílte Dé hAoine gan ceann.
An cath ag Móin Ratha a mhair seacht lá is seacht n-oíche,
Is gur ann a thit Conal Claon is an laoch Dónal Bán.*

*Scríosadh an Traoi agus creachadh na hEigipts.
Nach iomaí fear bríomhar a d'fhág siad ar lár
Ach an té a d'fheicfeadh gach siege is a mhairfidh le n-insint,
Is do ghníomhartha an tSrutháin Bhuí sea a bhéarfadh sé an barr.*

Ba thréith láidir a bhí san Éireannach a bheith in ann dúshlán daoine a thabhairt agus gnóthachtáil sa dúshlán sin. Tá an dúshlán sin le feiceáil go soiléar sa dán a rinne Joe Shéamus Sheáin faoin nGráinneach Mór.

Tá samplaí go leor sa litríocht bhéil agus sa litríocht scríofa áitiúil ar an sciolladóireacht ach tá go leor de chumas na sciolladóireachta caillte mar go raibh cuid mhaith de nach raibh i gcruth a scríobh síos dar le daoine. Ní minic a bhíodh daoine a mbíodh suim sa scríbhneoireacht acu i láthair nuair a bhíodh na hócáidí sciolladóireachta seo ann. Ach is cinnte go raibh scil na sciolladóireachta chomh láidir nó ní ba láidre ná mar a bhí scileanna caointeoireachta. Bhí sciolladóireacht mar bhealach le smacht, ord agus eagar a choinneáil, náire a chur ar dhaoine, faitíos a chur ar dhaoine ach sa lá atá inniu ann tá bealaí eile aimsithe le tabhairt faoi sin.

Thuig Joe Shéamuis Sheáin go raibh ceangal neamhbhriste aige le filíocht na Gaeilge a chuaigh siar na cianta. Bhí pobal aige agus scríobh sé faoi rudaí a tharla nó faoi rudaí a d'fhéadfadh tarlú nó ar smaointe a bhí ina intinn agus in intinn daoine eile. Scríobh sé faoin nádúr agus faoi rudaí eile agus d'úsáid sé béarlágair na filíochta le go mairfeadh cuimhne ar na rudaí sin lena linn agus ina dhiaidh.

Is fiú dúinn a bheith buíoch dó as an oidhreacht atá fágtha aige againn. Seans go ligfear i ndearmad cuid de na scéalta atá fós ag snámh in intinn an phobail faoi ach is taisce luachmhar a shaothar do Chois Fharraige agus is fiú é a roinnt ó ghlúin go glúin. ■

Teailithe Thoghchán na Comhairle 2019

Donncha Ó hÉallaithe a bhailigh

	Breathnach, Criostóir (Nspl)	Ó Cualáin, Daithí (FF)	Ó Curraoin, Tomás (RSF)	Feeney, Pádraig (Nspl)	Flaherty, Ann (FG)	Hosty, Macdara (FF)	Lee, Marty (FF)	Mac an Iomaire, Pádraig (FG)	Mc Kinstry, Alastair (Glaa)	O Hara, Kevin (SF)	Thomas, Noel (FF)	Iomlán an teailí ón mbosca
Tulaigh Mhic Aodhain	0	1	1	2	40	2	0	1	27	14	127	215
Maigh Cuilinn (6)**	23	20	71	4	323	20	6	19	268	92	739	1585
Bearna (4)**	8	25	246	3	79	397	4	57	179	14	17	1029
Buaile Bheag	4	7	81	1	45	52	2	5	58	6	34	295
Páirc na Sceiche	4	7	34	6	88	12	1	7	41	5	70	275
Na Forbacha 1	1	15	90	1	12	39	4	36	39	7	6	250
Na Forbacha 2*												0
An Spidéal 1*												0
An Spidéal 2	3	40	40	1	16	8	5	70	41	33	4	261
An Spidéil 3	3	38	28	1	4	3	11	64	22	33	7	214
An Spidéal 4	7	92	23	1	9	8	8	110	13	12	2	285
Baile Nua	3	4	21	1	31	1	2	4	42	12	149	270
Sailearna 1	3	49	11	0	1	0	8	35	10	12	8	137
Sailearna 2	4	76	20	0	5	2	6	99	14	24	1	251
Sailearna 3	4	79	19	0	5	2	6	101	14	24	1	255
An Tulaigh 1	2	61	12	0	5	1	8	71	6	8	2	176
An Tulaigh 2	3	51	10	0	4	0	8	71	7	3	3	160
Ros an Mhíl	3	66	3	0	4	0	36	149	6	13	4	284
An Cheathrú Rua 1	3	77	8	1	10	1	134	80	11	35	2	362
An Cheathrú Rua 2	6	44	5	1	7	8	81	51	12	23	1	239
An Cheathrú Rua 3	2	79	16	1	8	2	75	44	1	32	4	264
Tuairín	3	38	3	0	10	4	48	49	5	10	0	170
Leitir Mór	1	25	14	1	20	0	149	96	4	15	0	325
Leitir Mealláin	1	24	1	0	16	0	71	34	0	3	0	150
Tír an Fhia 1	3	22	1	0	44	0	126	33	0	3	0	232
Tír an Fhia 2	0	43	5	0	30	0	158	28	4	6	1	275
Cill Rónáin*												0
Fearann an Choirce	3	16	3	0	4	10	8	15	11	2	2	74
Inis Meáin	2	21	5	0	3	1	6	13	7	2	2	62
Inis Oirr	5	23	8	0	2	31	8	0	13	6	1	97
Iomlán sa Teailí	104	1043	779	25	825	604	979	1342	855	449	1187	8192
Vóta sa 1 ^ú Comhaireamh	113	1166	971	32	872	678	1016	1408	985	509	1211	8961

* Ní raibh aon teailí ar fáil ó na boscaí seo.

** An líon boscaí curtha le chéile atá idir lúibíní.



Comharchumann Shailearna Teoranta

‘Forbairt agus oiliúint an duine, an teaghlaigh agus an phobail trí ghníomhaíochtaí a fhásann as teanga agus as dúchas na Gaeltachta’

Comharchumann Shailearna

Ba é bunú an Chomharchumainn seo i 1984 a chinntigh go leanfadh bunseirbhísí riachtanacha pobail ar aghaidh i gceantar Chois Fharraige tar éis do Chomharchumann Chois Fharraige éirí as trádáil i 1983. Ba faoina stiúir a rinneadh grúpscéim uisce na Tulaí, Ros an Mhíl agus Dhoire Choill. Rinneadh bóithre portaigh agus cuireadh portaigh agus plotanna móna ar fáil don phobal le cúnamh ó Údarás na Gaeltachta. Ba iad na dúshláin mhóra a bhí le sárú aige a rinne an Comharchumann seo chomh cumasach agus gur éirigh leis rudaí a chur roimhe le déanamh agus a fháil déanta a chreid daoine réasúnacha a bheith dodhéanta le cur i gcrích. Thosaigh sé amach agus gan an oiread aige agus a dhéanadh torann ar leic. Taréis go leor idirbheartaíochta le Roinn na Gaeltachta ó Fheabhra go Bealtaine 1984, fuair sé deontas aon uaire nach rachadh thar £50,000 ar chuntar go mbeadh £1 bailithe ag an gComharchumann ón bpobal in aghaidh gach uile £2.50 a chuirfeadh an Roinn ar fáil. Chinntigh an beartas sin caipitil oibre de £70,000 ag CST faoi dheireadh na Bealtaine 1984.

Faoi 1987 theastaigh airgead arís leis an tSeanscoil a fhorbairt agus leis na píopaí uisce a mhéadú. Eagraíodh crannchur carranna le 12 Volvo mar dhuaisianna agus na ticéid á ndíol ar £100 an ceann. Díoladh 2,700 ticéad agus rinneadh brabach de £130,000 ar an bhfeachtas sin. Ba é CST a rinne an idirbheartaíocht le Coimisiún na Talún le cúpla acra a fháil curtha le suíomh na Scoile Náisiúnta sna hochtóidí agus nach breá an Campas Scoile atá ann anois.

Anois agus CST 30 bliain ag seirbhísiú an phobail shocraigh an Bord Stiúrtha CCS a fhostú le taighde a dhéanamh agus moltaí a chur ar fáil le cuidiú leis an mbóthar romhainn a réiteach go soiléir.

Clár Dúshlánach Oibre CST

- Talamh a cheannacht agus tithe a thógáil le díol ar luach réasúnta le daoine as an áit a bhfuil riachtanas tithíochta acu.
- Fostaíocht a chruthú a thabharfaidh deis dár nÓige le sárcháilíochtaí tríú leibhéal cur fúthu san áit ar tógadh iad más é sin a mian. Tá

curtha roimhe aige obair a chruthú do na haicmí eile sa bpobal chomh maith.

- An bánú tuaithe a mhaolú nó a stopadh trí cheangal le sliocht na ndaoine as an áit a d’ímigh agus a bhfuil an cumas acu anois obair a chruthú i dtithe agus in ionaid le banda leathan ard luais in áit dhúchais a sinsear.
- Ionad Oidhreacht a gradamúil a thógáil a bheas mar thaisceadán shaibhreas na muintire dár n-eisimircigh agus mar láthair taighde ar ár n-oidhreacht agus ar bhealaí inár féidir linn féin agus leis an Diaspóra oibriú i bpáirt le chéile agus chun leasa a chéile.
- An Phleanáil Teanga a raibh CST á bhrú chun cinn ó bunaíodh é, a dhíriú ar bhuanú Gaeilge sa bpobal lena chinntiú go mbeidh teaghlaigh gurab í an Ghaeilge a gcéad agus a rogha teanga ag fáil gach uile dheis fanacht amhlaidh.
- Amharclann Chois Fharraige a fhorbairt mar bhealach le cultúr agus ealaín an phobail a chur ar taispeáint don phobal áitiúil agus do chuirteoirí.
- Talamh Chlochar a’ Lára a úsáid taobh istigh de na ceangail thimpeallachta atá air ar mhaithe le muintir na háite agus forbairt turasóireacht a mbeidh an acmhainn Gaeilge atá againn mar chuid lárnach de.
- Trí chomhoibriú le Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair agus Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne tá CST ag tabhairt ceannródaíochta le buiséad na nEagras Stáit a dhéanann maoiniú ar an nGaeltacht a mhéadú go mór trí shábháil a dhéanamh i réimsí eile den chaiteachas stáit.
- Fostaíocht Teanga Neartaithe a chruthú agus a chothú.

An tIonad Tacaíochta Teaghlaigh (ITT)

Ba mar chuid dá straitéis pleanála teanga a thug CST faoi bhunú an ITT. Socraíodh Ionad Gradamúil Cúram Leanaí a thógáil ar chúil Shéipéal an Chnoic le caoinchead Ard-Deoise Thuama. Fuarthas deontas de €2.7 milliún ón stát idir Roinn na Gaeltachta (€1.7 milliún) agus an Roinn



Sláinte (€1 milliún). Bhí €700,000 le bailiú leis an gcostas tógála a ghlanadh. Nuair a bhí leath de sin glanta tháinig an ghéarchéim eacnamaíochta agus b'éigin €350,000 d'iasacht a fháil ó Chlann Credo agus bhí sin ina ualach ar an ITT go dtí gur chinn an tAire Stáit, Seán Kyne T.D. an fuilleach atá fágtha a ghlanadh i mí Lúnasa 2019.

Seirbhísí atá ar fáil ón ITT dóibh siúd atá ag iarraidh a gclann a bheith ag fáil cúraim i dtimpeallacht lán Ghaeilge.

- Seirbhís Naíolainne do pháiste ó 6 mhí d'aois.
- Seirbhís Naíonra.
- Seirbhís Iar-Naíonra.
- Seirbhís Iarscoile.
- Seirbhís iompair idir an ITT agus na scoileanna náisiúnta.
- Seirbhís Bricfeasta do ghasúir roimh am oscailte na scoile.

Os cionn 90 páistí a bhaineann úsáid as an tseirbhís.

Tearmann Éanna

Ba é an taighde a rinne OÉ Gaillimh ar iarratas ó Chomharchumann Shailearna dar teideal 'Sláinte agus Fad Saoil ár Muintire' a bhí taobh thiar de bhunú Thearmann Éanna ar an Tulaigh. Togra dúshlánach a bhí ann agus ba iad an Canónach Ó Flannabhra agus Pól Ó Foighil na ceannródaíthe a bhí dá bhrú chun cinn. Tógadh 20 teach do dhaoine ag dul in aois le a bheith in ann maireachtáil go neamhspleách. Tógadh Ionad Tacaíochta do dhaoine eile in Earagail Phóil. Rinneadh Ionad Leighis nua aimseartha in áit an tseomra réamhdhéanta a bhí suite le taobh Halla na Tulaí. Ba i 2008 a ceapadh an chéad bhainisteoir lánaimseartha ar Thearmann Éanna.

Seirbhísí Thearmann Éanna

- Líon na dtithe do dhaoine ag dul in aois a mhéadú ó 32 go 64 le gur féidir leo maireachtáil go neamhspleách.
- Ionad Lae a chuidíonn le daoine atá ag dul in aois fanacht ina dtimpeallacht féin chomh fada agus is féidir.

- Ócáidí sóisialta idir comhlúadar Thearmann Éanna agus comhlúadair mar iad ó cheann ceann Chonamara.
- Turais eagraithe go háiteanna a roghnaíonn siad féin ó cheann, ceann na tíre.
- Laethanta eolais ag tabhairt cúnaimh do dhaoine le a bheith níos eolaí ar a gcearta agus a bhfuil de sheirbhísí ar fáil dóibh leis an saol a dhéanamh níos éasca dóibh.
- Seirbhís cúram baile dá cur ar fáil faoi scáth a chomhlachta ar fud Chonamara.
- Ionad Néaltrú le tógáil faoi scáth na heagraíochta sa Spidéal.
- A bhfuil de thaithí agus d'eolas faighte ag an gcomhlacht dá roinnt acu le pobail atá sa mbád céanna leo féin.
- Béilí ar rothaí do dhaoine nach mbíonn sé éasca acu an baile a fhágáil.

Tá 144 duine ag baint úsáide as na seirbhísí.



An Biongó faoi lán tseoil sa Seanscoil

Déanfaidh muid gaisce le chéile.

Oíche Fhéile Shan Seáin

Pádraig Ó Héalaí

Ba chuid de thuiscint ár sinsear é go raibh an bhliain roinnte ina dhá leath, mar atá, leath an gheimhridh agus leath an tsamhraidh. B'fhéile mór acu tús gach roinne acu seo (Samhain agus Bealtaine) agus b'fhéilte móra acu freisin laistigh de gach ceann den dá roinn seo, tús shéasúr an earraigh (Lá 'le Bríde) agus tús shéasúr an fhómhair (Lá Lúnasa). D'eascair an leagan amach seo ar fhéilte na bliana as an saol tréadach, an stíl bheatha bunaithe ar thalmhaíocht a chleacht siad. Ach bhí aird acu freisin ar fhéilte a thug aitheantas do thimthriall reanna neimhe agus go sonrach do ghrianstad an gheimhridh agus do ghrianstad an tsamhraidh, féilte a raibh ceiliúradh mór orthu in a lán cultúr.

I bhfad na haimsire, le teacht chun cinn na Críostaíochta i ndúichí éagsúla, chuaigh tionchar an chreidimh sin i bhfeidhm a bheag nó a mhór ar cheiliúradh fhéilte na bliana. Ba chúnamh mór leis an tionchar sin a bhrostú, polasaí stuama na heaglaise Críostaí sna luathaoiseanna i leith láithreacha deabhóide agus féilte págánacha. Tá éirim an pholasaí sin curtha in iúl go beacht i litir ón bPápa Greagóir Mór in 601 AD a thugann treoir don mhisinéir Aibhistín sa Bhreatain conas déileáil le sean-chleachtais phágánacha sa dúiche sin.¹ Molann sé gan na teampaill a scrios ach iad a bheannú agus ionaid adhartha Críostaí a dhéanamh díobh, ionas gurbh fhusa don phobal leanacht ag tarraingt orthu mar láithreacha deabhóide. Luann sé freisin cleachtadh a bheith ag daoine ar dheasghnátha creidimh a cheangal le laethanta áirithe, agus molann sé leas a bhaint as na laethanta céanna sin chun féilte Críostaí a cheiliúradh. Fiú nuair ba nós ainmhithe a íobairt chun na seandéithe, molann sé leanúint le marú na n-ainmhithe, ní mar íobairt, áfach, ach chun féasta a chur ar fáil don phobal.

Ní ábhar iontais ar bith, dá réir sin, go bhfuil toise tréan Críostaí nasctha leis an gceiliúradh traidisiúnta ar fhéile ghrianstad an tsamhraidh sa tír seo, sa mhéid gur mar fhéile Shan Seáin, is é sin, Naomh Eoin Baiste, a ainmnítear é, agus gur lean cleachtais é a raibh paidreacha agus beannachtaí i gceist leo. Bhí 25 Nollaig luaite mar dháta breithe Chríost ón triú haois agus ag áireamh siar naoi mí ón dáta sin, socraíodh ar 25 Márta mar dháta ghiniúint Chríost agus féile Theachtaireacht an Aingil. Ó tharla é ráite i soiscéal Lúcaís (1:36), go raibh Eoin sé mhí i mbroinn Eiliosaibeit an uair sin, bhí sé beartaithe sa chúigiú haois ar dháta c. trí mhí chun cinn uaidh sin, 24 Meitheamh, mar dháta breithe Eoin.

Is léir go bhfuil 25 Nollaig agus 24 Meitheamh

buailte ar dhátaí ghrianstadanna an gheimhridh (20-23 Nollaig) agus an tsamhraidh (20-22 Meitheamh). Go deimhin sular leasaíodh an féilire in 1582, ba é 25 Nollaig dáta ghrianstad an gheimhridh.² I bhfianaise na samhla a thug Críost de féin mar sholas an tsaoil (Eoin 8:12 'Is mise solas an tsaoil'; Eoin 9:5), is maith a fheileann dáta a shaolaithe a lua le grianstad an gheimhridh, tráth a dtosaíonn breis solais ag teacht sa lá. Arís, i bhfianaise ráiteas Eoin Baiste nach foláir dó féin laghdú agus do Chríost méadú (Eoin 3:30), d'fhéadfaí a mhaíomh gur maith a d'fheil grianstad an tsamhraidh, tráth a dtosaíonn laghdú ag teacht ar sholas an lae, dá dháta breithe siúd.

Ach cibé slí a socraíodh ar an dáta, is cinnte go bhfuil, tinte chnámh, gné lárnach de cheiliúradh an ghrianstad, go mór chun tosaigh freisin i gceiliúradh fhéile Shan Seáin. Ó tharla nach bhfuil aon fhianaise údarásach a nascann Eoin Baiste le tine — is féidir glacadh leis gur iarsma den seancheiliúradh ar an ngrianstad atá i gceist le lasadh tinte Oíche na Féile Eoin. Tá an tuairim curtha chun cinn go lastaí an tine mar thacaíocht shearmanastúil don ghrian agus í ag lagú léi ón oíche sin amach, ach ar ndóigh, tuigimid freisin ónár dtaithí féin, go lastar tinte ar ócáidí a mbaineann ríméad agus bua leo. Ar aon chaoi, tá nós na dtinte cnámh ag dul i léig sa tír seo ón dara leath den 19ú haois, ach tá sé fós beo beathaíoch in áiteanna abhus agus in go leor áiteanna eile ar fud na hEorpa.

Sa seansaol, bheadh ábhar na tine á chruinniú go dícheallach tamaillín roimh ré, agus le dul faoi na gréine bhailíodh óg is aosta, fir agus mná ar an láthair agus sólaistí bia agus dí ag cuid acu, b'fhéidir, le roinnt ar a chéile. Níorbh annamh go mbíodh beartaithe ar dhuine faoi leith chun an tine a lasadh agus ba mhinic paidreacha á rá thart uirthi ag tús na

1 Bede, *A History of the English Church and People*, Penguin, eag. 1968, lgh. 86-87.

2 A. Murray, 'Medieval Christmas,' 1986, *History Today*, 36 (1986), 31-39.

hoíche: ‘*Naoi n-uaire a thiocfadh muid timpeall ar a’ tine agus muid a’ rádh páidreachaí, Ár nAthair Atá ar Neamh, 7rl.*’³ Thosaíodh an spórt agus an scléip ina dhiaidh sin — ceol, damhsa agus amhráin mar aon le cleasaíocht agus cúirtéireacht.

Ba í an tine féin fócas an cheiliúrtha agus léiríonn cleachtais a bhain léi gur tuigeadh go raibh buanna sláinte, torthúlachta agus áidh á leanúint, ionas go ndéanadh aon bhaint nó teagmháil léi leas an duine maidir leis na maítheasaí sin. Dá réir sin, creideadh mar shampla, go n-éascódh léimt thar an tine breith linbh nó gur leigheas ar aimride é. Is siombal iad cnámha ar dheireadh na beatha, agus is toisc go gcuirtí cnámha ainmhithe a bhásaigh de bharr galair sa tine, a thugtar fiú go dtí an lá atá inniu ann, tinte cnámh ar na tinte seo. Chaití sa tine freisin rudaí a measadh go leanfadh mí-ádh iad, leithéidí giobail éadaigh othair nó nithe a úsáideadh chun asarlaíochta. Sa tslí sin, go siombalach, chuathas i muinín an chumais scriosta atá ag tine chun fáil réidh le mí-ádh, ach ar an taobh dearfach ansin, luadh cumhacht bhisúil leis an tine mar dhéantaí í a thabhairt i dteagmháil le barraí, le hainmhithe agus leis an teach chun an rath a chinntiú. Scaiptí spré uaithi nó luaithreach ar gharrantaí a mbeadh barraí ag fás iontu:

*Fadó nuair a lastaí ‘n teine, chaithtí cnámha innti agus thugtaí turas tímpeall uirre. I mbailteachaí annseo, chaithidís splannc ó’n teineins chuile gharraidhe a’ gabhail leob. Fós tugann chuile dhuine dhá mbíonn ag a’ teine splannc abhaile leis, agus caitheann sé sa teine ag a’ mbaile í.*⁴

Léiríonn Máirtín Ó Direáin ina dhán *Cuing an Ghnáis* an tseandacht mhór agus an dáileadh fairsing a bhaineann leis an ngné seo de cheiliúradh Oíche Shan Seáin nuair a dhíríonn sé aird ar chosúlacht iompar Árannaigh Oíche Shan Seáin agus iompar fhear ón India ar a chomhfhéile thall:



Lóchrann Chonamara, tine chnámh Oíche Fhéile Shan Seáin, Tigh Peacocke, an Teach Dóite, a d’eagraigh Cumann Forbartha Chois Fharraige i bpáirt le Fíbin agus Coiste Pobail na Fairche [Pic. Seán Ó Mainnín]

*An fear a chaith splanc ón tine chnámh
Isteach i ngarraí an dorais
Níorbh eol dó athair an ghnính a rinne;
Ach chomhlíon se cuing ghnáis,
A rinne aon chine amháin
De chlann an fhóid anall
Ón Ind go dtí an Sruthán.*⁵

I gcuntas spéisiúil ó Chill Tartan tuairiscítear slí eile le rath na tine a scaipeadh Oíche Shan Seáin:

*Bhailíodh muid roinnt mhaith dena biogúnaibh [giolcaigh fhada] agus den luachair díocáin [coigeal na mban sí] agus dhéanadh muid punanacha móra dhóib agus lasadh muid na punanacha sin agus ritheadh muid timpeall an tí leob leis an sonas a chur ar an tigh. An Sop Seáin a ghlaodh muid air sin. Rachadh muid isteach sna garranta ansin agus an Sop Seáin ar lasadh againn agus bhuileadh muid buille den tsop ar na fataí agus ar an gcoirce agus ar na barrana ar fad. Ritheadh muid ansin i ndiaidh na mbeithigh is na mbó is chroitheadh muid an Sop Seáin orthub. Bhíodh siad ag déanamh amach go mbíodh an sonas i ndiaidh na hoibre sin.*⁶

Tá cuid mhór den spleodar a bhaineadh tráth le ceiliúradh Oíche Shan Seáin sa taobh seo tíre, léirithe sa chuntas seo ó Leitir Mealláin in 1935:

Lá mór le sult a’s le greann a’s le caitheamh aimsire do ghasúir óga é Lá Fhéile San Seán, ach ní gasúir

3 Máirtín Ó Cadhain, ‘Cnuasach ó Chois Fhairrge’, *Béaloideas* 5 (1935), 226; a mháthair an faisnéiseoir.

4 Máirtín Ó Cadhain, ‘Cnuasach ó Chois Fhairrge’, *Béaloideas* 5 (1935), 226; a mháthair an faisnéiseoir.

5 M. Ó Direáin, *Crainn is Cairde, Baile Átha Cliath* 1970, 46.

6 CBÉ 434:132-3. Pádraig Ó Flannagáin ó Shéamas Ó Riagáin (84 bl), *Tóin Raithní, Cill Tartan*.

óga uilig a chuireas suim i sult an lae sin ach daoine fásta chomh maith. Is dóighthe gur sean-ghnás é atá ag daoine le achar fada, teinte cnámh a's bratachaí a bheith i n-airde aca Oidhche Fhéile San Seán. Nuair a theagas an lá ar chuma ar bith, is álainn an radharc a bhíos le feiceál ag duine thart ins na ceanntair bhochta. Ar gach cnocán ard aeurach feicfe tú cleith na sheasamh a's bratach ar a bharr. In aice leis an mbratach bíonn teine mhór mhóna nó sgrathacha a's cnámhannaí i n-a lár. Mar a mbeadh na cnámhannaí innte níorbh fhéidir teine chnámha a bhlaidheach uirri chor ar bith.

Go deimhin is ar na gasúir a bhíos an cúram a's an innidhe nuair a bhíos a' lá ag teannadh leó, a's is iad nach ndéanfa an faillighe gan slam sean-chnámhannaí a bheith bailighthe suas aca le haghaidh a' lae. Ní baoghal go ndéanfa siad dearmad gan braon ola mhór a's teara a bheith aca le cur ar liathróideachaí ceirteach le bheith dhá lasadh a's dhá gcaitheamh suas san aeur. Go deimhin, is breágh an radharc iad nuair a bhíos a' tráthnóna deireannach ann. Nuair a bhíos na liathróideachaí ceirteach sin smeartha aca le ola mhór a's le teara, a's nuair a caithtear suas lasta iad bíonn sult aca orra, is iad ag tuitim anuas lasta a's smáilogaí teine a' tuitim astú. Níl ardán ná cnocán ar fuð Chonamara nach

bhfeicfe tú teine chnámh tráthnóna Fhéile San Seán. Feicfe tú na liathróideachaí lasta sin dhá gcaitheamh suas san aeur, a's iad a' tuitim anuas arís, dhá gcaitheamh suas arís a's lasógaí dearga ag imtheacht soir a's siar uatha.

Nuair a bhíos a' deireannas ann tugann na gasúir leó sluasad de'n teine chnámh, a's téigheann siad thart ar na garrdhanta arbhair a's fataí, a's caitheann siad splannn nó sméuróid bheag sa chuile gharrrdha aca i riocht a's nach féidir leis na daoine maithe tada a mhilleadh faoi na fataí ná faoi'n arbhar. Ar deireadh nuair a bhíos deireadh le sult an lae, baineann siad a' bratach anuas, a's tugann sluasad de'n teine chnámh abhaile a' beannú an tí a's a' cuir an ádha air.⁷

Is cinnte gurbh ócáid mhór pobail í ceiliúradh Oíche Shan Seáin ar lean spraoi agus tairbhe í san am atá caite. Ach oiread le gnéithe eile dár n-oidhreacht, is fiú eilimintí fóna den cheiliúradh seo a aithint, agus féachaint le hiad a chur chun cinn i slí a d'fheilfeadh do shaol agus do phobal na linne seo. Céim inmholta sa treo sin ba ea an ceiliúradh a d'eagraigh Cumann Forbartha Chois Fharraige i gcomhar le Coiste Pobail na Fairche agus le cúnamh ó Ghaillimh 2020, ag an Teach Dóite, Oíche Shan Seáin i mbliana. ■

7 Béaloideas 4 (1933), 454: Peadar Ó Direáin, Leitir Mealláin, an scríobhaí.

Adhlacóirí Mhic an Iomaire

Seirbhís Iomlán Sochraide



Pádraig (091) 572974 / (091) 551127

Fón Póca (087) 9213795

Joseph (087) 9173279

Éalú de Valera ó Lincoln

3ú Feabhra 1919

Éamon Ó Cuív, TD

Ar an gcéad deireadh seachtaine d'Fheabhra i mbliana thug mé féin agus Áine, mo bhean, cuairt ar bhaile stairiúil Lincoln i lár tíre Shasana. Le comóradh a dhéanamh ar éalú Éamoin de Valera agus beirt eile ón bpríosún ar an 3ú Feabhra a chuaigh muid ann.

I rith an turais, d'fhoghlaim muid go leor faoin éalú ag seimineár a reáchtáladh i Leabharlann na Cathrach faoin ábhar seo agus faoi fhear stairiúil eile, Fenner Brockway, a chaith tréimhse sa bpríosún ag an am céanna mar nach raibh sé sásta páirt a ghlacadh sa gCéad Chogadh Domhanda agus a bhí ina fheisire parlaiminte ina dhiaidh sin do Pháirtí Lucht Oibre na Breataine sna caogaidí. Ar an Luan thug muid cuairt ar an bpríosún ar chuireadh ón ngobharnóir agus chonaic muid láthair na heachtra stairiúla. Is príosún gníomhach i gcónaí é príosún Lincoln agus níor éalaigh éinne as an bpríosún roimhe ná ina dhiaidh sin.

Nuair a bhí mé ag fás aníos, labhair mo mháthair go minic ar an eachtra seo agus ní gan údar. Rugadh í ar an 15 Lúnasa 1919 nuair a bhí a hathair mar phríosúnach ann agus tá sé sin ráite ar a teastas breithe. B'údar mór bróid di é seo. Is cuimhneach liom nuair a shocraigh sí go dtiocfadh Daideó (Éamon de Valera) ag an teach leis an scéal a insint. Rud a d'fhan i m'intinn i gcónaí ná an bosca tobaic le céir ann, an eochair agus an stoca a thug sé leis, leis an scéal a mhíniú.

Ach ar ais chuig tús an scéil. I mí Bealtaine na bliana 1919, tógadh Éamon de Valera agus go leor de chinnirí Shinn Féin ar leithscéal go raibh comhcheilg ar bun idir Sinn Féin agus na Gearmánaigh. Níor cuireadh fianaise ar bith ar fáil ag an am nó ariamh go raibh a leithéid de chomhcheilg ar bun. Leithscéal a bhí ann leis an ngaoth a bhaint as seolta Shinn Féin de bharr an fheachtais láidir a chuir siad ar bun in aghaidh an choinscríofa. Theip ar an iarracht sin.

Chríochnaigh an Chéad Cogadh Domhanda ar an 11 Samhain 1919 agus fós féin bhí na príosúnaigh á gcoinneáil. Is ansin a bheartaigh de Valera go mba

cheart iarracht a dhéanamh éalú as an bpríosún. Bhí nós aige sa bpríosún friotháil ar an Aifreann a bhíodh á rá ann. Thóg sé faoi deara go bhféadadh an sagart an eochair don phríosún a bhí aige sa sacraistí nuair a bhíodh sé ag léamh an Aifrinn. Smaoinigh sé dá bhféadfadh sé imlín na heochrach a fháil go mbeadh seans ann go bhféadfadh sé pictiúr de a fháil amach as an bpríosún agus go bhféadfaí eochair a dhéanamh taobh amuigh den phríosún dóibh. Fuair sé canna tobaic agus ghearr sé cuid den bharr amach as. Ansin fuair sé céir thar tréimhse ama ó na coinnele sa séipéal sa bpríosún agus líon sé an canna leis. Anois, bhí sé faoi réir le himprisean na heochrach a dhéanamh sa gcéir.

Lá amháin ag an Aifreann, d'fhág sé an t-uisce agus an fíon sa sacraistí roimh an Aifreann agus nuair a bhí an tAifreann ar bun d'fhág sé an altóir len iad a fháil. Nuair a chuaigh sé isteach sa sacraistí bhrú sé an eochair isteach sa gcéir a bhí téite aige trí é a chuimilt in aghaidh a cholainn. Anois bhí macasamhail sa heochrach aige ach an cheist a bhí



Mapa den Bhealach Éalaithe



Éamon agus Áine, taobh amuigh de Phríosún Lincoln

ann cén chaoi an scéal a thabhairt don lucht tacaíochta taobh amuigh. Bhí príosúnach in éineacht leis sa bpríosún, Seán Milroy, a bhí an-mhaith ag tarraingt pictiúr agus tharraing seisean cárta grinn a raibh dhá phictiúr de phríosúnach eile, Seán McGarry, air agus ceann acu ag taispeáint McGarry i 1917 agus é ólta ag iarraidh eochair mhór a chur i bpoll eochrach beag agus an chéad ceann eile ag taispeáint a fear céanna le heochair bheag agus poll eochrach mór. Séard a bhí scríofa ar an gcárta ná Nollaig 1917 ní féidir fáil isteach agus Nollaig 1918 ní féidir fáil amach. Bhí míniú leis i nGaeilge ag míniú fíorchiall an chárta ach scaoil cinsire an phríosún amach an cárta ag ceapadh gur píosa grinn neamhurchóideach a bhí ann. Faraor, sin é an brí céanna a bhain bean Shean McGarry as an gcárta freisin. Tar éis roinnt litreacha eile i Laidin, Béarla agus Gaeilge a theacht amach as an bpríosún ag sagart, tuigeadh an scéal agus rinne eochair le seoladh isteach go dtí an príosún.

Ag an am bhíodh sé coitianta bia a sheoladh isteach i bpríosúin i Sasana mar bhíodh an bhia go dona iontu. BÁCÁLADH ciste rísíní agus cuireadh an eochair isteach ann agus tugadh ag an bpríosún é. D'éirigh leo an eochair a fháil isteach gan é a bheith tugtha faoi deara. Nuair a triaileadh an eochair níor oibrigh sí agus bhí orthu fios a chur ar eochair eile. San iomlán, thóg sé ceithre eochair agus ceithre cháca le heochair fheiliúnach a fháil agus rinne príosúnach eile de shloinne de Loughrey é a ghearradh ceart taobh istigh den phríosún. Anois bhí eochair den scoth acu, ach an cheist a bhí ann ansin ná dáta an éalaithe a shocrú agus socraithe a dhéanamh go mbeadh daoine taobh amuigh lena chinntiú go n-éireodh leo imeacht go sciobtha ó Lincoln. Aontaíodh freisin ar na comharthaí a thabharfaí ón bpríosún agus ó thaobh

amuigh den príosún lena dheimhniú go raibh an iarracht ag dul ar aghaidh. Bhí orthu cinntiú freisin go n-éalódh siad ar lá a mbeadh gealach íseal ann le nach bhfeicfí go héasca iad tar éis an príosún a fhágáil.

Faoi dheireadh tháinig lá na cinniúna ar an 3ú Feabhra 1919. D'oibrigh an eochair a bhí déanta acu ar chuile ghlas go dtí gur shroich siad an geata a bhí ag cúl an phríosúin sa gclós aclaíochta. Idir an dá linn bhí Anraí Ó Beoláin agus Mícheál Ó Coileáin tagtha ón taobh amuigh go dtí an geata. Bhí eochair acu siúd freisin ach bhí sé tar éis briseadh sa nglas. Buíochas le Dia, níor chas sé agus bhí Éamon de Valera, Seán McGarry agus Sean Milroy in ann é a bhrú amach agus a n-eochair féin a úsáid. De bharr an torainn a bhíodh an geata a dhéanamh níor dúnadh é ina ndiaidh agus sin é an t-aon doras nár ghlasáil siad ina ndiaidh ag éalú.

Bhí go leor eachtraí eile ann idir tacsaithe agus traein, ach faoi mhéan oíche an oíche sin bhí Ó Beoláin agus Ó Coileáin i Londain agus de Valera, Milroy agus McGarry i dtithe éagsúla i Manchain i bhfad ón bpríosún. Idir an dá linn, thóg sé dhá uair a chloig sular thuig údaráis an phríosúin go raibh siad ar iarraidh in áit éigin agus ní fios cén fhad a thóg sé orthu a fháil amach go raibh siad éalaithe as an bpríosún de bharr go raibh na doirsí glasáilte acu ina ndiaidh.

Tar éis cúpla seachtain, d'éirigh le de Valera teacht go Baile Átha Cliath áit a toghadh é ag Dáil Éireann mar Uachtarán ar an Dáil. Faoi Mheitheamh na bliana sin chinn sé ar dul go Meiriceá le tacaíocht a lorg don chúis agus d'éirigh leis uair amháin eile dul faoi cheilt go Learpholl agus a sin dul go Meiriceá i bhfolach ar bhád a bhí ag dul anonn.

In 1951, chuaigh Éamon de Valera ar ais go Lincoln áit ar labhair sé ag cruinniú mor in aghaidh chríochdheighilt na tíre. Ar an ardán an oíche sin bhí Fenner Brockway, MP, an t-iarphríosúnach a bhí in éineacht leis sa bpríosún. Chuaigh sé ag an Aifreann freisin ag an séipéal (Séipéal Naomh Hugh Lincoln) ina raibh an sagart a bhíodh ag léamh an Aifrinne sa bpríosún ina shagart paróiste faoin am sin. Agus sular fhág sé an áit, chuaigh sé ar cuairt chuig an bpríosún féin ach an t-am seo d'fhag sé, le cead udaráis an phríosúin agus amach tríd an bpríomhdhoras! ■



An eochair a d'úsáid Éamon de Valera chun éalú

Deireadh an RIC i gCois Fharraige 1901-1922¹

Cormac Ó Comhraí

Irith an naoú céad déag tháinig an pobal faoi thionchar stát na Breataine ar bhealaí nár tharla roimhe sin. Tá an t-alt seo chun leathshúil a chaitheamh ar laethanta deireanacha cheann d’institiúidí móra an stáit sin, Constáblacht Ríoga na hÉireann, An Royal Irish Constabulary. Ba é an RIC an fórsa póilíneachta armtha a bhí sa tír agus iad ag feidhmiú chuile áit seachas i mBaile Átha Cliath. 9,656 fear a bhí san RIC i Meán Fómhair 1919, mar shampla, agus iad scaipthe timpeall na tíre in thart ar 1,400 beairic. Ó thaobh an cheantair seo de, bhí beairicí ag an RIC i mBearna, sa Spidéal, in Inveran mar a ghlaigh Fórsaí na Breataine ar an mbeairic, ar an gCeathrú Rua agus ar an nGort Mór i Ros Muc. I rith Chogadh na Saoirse scriosadh go leor de bheairicí an RIC agus faoi 1922, nuair a cuireadh deireadh leis an eagraíocht, ní raibh fágtha de na beairicí áitiúla sin ach beairic an Spidéil. Go deimhin féin, scriosadh an bheairic sin sa gCogadh Cathartha.

In 1891 thug Tadhg (Tim Johnny) Ó Cualáin as Both Chuanna sa Spidéal aghaidh ar an mbunscoil den chéad uair. Labhair sé le Raidió na Gaeltachta sna 1970í faoin áit: ‘Ó Béarla, ní raibh aon Ghaeilge ann’. Níor thaitin múinteoirí géara na scoile leis, é ag déanamh cur síos orthu mar “dhá chrochadóir.” Céard a bhí i ndán do leithéidí Uí Cualáin agus iad ag fágáil na scoile: múineadh, feilméireacht, imirce? D’imigh duine dá chuid deartháireacha féin go Meiriceá chomh maith le go leor dá chuid cairde scoile. Bhí níos mó den ádh ar Thadhg agus fuair sé post ag obair mar gharraíodóir do na Muirísigh i dteach móir an Spidéil.

Is cinnte gur breathnaíodh ar an bpobal Gaeltachta mar dhaoine a bhí barbartha. Scríobh Cigire Ceantair amháin faoi Chois Fharraige: ‘*The people there and all along the coast are a very savage race*’. Tugann an daonáireamh léargas áirithe ar dhearcadh an stáit ar an nGaeilge agus ar an bpobal Gaeltachta chomh maith le heolas áirithe faoi na póilíní a chonaic Tadhg Ó Cualáin ina cheantar dúchais agus é ina ghasúr. Oíche an daonáirimh in 1901 sa Spidéal, bhí seisear ball den RIC sa mbeairic. Ní raibh Gaeilge ag oiread is duine acu. Is pátrún é sin a bhí le feiceáil i mbeairicí eile an cheantair. Ní raibh Gaeilge ach ag duine amháin

as ceathrar de phóilíní Bhearna, duine as seisear in Indreabhán, beirt as ochtar ar an gCeathrú Rua agus ní raibh sí ag duine ar bith de sheisear Ros Muc. 13% de phóilíní i bpobal fíor-Ghaeltachta a raibh Gaeilge acu. In 1911, nuair a bhí an chéad daonáireamh eile ann, ní raibh Gaeilge ag ceachtar den bheirt i mbeairic Bhearna an oíche sin. Sa Spidéal ní raibh sí ag duine ar bith as ceathrar. Bhí sí ag duine amháin as ceathrar sa mbeairic in Indreabhán. Ar an gCeathrú Rua ní raibh sí ag duine ar bith den cheathrar a bhí i láthair an oíche sin. Ní raibh sí ag duine ar bith den chúigear a bhí ar an nGort Mór i Ros Muc ach an oiread. 5.2% líon na nGaeilgeoirí a bhí sna beairicí.

An comhtharlúint a bhí ina leithéid? Gan taighde ceart ní féidir breithiúnas a thabhairt ar an gceist sin ach bhí samplaí den chineál céanna le feiceáil i ndaonáirimh 1901 agus 1911 i gceantarcha eile. Ní raibh Gaeilge ag duine ar bith as an gceathrar a bhí i Rinn Ó gCuanach ceachtar den dá oíche. Ní raibh sí ag ceachtar den tseisear a bhí i nGleann Cholm Cille (1911) ná ag ceachtar den cheathrar (1901) nó den chúigear (1911) a bhí i mBaile an Sceilg. Bhí sí ag duine amháin as ochtar i mbeairic in Acaill (1901). Céard ba chúis leis an easpa Gaeilgeoirí i measc na

¹ Bunaithe ar eolas atá i mo leabhar Sa Bhearna Bhaoil: Gaillimh 1913-23 (Cló Iar-Chonnacht, 2015), eolas atá i gCartlann Raidió na Gaeltachta agus ar fáil ar líne ag www.reabhlóid.ie go háirithe agallaimh le Tadhg Ó Cualáin, 8 Márta 1976 agus le Tomás Ó Loideáin, Comhluadar, 19 Márta 1988., cartlanna 1901 agus 1911, ráiteas Peter Folan BMH WS 316 agus Mhíchíl Uí Dhroighneáin; P7/15 Tuairiscí as Oirthear agus as Iarthar Chonamara, Samhradh 1921 (Páipéir Mulcahy, Cartlann UCD); Léacht a thug mé dár teideal “An Réabhlóid agus an Ghaeilge: Ceisteanna le freagairt” ar fáil i Saol Corrach: Éire i mbun réabhlóide (Baile Átha Cliath, 2019).

bpóilíní a bhí lonnaithe sa nGaeltacht: an dímheas, easpa céille, easpa tuisceana ar an bpobal nó iarracht an eagraíocht a úsáid chun dochar a dhéanamh don Ghaeltacht? Meascán de na rudaí sin uilig?

Ar aon chaoi, slí bheatha tharraingteach a bhí san RIC d'fhir óga cosúil le Tadhg in iarthar na hÉireann. Bhí cuimhne pobail ar an mbaint a bhí ag an bhfórsa le daoine a chur as seilbh ach bhí an naimhdeas in aghaidh an RIC faoi c.1914 teoranta do cheantair ina raibh agóidíocht talún. Bhí stádas ag na póilíní ina bpobal féin, pá cinnte, pinsean, éide, seans roinnt den tír a fheiceáil chomh maith le bás a fháil in Éirinn. Glacadh leis go forleathan go raibh baill an fhórsa cneasta, macánta cé go ndearna poblachtánaigh gearán faoina bhforéigean agus a gclaontacht. Ní hé nach raibh lochtanna ar an bpost don líon mór náisiúntóirí a bhí mar chonstáblaí agus sáirsintí an fhórsa. Bheifeá ag glacadh le horduithe i gcóras nach raibh saor ó idirdhealú bunaithe ar reiligiún, polaitíocht, aicme. Bheifeá ag cosaint úinéireacht talún a bhí éagórach, de réir mar a thuig daoine ó do chúlra féin é. Bhí an choróin ar an gcaipín agus náire shaolta a bhí ansin do phoblachtánaigh agus roinnt náisiúntóirí. Bheadh gá le súil ghéar a choinneáil ar agus b'fhéidir fianaise a thabhairt in aghaidh roinnt díobh siúd nach raibh sásta glacadh le húdarás an Rí ach ní mórán acu a bhí thart níos mó, shílfeá. Is comhartha é óglaigh shinsearach a nGaillimh arbh póilíní iad a n-aithreacha ar an nglacadh forleathan a bhí leis an bhfórsa i bhfeidhmiú an dlí ó lá go lá. I measc na mac a chuaigh le gluaiseacht na poblachta bhí na ceannfoirt Joe Howley agus Gerald Bartley. Níos gaire do bhaile mac le póilín ab ea John Geoghegan a mharaigh fórsaí na Breataine i Maigh Cuilinn in 1921.

In 1908, thug Tadhg aghaidh ar Bhaile Átha Cliath le dul san RIC. Ba é a dheartháir a thug Tadhg isteach ar an *jaunt* go Gaillimh leis an traein a fháil go dtí an depot traenála. Bhí Tadhg ag caoineadh "*ar feadh an achair*". Gné amháin a bhain le saol an phóilín nach bhféadfadh sé post a fháil ina chontae féin, cé go raibh Gaillimh roinnte ina dhá chontae ó thaobh an struchtúir a bhí ag an RIC. Go Ros Comáin a cuireadh é agus ina dhiaidh sin go hUíbh Fhaillí. Is ansin a bhí sé go dtí 1922 nuair a cuireadh deireadh leis an eagraíocht.

Le tús an Chogaidh Mhóir, tháinig athrú mór ar shaol na bpóilíní, athruithe nárbh léir dóibh féin i dtosach. Scríobhadh gach beairic tuairiscí rialta ar a ceantar féin dá gCigire Contae agus uair in aghaidh na míosa scríobhfadh seisean cuntas ar an gcontae do cheannaire an fhórsa, an Cigire Ginearálta. '*Ireland lives under the microscope*' a dúradh mar gheall ar an gcóras sin. Mar gheall ar an gcogadh cuireadh reachtaíocht DORA, an *Defence of the Realm Act*, i bhfeidhm. Leag an reachtaíocht seo ualach oibre breise ar na póilíní, ghearr sé siar ar an méid saoirse a bhí ag an bpobal agus chuir sé as dóibh dá réir. Laistigh den RIC, bhí baill ag cur ceisteanna faoina ról a bhí acu i smachtú na tíre. Bhí Peadar Mac

Fhualáin ar dhuine acu. In 1915 bhí sé i gceist aige éirí as a phost mar phóilín i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ach nuair a labhair sé le poblachtánach faoina phost iarradh air fanacht ann. Níorbh é Mac Fhualáin an chéad phóilín nó an duine deiridh a thosaigh ag obair faoi rún do na poblachtánaigh ach is fíorbheagán acu a bhí chomh tábhachtach leis agus dlúthbhaint aige le córas faisnéise Mhíchíl Uí Choileáin i mBaile Átha Cliath. I measc na ndaoine a maraíodh sa gcoimhlint faisnéise sin bhí William Charles Forbes-Redmond, póilín sinsearach a cuireadh go Baile Átha Cliath le ceannas a ghlacadh ar an gcoimhlint in aghaidh an IRA ann. Bhí seáirse caite ag Redmond sa Spidéal scór bliain roimhe sin agus ba é a scríobh an litir mholta do Mac Fhualáin nuair a chuaigh sé san RIC.

Idir 1916-19 d'fhás míshástacht an phobail le stát na Breataine as cuimse. Ar chúiseanna difriúla, ina measc míshástacht le críochdheighilt agus leis an gcaoi a cuireadh Éirí Amach na Cásca agus níos deireanaí an poblachtánachas go ginearálta faoi chois, thosaigh sciar mór de bhaill an RIC ag tabhairt cúnamh go díreach agus go hindíreach do ghluaiseacht na poblachta. Bhí daoine eile a d'éirigh ní ba dhiongbháilte ina gcuid iarrachtaí an stát a chosaint. Taobh leis sin, d'éirigh an IRA níba dhána agus ní ba dhúshlánaí. In ainneoin an Éirí Amach ar an Eachréidh in 1916 agus cáil fhíochmhar an chontae mar áit fhoréigneach, bhí Gaillimh réasúnta ciúin agus Cois Fharraige fíorchíúin sna laethanta sin. Mar sin féin ba léir cé aige a bhí an comhar agus ní ag fórsaí an stáit a bhí sé. Bhí an pobal áitiúil ag glacadh leis an bpoblachtánachas agus le hinstitiúidí na poblachta. Ghnóthaigh Pádraic Ó Máille suíochán parlaiminte do Shinn Féin, crochadh bratacha poblachtánacha i mBerna, gasúir i scoil na bhForbacha le cloisteáil ag úsáid gártha catha Poblachtánacha, tine chnámh sa Spidéal nuair a ghnóthaigh Sinn Féin fothoghchán, Óglaigh ag máirseáil sa Spidéal, sochraid phoblachtánach i reilig an Chnoic.

Ceann de na rólanna tábhachtacha a bhí ag an RIC go stairiúil ná súil ghéar a choinneáil ar bhagairtí don chóras stáit agus don chóras maoine. Sampla de sin ná an cur síos a bhíodar in ann a dhéanamh, más cruinn a bhí sé, ar Pheadar Ó Máille an poblachtánach as Indreabhán:

Connemara accent, turns out his toes when walking, walks quickly and swings his arms; grey eyes, large nose, sallow complexion, broad face, medium make, approximate weight, 10 stone; 5 ft. 7 in. high; about 22 years of age; very fair hair; not bald; wore a dark grey tweed coat, trouser and vest. Irish teacher.

In ainneoin súile an RIC a bheith chuile áit, níor facthas an tÉirí Amach ag teacht agus d'éirigh sé níba mheasa. Bhí daoine ann a bhí sásta eolas a thabhairt dóibh ach ní an oiread sin acu siúd a bhí ann agus

ní raibh cinnteacht ar bith go bhféadfaí brath ar an eolas. I samhradh 1921, bhailigh an tIRA eolas ar fud na hÉireann faoi cé go díreach a bhí faoi amhras mar dhaoine a bhí ag soláthar faisnéise d'Fhórsaí na Breataine. Dhá dhuine fichead a raibh amhras ar an IRA fúthu i gConamara uilig. Bhí pátrún áirithe le feiceáil i gConamara:

- Bhí na bailte fíorfheiceálach sa liosta. Ina measc bhí seisear as an gClochán agus ceathrar as Uachtar Ard.
- Go ginearálta ní raibh amhras faoi dhaoine a bhí ina gcónaí in áiteacha gan beairicí. Níor luadh aon duine as an gCeathrú Rua, as ceantar na nOileán, as Ros Muc, ná as na Forbacha, mar shampla.
- Bhí go leor de na daoine a bhí faoi amhras ag obair i siopaí a mbeadh teagmháil acu leis an stát. Bhí aon dhuine dhéag acu, ar a laghad, sa mbád sin mar gheall ar an obair a bhí á dhéanamh acu féin nó ag a ngaolta i siopaí, oifigí poist agus tithe ósta.
- Bhí óglach amháin ar an liosta.
- Sasanach amháin agus triúr Protastúnach Éireannach, chomh fada agus is féidir a bheith cinnte. Bhí beirt acu siúd as clann amháin.
- Rud eile a bhí suntasach ná go raibh beirt as trí chlann dhifriúla faoi amhras.

In 1916 ceapadh Caitliceach, an Briogáidire-Ghinearál Sir Joseph Byrne, mar Chigire Ginearálta, an chéad uair riamh gur ceapadh Caitliceach sa bpost tábhachtach seo. Brúdh i leataobh é go luath in 1920 nuair a thosaigh rudaí ag dul ó smacht sa tír, ar mhaithe le Sir T.J. Smith. Protastúnach a bhí i Smith agus creideadh ag an am go bhfuair sé an post mar gheall go mbeadh sé níos fíochmhaire ná Byrne a bhí in aghaidh athruithe i dtreo an mhíleatachais sa bhfórsa. Chiallaigh na hathruithe nua seo sreangáin dheilgneacha, gunnaí, pléascáin, brú agus botúin. I mí Feabhra 1920 caitheadh agus goineadh póilín sa Spidéal fad is a bhí oifigeach míleata ag tabhairt léachta dóibh ar an gcaoi le gunna nua a úsáid go sábháilte. Sa Spidéal, chuir dúchrónach darbh ainm an Constábla Matthias Kelly lámh ina bhás féin díreach roimh an Sos Comhraic.

Bhraith taithí póilíní ar an RIC i rith Chogadh na Saoirse ar an gceantar ina raibh siad lonnaithe, ar na dualgais a bhí orthu agus sciorta den ádh a bheith orthu. D'fhéadfaí an tréimhse a chaitheamh gan a bheith i gcontúirt ná faitíos a aireachtáil lá agus oíche. Níor airigh Tadhg Ó Cualáin aon chontúirt i gCogadh na Saoirse mar gheall ar an dea-chaidreamh a bhí ag an RIC leis an bpobal in Éadan Doire, Uíbh Fhaillí. Cibé cén contúirt a bhí ann dó, bhain sé le strainséirí, shíl sé. Ar an lámh eile, bhí an cogadh sách fuilteach, nimheanta i gCiarraí áit ar fuadaíodh Pat Watters, ball den RIC, as an Lochán Beag. Maraíodh Watters go cinnte cé nár fritheadh a chorp riamh. Bhí Watters

in éineacht le dúchrónach agus cuireadh a chorp úd freisin.

Faoi 1919/1920, bhí ruathair airm coitianta ar fud na tíre agus óglaigh ag goid arm nuair a bhí deis acu. Ba mhinic nach raibh gá acu iad a ghoid. Thug a lucht tacaíochta féin dóibh iad nó bhí dílseoirí rósanraithe iad a dhiúltú. Ní raibh ceist ar bith faoi cé air a d'úsáidfí na gunnaí, na póilíní féin. Tharla ceann de na ruathair sin sa Spidéal Lá 'le Stiofáin 1919 nuair a rinneadh ruathar ar theach duine d'fhostaithe an Tiarna Cill Aithnín. Mar a shampla, bhí sáirsint áitiúil de chuid an RIC le bheith ar cuairt aige an oíche sin ach níor fhéad sé cloí lena choinne mar gheall ar achrann thíos ar an tsráidbhaile. Dhiúltaigh an Sáirsint Rodgers tada a dhéanamh faoi ag rá go mba cheart go mbeadh ciall ag na Droighneánaigh. Ní raibh sé in ann muintir na háite a choinneáil ón anachain i bhfad eile.

Go luath in 1920, tháinig athrú mór millteach i saol an RIC nuair a cuireadh Dúchrónaigh ar fad na tíre chuig beairicí an RIC. Baill nua den RIC a bhí iontu seo. Daoine a rugadh sa mBreatain ba mhó a bhí iontu agus is beag an tuiscint a bhí acu ar an bpóilíneacht ná ar mhuintir na háite. Tháinig fiántas, gadaíocht, dúnmharú, céasadh agus dóiteáin in éindí leo agus is beag a rinne an stát faoi. Tá samplaí iomadúla den mhí-iompar a bhain leo as an gceantar seo. Mícheál Ó Droighneáin an príomhspríoc a bhí acu. Ionsaíodh teach a mhuintire sa Spidéal chomh maith leis an teach a raibh cónaí air ann sna Forbacha. Rinneadh bagairt ar a mhuintir. Dár le Tomás Ó Loideáin sa Spidéal, chaith na Dúchrónaigh buama isteach ina theach nuair a bhí daoine istigh sa teach. Scaití is cruálachas díreach a bheith i gceist. In Indreabhán:

Bhí fear in aice linn ar an 'run' agus is cosúil go raibh siad ag iarraidh breith air. Ach ní raibh aon dhuine sa teach an lá sin ach asal a bhí ceanglaí sa gcró agus thug siad leo an t-asal agus cheangail siad den lorraí é agus nuair a bhí muid ag tíocht anoir bhí an lorraí ag goil soir agus bhí an t-asal bocht is a theanga amuigh á tharraingt ar an mbóthar agus fuil ag teacht as a bhéal.

Phléasc foréigean in aghaidh phoblachtánaigh agus in aghaidh an phobail faoi thrí i gCois Fharraige. Tharla an chéad ócáid nuair a maraíodh póilín i gcathair na Gaillimhe agus lean feachtas le scéin a chur sa bpobal sa agus timpeall ar an gcathair. B'shin Meán Fómhair 1920. Mar shampla, i bhfocail an *Connacht Tribune*,

"volleys were fired in Galway West, Salt-hill, Barna and along the road to Spiddal. Shots were fired through the shop window of Mrs. Donnelly, Barna . . . Mr. Patk. Concanon, Barna, alleges that . . . he was held up and roughly treated by men who arrived in motor lorries. He was told to say his prayers, while volleys were fired . . . It is

also alleged that other houses in the vicinity and in Spiddal district were fired into".

Tharla an chéad ócáid eile thart i nDeireadh Fómhair 1920 nuair a d'fhuadaigh an IRA an múinteoir scoile Patrick Joyce i mBearna. Caitheadh an Seoigheach mar spíodóir. Rinneadh ionsaithe ar dhaoine agus ar thithe ar fud an triantáin idir Bearna, an Spidéal agus Maigh Cuilinn. An rud ba chonspóidí a tharla ar an ócáid sin ná marú an Athar Uí Gríofa. Tharla an tríú rabharta ionsaithe i mí Bealtaine 1921 nuair a las Fórsaí na Breataine tithe sa Spidéal agus i Maigh Cuilinn tar éis don IRA ionsaí a dhéanamh ar an RIC sa Spidéal.

Ag an am céanna, dearmad a bheadh ann glacadh leis gur Dúchrónaigh a bhí sna póilíní uilig a raibh baint acu le cúrsaí coiriúlachta. Dúirt Tomás Ó Loideáin as an Spidéal, "Bhí cuide de na sean-phóilíos go dona." Duine de na daoine a luadh leis an bhfiántas i gCois Fharraige ná an póilín sinsearach Éireannach Richard F. Cruise a bhí ina cheannasaí ar an RIC i nGaillimh agus Maigh Eo ina dhiaidh sin. Bhí liosta ag chuile phoblachtánach ina chloigeann de na póilíní "maithe" agus na póilíní "dona". Bhí drochmheas ag Mícheál Ó Droighneáin ar na constáblaí Ryan agus Murhill agus bhí meas aige ar an gConstábla Hannon.

Ansin ar an 11 Iúil 1921 tháinig sos cogaidh i bhfeidhm. Síníodh conradh agus bunaíodh Saorstát. Má cheap baill an RIC go raibh deireadh lena gcuid trioblóidí bhí dul amú orthu. Bhí líon mór ionsaithe orthu in 1922 agus trí stát in iomaíocht sa tír: poblacht, saorstát agus riail na Breataine, ach gan smacht ceart ag ceann ar bith acu. Sa Spidéal, ionsaíodh Timothy Murhill cé go raibh amhras ag státhóras na Breataine faoina mhacántacht. B'Arm an tSaorstáit a rinne an ruathar:

I beg to state that on the 4th of May 1922 my house in Spiddal Galway where my wife Delia resided was raided by Free State soldiers one of whom she knew. Thomas Feeney Letterpeak, Spiddal then stationed in Spiddal Barrack, he seized my bicycle. Value £15 and took it away.

D'fhág go leor den RIC an tír. Ina measc bhí Tadhg Ó Cualáin a chríochnaigh ag obair mar phóilín i Meiriceá. D'fhill sé nuair a bhí an saol ní ba chiúine, mar a rinne go leor eile agus go deimhin mar a rinne poblachtánaigh agus aontachtóirí ina sluaite san am céanna. Cheannaigh sé an teach ósta an *Crúiscín Lán* sa Spidéal. ■

Imithe Uainn Ró-Luath



Mairéad Mhic Dhiarmada, An Lochan Beag
2 Iúil 1967 go dtí 21 Aibreán 2019



Mary Folan Conroy, Cor na Rón
27 Deireadh Fómhair 1965 go dtí 10 Nollaig 2018

Cás Cúirte Spéisiúil sa Spidéal 1919

Donncha Ó hÉallaithe

Céad bliain ó shin, tugadh triúr ball den RIC os comhair na cúirte sa Spidéal agus cúiseanna curtha ina leith faoi fhear áitiúil darbh ainm Peter Curran a ionsaí. Gearradh fíneáil 5 scilling ar bheirt den RIC chomh maith le costais £1 agus caitheadh amach an cás in aghaidh an tríú duine. Mr. Kilbride R.M a bhí ina chathaoirleach ar an gcúirt agus in éindí leis ar an mbinse bhí an Tiarna Killanin.

Ina chuid fianaise os comhair na cúirte, dúirt Peter Curran go raibh sé ag seasamh ar 'River Road' sa Spidéal ag caint le Ml. Conneely agus a bhean, a bhí taobh istigh den chlaí ar a gcuid talún féin nuair a tháinig ceathrar ball den RIC anuas an bhóthair: Sáirsint Rheidy agus na Constáblaí Murhill, O'Connor agus Doherty. Bhí gadhar an tsáirsint in éindí leo. De réir na fianaise a thug Peter Curran, chuaigh gadhar an tsáirsint isteach sa ngarraí ag troid le gadhar na gConneelys. Isteach leis an Sáirsint Reidy ag bualadh gadhar na gConneelys le maide a bhí ina láimh. Dúirt Curran leis an Sáirsint gurb é a ghadhar féin a bhí as bealach agus dúirt an Sáirsint leis, "If you open your mouth I will put this stick back your throat". Thosaigh triúr ón RIC – Reidy, Murhill agus O'Connor - ag brú Curran agus é ag déanamh a bhealach suas an bóthair agus ag ceann a bhóithrín féin rug an Constábla Murhill greim scornaí air agus leagadh é. Dúirt sé gur bhuail sé a chloigeann ar an mbóthair agus go raibh a shrón ag cur fola.

Bhí *sub poena* curtha ar an gceathrú duine den RIC, an Constábla Doherty, le fianaise a thabhairt. Dúirt sé go raibh siad ar thóir poitín an lá sin agus iad ag filleadh abhaile. Bhí bád ar chairt acu, a bhí á thiomáint ag Coleman Noone. Thug sé fianaise a bhí ag tíocht a bheag nó a mhór leis an scéal a d'inis Peter Curran don chúirt, is é sin go ndeachaigh gadhar an tsáirsint isteach sa ngarraí i ndiaidh asail agus gur thosaigh an dá ghadhar ag troid. Rinne an sáirsint le maide ina láimh na gadhair a scarúint óna céile agus gur dhúirt Curran leis an sáirsint, "If it was my dog you wouldn't beat him like that". Le sin, dúirt sé gur thosaigh an bheirt acu ag argóint, gur bhrú an Sáirsint Reidy an Curraoineach agus gur leag an Constábla Murhill é ag ceann a bhóithrín féin.

Seo cuid den cheistiú a chuir L.E O' Dea, dlíodóir Peter Curran, ar an gConstábla Doherty, mar a tuairiscíodh é sa gCuradh Connacht ar an 12 Iúil 1919:

Mr. O'Dea: Did you see Curran being shoved about?

Constable Doherty: He was shoved in the

beginning.

Mr. O'Dea: When he came to the boreen did he try and go up there?

Constable Doherty: I believe he was making for his own house.

Mr. O'Dea: And when he was making for his own house did you see Constable Murhill do anything to him?

Constable Doherty: He gave him a shove.

Mr. O'Dea: Did he knock him?

Constable Doherty: He did.

Mr. O'Dea: Did Curran shout at you or say anything to you?

Constable Doherty: He shouted: "Witness this, Doherty. I will make them pay for this assault."

Mr. O'Dea: Had the sergeant and the other defendants any drink that day?

Constable Doherty: Not that I know of.

Mr. O'Dea: Did you see a bottle with Constable O'Connor?

Constable Doherty: We all carry bottles to the mountains to bring milk or tea.

Chairman: Apart from seeing them consuming it, had they any appearance of the effects of liquor?

Constable Doherty: No.

Nuair a cuireadh cros cheistiú ar gConstábla Doherty, dúirt sé gur aistríodh go Bearna é go gairid tar éis an eachtra. Sheas sé lena chuid fianaise agus dúirt arís gurbh é Reidy a bhrú an Curraoineach in aghaidh an balla i dtosach agus gur leag Murhill é. Ba léir nach raibh aon ghrá ag gConstábla Doherty don Sáirsint rud a tháinig amach as an gceistiú seo a leanas, a chuir Cathaoirleach na cúirte air:

Chairman: You need not answer this question if you do not like; Has there been any friction between you and the other constables up to this?

Constable Doherty: None with the constables whatever.

Chairman: As you limit it to the constables, I assume there was something between you and the sergeant?

Constable Doherty: The sergeant has not spoken to me for two or three years while I was at Spiddal station, except in regard to duty.

Is cinnte gur cás eisceachtúil a bhí ann sa mhéid is go raibh duine amháin den RIC ag tabhairt fianaise in aghaidh beirt dá chomhghleacaithe a bhí os comhair na cúirte faoin ionsaí a dhéanamh ar an gCurraoineach. Tugadh roinnt fianaise eile a thacaigh leis an gcás a thóg an Curraoineach.

Dúirt Michael Thornton go raibh sé féin ag caint le mac leis an Sáirsint Reidy agus go bhfaca sé an Sáirsint ag brú Curran agus go bhfaca sé an Constábla Murhill ag fáil greim scornaí air agus á leagan ar an mbóthair.

I nGaeilge a thug Ml. Conneely a chuid fianaise os comhair na cúirte agus dúirt sé gur ionsaigh gadhar an tsáirsint a ghadhar féin a bhí ag ina luí sa gharraí. Dar leis, dúirt an Sáirsint Reidy lena bhean go mba cheart di an gadhar a bhá agus gur bhuaile sé gadhar na gConneelys lena mhaide.

Fear os cionn 20 bliain d'aois, Coleman Noone, a bhí ag tiomáint na cairte a raibh an bád uirthi agus dúirt seisean go raibh an chuma ar thriúr den RIC go raibh siad óltach.

Ar ndóigh nuair a glaoth ar an Sáirsint Reidy mar fhinné bhréagnaigh sé gach a bhí curtha ina leith agus dúirt sé gur ionsaigh gadhar na gConneelys a ghadhar féin agus nár bhuaile sé an gadhar ach gur bhuaile sé an talamh leis an maide leis na gadhair a scanrú. Níor bhrú sé Curran ach chuir sé i leith Curran gur eisean a rinne an brú. Rinne L.E. O' Dea agus cathaoirleach na cúirte an Sáirsint Reidy a chroscheistiú ansin.

Mr. O'Dea: Is it not extraordinary you did not issue a summons against Curran if he was "shouldering" you?

Sgt. Reidy: We are so well used to get abuse along the roads.

Chairman: Surely you are not accustomed to that in this district? Is there a man from here to Derrynea who would have the cheek to shove a policeman on the road? I am coming here ten years, and never heard a case brought by a policeman for such an alleged incident. Did it ever occur to you before?

Sgt. Reidy: Yes, on a few other occasions I was struck on the road.

Chairman: And you took no notice?

Sgt. Reidy: The thing was trivial, and we were not afraid of them.

Chairman: What had Curran done that you should call him a blackguard? Policemen, you know, are not allowed to use language of that kind? What blackguardly conduct had

he, you say, been guilty of?... Did he use any offensive word towards you?

Sgt. Reidy: I cannot remember that he did except going on talking about the dog.

Chairman: Did he touch you?

Sgt. Reidy: Yes, he was walking beside me and rubbing against me.

Ansín thug an Constábla O'Connor a chuid fianaise inar dúirt sé go ndearna Curran iarracht an Sáirsint Reidy a bhuaileadh ach gur stop sé féin agus an Constábla Murhill é. Ní raibh an Cathaoirleach rótógtha leis an bhfianaise seo ón gConstábla Murhill, mar a léiríonn an cuid seo den tuairisc:

Chairman: This is the first we have heard about Curran raising his fist. Can you give any explanation why the man was not made amenable up to this moment?

Constable O'Connor: The thing was trivial.

Chairman: It is not. Interfering with the police is not trivial.

Lord Killanin: It is not a trivial offence.

Chairman: An actual attempt to assault a sergeant, which was only stopped by the constables - do you call that trivial?

Constable O'Connor: Well, it is a fact.

Bhí a dhóthain cloiste ag cathaoirleach na cúirte, Mr. Kilbride R.M. Ba léir nár chreid sé an fianaise a thug an Constábla O'Connor ná an Constábla Murhill, a thug le fios gur stop siad Peter Curran ón Sáirsint Reidy a bhuaileadh.

"Why should any man" a dúirt sé, "if he threatened to assault a police sergeant, and was only held back by two policemen, never be made amenable to this moment in a court that deals with the most trivial offences?.... We must come to the conclusion that there was at least a technical assault between the sergeant and this man, and a definite act of assault by Constable Murhill.... And so we have come to the conclusion leaving all these considerations aside that the evidence binds us to convict them for this assault. Sergt Reidy will be fined 5s. and £1 costs, and Constable Murhill 10s. and £1 costs. The case against Constable O'Connor is dismissed on the merits."

Ní minic a tharla sé go raibh cúirt faoi réimeas na Breataine sásta baill den RIC a chiontú as daoine a bhuaileadh agus iad i mbun a gcuid oibre, ach tharla sé sa Spidéal 100 bliain ó shin.

Nóta: Peadar Mór Curraoin a tugadh go háitiúil ar Peter Curran ón mBaile Ard, an fear a thóg an cás in aghaidh an tSáirsint Reidy agus beirt eile ón RIC céad bliain ó shin. Fuair Peadar bás tragóideach agus é amach sna hochtóidí, ar an 5 Feabhra 1962, nuair a las an teach ina raibh cónaí air. Níor phós sé riamh. Tá muid buíoch do Timín Joe Tim Ó Curraidhín as an eolas seo a chur ar fáil. ■

Cill Treasa Ros an Mhíl

Mairéad Bhiddy Johnny Uí Chonaola

Tá stair sách fada ag Cill Treasa, teach pobal cheantar Ros an Mhíl. Nuair a scaradh iad mar phobal eaglasta leis an Tulaigh i nDeoise Thuama 1925, is Tí Sheáinín Chóil Bhig i mBaile Láir a bhailíodh pobal Dé ar an Domhnach. Ag tús na dtríochadaí socraíodh Cill Treasa a thógáil ar shuíomh álainn, ag breathnú siar ar Chuan Chasla. Is leathpharóiste leis an Spidéal é Cill Treasa. Cónaíonn an sagart paróiste sa Spidéal. Nuair a bhásaigh an Canónach McAlliney, S.P. a bhí ar an Spidéil i 1931 tháinig an Canónach Ó Donghaile i gcomharbacht air. Tháinig An tAthair Liam Ó Móráin mar shagart óg go Ros an Mhíl in 1932. De réir na leice atá ar an mballa, osclaíodh Cill Treasa in 1933.



Cill Treasa nuachóirithe

Pingineacha móra ab ea £3,000 a bhailiú ag an am. Rinneadh éacht na pingineacha sin a bhailiú go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Is minic a labhair mo mhama faoi na himirtí cártaí a bhíodh i Scoil na nDoiriú ar mhaithe le tógáil theach an phobail. Bhíodh Paddy Mhatt mar choimhdeachta aice is gan é ach ina shean-ghasúr!

Mar is dual, is tobar doimhin na sacraimintí a bhí ariamh i gCill Treasa; an baiste ag an umar, an chéad chomaoineach, an bosca faoistine dóibh siúd a bhí ar lorg agus ag ceiliúradh mhaithiúnas Dé, na lánúin os comhair na haltóra lá a bpósta. Ba lá mór lá an Chóineartaithe, a ceiliúradh gach trí nó

cheithre bliana i gCill Treasa. Is iomaí oíche agus lá fuar, feannta, fliuch a buaileadh ar dhoras theach an tsagairt dá lorg chun an ola bheannaithe a chur ar dhuine dár muintir a bhí ar leaba an bháis. Nár lige Dia go ndéanfadh muid dearmad orthu siúd ab ansa linn agus a chaoin muid agus iad sínte sa gcónra ós comhair na haltóra i gCill Treasa ar a dturas chun na beatha siorraí.

Nach iomaí athrú atá tagtha ar an saol ó tógadh Cill Treasa. Is fada an lá ó cluineadh clup clap na gcapall ná ó ceanglaíodh iad nó ó socraíodh aon *jaunt* ná *trap* ó thuaidh de chlaí teorainn Chill Treasa maidin Domhnaigh nó ó d'fhreastal mná le seál ar an



Istigh sa séipéal

aifreann. Is beag duine a thagann feasta chuig teach an phobail de shiúl na gcos nó fiú ar na rothair. Is fada an lá ó bhí droim an tsagart linn agus é ag ceiliúradh an aifrinn i Laidin ná ó cloiseadh *Dominus Vobiscum*. Is fada go deimhin!

Bhí dlúthbhaint ariamh ag múinteoirí na scoile áitiúil le Cill Treasa. 'Sna Doiriú a bhí an scoil le mo linnse. Chuaigh sí thar teorainn an droichidín go Ros an Mhil leathchéad bliain um an dtaca seo. Rinne Tadhg Ó Sé príomhoide na scoile le mo linnse, agus a bhean Nóra, sárchúram don cheol eaglasta, don chóir is do theach an phobail ar feadh na mblianta. Ní dhearna na múinteoirí agus an pobal a lean iad neamhshuim don chúram céanna. Leanann an ceol is an comhoibriú. Cóirítear an altóir d'aifreann an Domhnaigh agus d'fheiltí móra na hEaglaise. Socraítear na bláthanna. Bíonn *crib* álainn agus crann Nollag chuile bhliain ann ag inseacht scéil an dóchais don phobal. Bíonn léitheoirí agus ministéirí Eocairiste ann gach Domhnach. Is mór an ailleacht na coinnle cuimhneacháin a bhíonn ar na fuinneoga le linn na Nollag le cúpla bliain anuas.

Ba é an tAthair Pádraig Ó Fátharta, Pádraigín Darby, go ndéana Dia grásta air, an séiplíneach nó an sagart cúnta deiridh a bhí sa leathpharóiste, an 28ú séiplíneach ag Cill Treasa. Sagairt óga den chuid is

mó, díreach amach as an gColáiste, ag foghlaim a gceirde, an chultúir agus an teanga a chaith seal sa bpobal. Thug siad seirbhís dhílis dhúthrachtach don phobal is don cheantar, seirbhís 24/7 go minic. Rinne siad é go dílis. Tá athrú mór tagtha. Tá ganntanas sagairt ins gach deoise. Ualach agus dualgais níos troime ar na sagairt a leanann dá gcúram, chomh maith le deis agus dúshlán nua rannpháirtíocht a chothú sa bpobal. Go bhfága Dia a shláinte ag an Athair Seán, an sagart paróiste a dhéanann cúram do phobal Chill Treasa na blianta seo. Cloisim gur bhain sagart óg, An tAthair Ó Dufaigh, a bhí ag Cill Treasa le linn m'óige, an céad amach le gairid. Bail ó Dhia air.

Cé gur bailíodh agus caitheadh £50,000 ar athchóiriú Chill Treasa ag deireadh na nóchaidí, d'fhill an taise agus an fliuchán agus bhí Cill Treasa i ndroch-chaoi arís. Tá muid faoi chomaoin mhór ag an Athair Seán, agus an grúpa díograiseach áitiúil a tháinig le chéile ceithre bliana ó shin chun scéal droch-chaoi Chill Treasa a phlé. Athchóiriú nó dúnadh bhí i ndán dó! Coiste oibre agus cur chuige an athchóirithe a socraíodh. Airgead mór le bailiú agus obair chrua le déanamh. A leithéid de dhushlán. D'oibrigh an coiste sin agus leanann siad den obair. Is gearr, le cúnamh Dé, go mbeidh ceann scríbe bainte amach acu, ach níl fos. Braitheann siad go huile is go hiomlán ar chomhoibriú agus dea-mhéin an phobail áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bailítear airgead agus tugtar airgead go gnaíúil, seachtain i ndiadh seachtaine, bliain i ndiadh bliana, muintir na háite agus daoine i bhfad i gcéin. Téann gach euro isteach sa gciste. Cisteoir agus coiste freagrach, cúramach, stuama agus díograiseach á riaradh. Dia go deo leo.

Nach iontach an éacht é suas le €400,000 a bheith bailithe acu go dtí seo. Tá suas le €22,000 le bailiú fós. Leanúnachas dea-chroí, dea-thoil, dúthracht agus gnaíúlacht daonna, an ghnaíúlacht cheannann chéanna a bhí ag pobal na háite nuair tógadh Cill Treasa in 1933, a bhaineas an sprioc amach.

Is álainn go deo an t-athchóiriú atá déanta ar Chill Treasa. Simplíocht, gileacht, galántacht, niamhracht, ciúnas, agus an nua agus an sean fite fuaite go hálainn ina chéile. Nár laga Dia iadsan ar fad atá is a bhí páirteach sa gcomhoibriú pobail ar son athchóiriú is athghlóiriú Chill Treasa ón mbliain 1933 anuas.

Má tá aon euro le spáráil agat tá fáilte fós roimhe chun an chuid dheiridh de na fiacha a ghlanadh. Eolas faoin gcuntas bainc: Ainm: Coiste Chill Treasa Ros an Mhíl; Uimhir an chuntais: 28231189; Cód Sórtála: 93-74-01. ■



Crois an tséipéil

Leathchéad Bliain Craoltóireachta ag SBB

*Daithí Ó Muirí a thras-scríobh an t-agallamh seo
a rinne Seosamh Ó Braonáin le Seán Bán*

D'fhága mé an scoil ag ceithre bliana déag, Scoil Náisiúnta Mhíchíl Naofa sa Spidéal. Chuaigh Príomhoide na Ceardscoile ag an am, Seán Ó Mainnín, bog agus crua orm freastail ar an Tech ach níl fhios agam céard a bhí orm, ní raibh mé ag iarraidh a dhul níos faide. Bhí mo dheartháir, Máirtín, imithe go Sasana trí bliana roimhe sin agus d'airigh mé uaim go mór é. Agus ansin bhí Pádraig, an deartháir is sine den chlann, tá Máirín freisin ann, díreach cáilithe mar mheicneoir thart ar dheireadh 1965. Chaith sé cúig bliana ag déanamh printíseachta istigh Tigh Mhadden, an lucht Volkswagen a bhí i mBóthar na Trá. Bhí sé fhéin ag iarraidh a dhul go Sasana mar gur dúradh leis go mbeadh saol níos fearr aige ansin mar mheicneoir agus páí níos fearr.

Ar aon nós, chuaigh mé go Sasana coicís roimh Chluiche Ceannais Peile na hÉireann 1966. Bhí mé ag an gcluiche i 1965 nuair a bhuail muid Ciarraí. Bhí mé ag an gcluiche Ceannais i 1964 agus bhí mé ag an gcluiche Ceannais Sraithe i 1965 le duine de leaids Ghaeltarra Éireann, Johnny Sullivan, a chríochnaigh suas ina bhainisteoir i dTúr Mhic Éide. Ceann de na rudaí móra a gcuimhneoidh mé go deo air ná Ciarraí a bheith chun cinn ar Ghaillimh agus ansin, thart ar leathnóiméad ón deireadh, fuair Mattie McDonagh an liathróid, thug é do Shéamas Leyden lena dhorna agus bháigh seisean san eangach í. An bua ag Gaillimh!

Bhí *sports jacket* ar Johnny Sullivan an lá sin agus stiall mé agus stróic mé glan anuas dá dhroim é. Cuimhneoidh mé go brách ar an *Irish Press* an lá ina dhiaidh agus prionta mór dubh i lár na tuairisce a bhí ag Mick Dunne mar gheall ar an gconspóid gur phioc Mattie McDonagh an pheil den talamh, *"From my privileged position in the press box, I think Mattie Mac Donagh didn't have sufficient time to toe the ball into his hand when he gave that pass to Séamas Leyden"*. Chuir mise go leor leor agallamh ar Mattie McDonagh ina dhiaidh agus chuile uair ar chuir mé an cheist thosaigh sé ag gairí. Seans maith go rinne sé an

peaca, ceart go leor!

Ach ar aon nós, bhí m'uncail Cóil Bán ina chónaí siar ó Londain agus scríobh mo dheartháir Pádraig chuige. Chuaigh Cóil ag an Tech sa Spidéal agus bhí an-lámhscríbhneoireacht aige; bhí an-Bhéarla freisin aige. Cuimhním ar an bhfreagra a tháinig ar ais, *"A Phádraig, pé ar bith rud a dhéanfas tú, bring your credentials and qualifications, ó thaobh na meicneoireachta de."*

Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an mBád Bán. Chaoín mé agus chaoín ag fágáil Dhún Laoghaire; chaoín mé an deor deireanach i mo shúil agus bhí mé a rá faraor géar nach rinne mé comhairle



*Pictiúr a tógadh thart art 1951 ag seanteach mhuintir Sheáin Bháin
Ar chúl, ó chlé: Kate (máthair Sheáin), Peaits Breathnach agus a bhean
Jude Ní Mhárta (seanathair agus seanmháthair Sheáin)
Chun tosaigh, ó chlé: Seán ina pháiste, in éineacht lena dheartháracha,
Máirtín agus Pádraic agus a dheirfiúr, Máirín*



Cill Treasa nuachóirithe

Foighil nó comhairle Sheán Uí Mhainnín. Cén fáth nár fhan mé ag an Tech. Fanfaidh sé i m'intinn an dá lá is a mhairfeas mé, soilse Bhleá Cliath ar an mBád Bán ag imeacht as amharc mar a cloiseann tú sna hamhráin é. Agus bhí mé chomh tinn le mada!

Ach landáil muid i Holyhead, agus ansin isteach go hEuston agus bhí m'uncail Cóil Bán ag fanacht liom. Mhair Cóil Bán nó go raibh sé i bhfoisceacht sé lá dhéag den chéad, cé gur maraíodh a bhean agus a thriúr gasúr sa gCogadh. Phós sé aríst, agus fuair an dara bean, bean uasal as Sligeach a bhreathnaigh amach dhomsa, fuair sí bás ag ceathracha hocht le aille, agus fuair an dara mac, Paul, fear mór millteach cosúil leis fhéin, fuair sé fhéin bás le hailse.

Bhreathnaigh Cóil Bán orm agus dúirt sé le Pádraig: "Cé a chuir an gasúirín go Sasana?" Tá mé ag déanamh an-iontas agus scaoil Cáimín Tom Bán (sin é an t-ainm a bhí aige ar mo dheaide) leis. Ach, m'anam nach mórán truaí a bhí aige dhom maidin lá arna mháireach agus é ag iarradh a fháil amach an raibh aon mhaith liom ar an tsluasaid. Bhí sé ag déanamh jab, cur síos cosáin nó rud éicint, ar an teach ba ghaire do Val Doonican.

Bhí clann iníon agus mac amháin ag Cóil, Mary bhí sí bliain níos sine ná mé, bhí Julie thart ar aon aois chéanna agus bhí Rosemary bliain níos óige. Théadh muid síos ag an gClub Óige agus ní raibh aon duine áitiúil as Conamara ann ach Patsy John a rugadh sa Lochán Beag é ach b'as an gCathair é agus Pádraig Niocláis as na Mine. Bhí siad uasal ar fad. Bhí trealamh discotheque sa gClub Óige agus cuireadh

ceist an mbeadh aon duine in ann an trealamh seo a úsáid. Dúirt mo chol ceathrachaí: "*Seán, Seán loves music.*"

Bhí mo dheartháir Pádraig ag obair trasna an bhóthair sna *Blue Star Garages*, agus cé a bhíodh ag dul isteach go rialta ann ag déanamh seirbhíse ar a charr ach an fear seo a dtugtaí Doug Freeman air, col ceathar le hAlan Freeman a bhí i mbarr a réime sa mBBC. D'fhiafraigh Pádraig dó an lá seo an raibh aon seans go mbeidh DJ éicint ag teastáil uaidh. Bhí cúig sheit trealaimh ag an bhfear seo; bhí sé ag déanamh airgid aisteach agus chuirfeadh sé amach cúigear ag déanamh bainiseacha, 21st, 18th, rud ar bith in áiteacha difriúla. An chéad rud eile chuaigh mé in éindí leis, thraenáil sé mé ar chaschlár is ceirníní agus sin é an áit ar thosaigh mé.

Ansin, i ndeireadh na bliana 1968 agus fuair mé an glaoch seo agus Máirín, mo dheirfiúr, a bhí ann. Faoin am sin bhí an t-ainm DJ BA Benny Arnold tugtha ag Doug Freeman dom. Bhí na Sasanaigh go hálainn, an dream is deise a dhéileáil mé leo ariamh. Bhí mé á dhéanamh sin agus ag obair ar na bildeálacha agus mé ag obair leis an bhfear seo as Corcaigh, John Liston a bhí air.

"Cén chaoi a bhfuil tú ag déanamh leis an dj-áil," a dúirt Máirín?

"An bhfuil tú ag iarraidh fanacht thall nó céard tá tú ag iarraidh a dhéanamh? 'Bhfuil fhios, agat, tá mé ag déanamh dráma anseo in éindí le Máirín Ní Chonaola (Máirín a bhí pósta le Nollaig Ó Gadhra ina dhiaidh sin) agus tá Liam Devalley in éindí linn. Bhí muid ag ól pionta an oíche cheana Tigh O'Neills," a dúirt sí, "agus dúirt sé go raibh sé ina chúntóir ag Róisín Lonnergan, Leascheannasaí ar Cheol Éadrom i Radio Éireann, Sráid Anraí."

"Tá smaoineamh aisteach agam leis an nGaeilge a chur chun cinn," a dúirt sé "agus sin dioscmharcach as Gaeilge a chur ag casadh ceirníní as na *charts*."

"A dhiabhail," a deir Máirín, "tá deartháir agamsa, *disc jockey* atá ann!"

Ar aon nós, tháinig mé abhaile faoi Nollaig ach ní raibh aon scéala faighte agam i lár mhí Eanáir; ní raibh tada ag tarlú. Dúirt Tom Bán liom, "tá sé chomh maith duit a ghoil ar an dól."

"Ní tharraingeoidh mé aon dól go deo," a dúirt mé.

"Ara céard tá ort, bhfuil tú craiceáilte?" a dúirt sé.

Ansin, tráthnóna Dé Domhnaigh tháinig Seán Ó Conghaile go dtí an teach sa Morris Minor.

"A dhiabhail," a deir sé, "theastódh fear nó dhó eile uaim ag obair ar an mbóthar, síos ag Tigh Mharcais ansin, Tigh Chualáin, bóithrín an chladaigh agus ag biorú claíocha."

Chaithfí an oiread seo a chaitheamh ar na bóithrí ag an am. An *Board of Works* a bhí i gceist agus muintir an bhaile a bhíodh ag obair, Steve Dan, Tom Stiofáinín, Dainín Keane, Mike Ó Máille. Bhí mé fhéin agus Dainín Keane agus Tom Stiofáinín, go ndéana Dia grásta orthu ar fad, ag biorú claí thíos ar an

dumhach se'againn fhéin thíos ar fad agus chonaic muid an bhean seo ag ritheacht anuas agus gan puth anála aici. Go ndéana Dia grásta uirthi, Bean Sheáin Uí Shruitháin a bhí ann, Bríd.

"Radio Éireann," a dúirt sí, "they want you to ring them."

B'shin thart ar an bhfichiú lá d'Eanáir 1969. Bhí an uimhir scríofa síos aici; choinnigh mé an nóta ar feadh blianta, 01 693111. Sin é an chaoi ar thosaigh sé leo sin.

Labhair mé le Liam Devally ina dhiaidh sin agus dúirt seisean, "Bhí mé ag caint le do dheirfiúr agus ba mhaith liom go dtiocfá go Bleá Cliath, cuirfidh mé dáta chugat faoi cheann seachtain nó mar sin agus teara suas. Tá roinnt daoine eile," a dúirt sé, "istigh ar an jab seo." Bhí, ach fuair mise an jab. Ní raibh fhios agam an raibh mé sásta nó nach raibh. Is dóigh go raibh.

Thosaigh mé ag craoladh, beo as Sráid Anraí, ar an gcéad lá d'Aibreán, 1969, agus creid é nó ná creid é, bhí mé neirbhíseach. Agus cé a bheadh do mo chur i láthair ag ceathrú théis a haon dhéag ná Terry Wogan agus na focla a chaith sé: "and now for the next half hour, Gaeilge agus pop with the groovy Babóg from an Spidéal." Ba é an chéad cheirnín a chas mé ná Jackie Wilson - *Higher and Higher*. Bhí chuile rud beo ach thug Micheál Ó hUanacháin agus daoine nach é an-chúnamh dhom. Bhí an oiread daoine ag éisteacht leis an gclár. B'shin é an chéad chlár a raibh daoine ag éisteacht leis agus iad ag obair i monarchana san oíche, ach ní raibh fhios agamsa san am é. Is cuimhin liom Mártan Ó Ciardha, bhíodh sé fhéin agus cúpla duine eile as Maigh Eo agus bhí *transistor* beag ag Mártan thíos i gColáiste Iarlaithe ag éisteacht liom san oíche agus go dtí an lá inniu féin tá fhios aige cé na ceirníní a bhíodh mé a chasadh.

Ar aon nós, tháinig deireadh leis sin agus chuaigh mé ag obair in éindí le fear eile a chuidigh go mór liom ag an am, Cóil Uileac, ag tógáil cosán agus rudaí mar sin. Ansin, i ndeireadh 1970, fuair mé glaoch ó Liam Ó Murchú mar d'fhiafraigh seisean do Liam Devalley an raibh aon duine óg a chuirfeadh clár i láthair dhó.

Rinne mé Imeall, clár nár thaithnigh liom i ndáiríre ach bhí leithéidí na Jonhsons ann, Tadhg de Brún, agus Brídín Gilroy. Uair sa tseachtain a bhí mé ag déanamh cláir, cúig scillingeacha, agus ansin ag goil go dtí John Adams agus *Rices* ann agus pub eile a bhí ag Eugene Wilson, deartháir le John Wilson a bhí ina chaptaen ar Chabháin 1947. Bhíodh lucht an *show business* ar fad isteach ann, agus is ansin a bhíodh John Adams. Chuir mé aithne ansin ar leithéidí Larry Gogan agus an chéad rud eile fuair mé gig le Larry Gogan ar Zhivago mar dhioscmharcach. Bhí Larry ag déanamh an chlár ón naoi a chlog ar aghaidh - dhéanfadh seisean píosa é fhéin agus ansin dhéanfainnse uair an chloig. Ansin rinne mé *Sloopies*, rinne mé *Countdown*, rinne mé ceann nár mhair i bhfad ar chor ar bith, mé fhéin agus Mike Murphy a d'oscail é, *The River Club*,

ar Shiúlán Bhaitisiléir.

Ina dhiaidh sin, bhí mé gan jab aríst agus an chéad rud eile bhí mé le ghóil ar ais go Sasana. Samhradh 1971 bhí mé imithe go Gaillimh, imithe ar an *tear* is an chraic, daoine ag casadh orm a rá "you were in college with me; I remember you in the Common Room". *I was never in College*," a deirinnse ach bhí aithne agam ar chuile dhuine agus d'airínn leids m'áite fhéin ag caint ar an gCommon Room agus bhí an oiread eolais agam air gur cheap daoine go raibh mé sa gColáiste.

Ach tháinig mé abhaile an tráthnóna seo agus dúirt mo dheaide, "Bhí Pól Ó Foighil anseo".

"Céard a bhí sé a iarraidh?" a dúirt mé fhéin.

"Bhí sé in áit éicint an oíche cheana," a dúirt mo dheaide, "agus chuala sé go raibh tú ag cuimhneamh ghóil ar ais go Sasana, agus níl sé an-sásta.

Chuaigh mé fhéin siar go dtí Pól agus dúirt mé leis nach mbeinn in ann an jab a dhéanamh.

"Tá tú in ann é a dhéanamh," a dúirt sé.

Tabharfaidh mé pái múinteora dhuit a Sheáinín," a dúirt sé, "agus tabharfaidh mé teideal dhuit, Bainisteoir Caitheamh Aimsire Agus Scléipe. An bhfuil tú in ann damhsa?"

"Níl," a deir mise.

"Cuirfidh mé Tom Reaney ag múineadh damhsa dhuit," a deir sé. "Beidh tú i gceannas ar na céilithe, beidh tú i gceannas ar chuile shórt, ar na cluichí ar an trá, tabharfaidh tú ábhar múinteoirí suas ar an loch, ag baint mhóna."

I gColáiste Lurgan, tugadh *Goldilocks* orm, agus an chéad rud eile bhí Seán Bán orm. Bhí mé tosaithe sa Raidió faoin am seo. An lá a d'oscail sé, bhí mé ar chlár díospóireachta le Maidhc P. Bhí mé ag moladh, mar a bhí i gcónaí, go mba cheart pops a bheith ar an Raidió, na charts. Bhí mé fós sa raidió agus mé i gColáiste Lurgan, ag freastal ar an dá rud. Lá amháin i rith an tsamhraidh i 1972, bhí Séamas Ó Saoraí ag goil thar Choláiste Lurgan agus stop sé.

"A Sheáin," a dúirt sé, "ar chuala tú go bhfuil tine mhór mhillteach díreach taobh thoir ansin, tá an dá bhaile taobh thoir lasta."

"Sin é mo bhaile fhéin," a deirimse.

"Gheobhaidh mé duine éicint," a dúirt sé, "le gléas taifeadta a thabhairt aniar agat - an ndéanfá agallamh don raidió faoi?"

Ar ndóigh bhí fhios ag chuile dhuine ar an mbaile gur mé fhéin agus Tom Bán a las an tine de thimpiste. Rinne mé an t-agallamh le Billy Conroy a bhí i bhfeighil na Briogáide Dóiteáin. Nuair a bhí sé déanta agam, dúirt mé leis go raibh mé an-neirbhíseach á dhéanamh.

"Thug mé faoi deara sin," a dúirt sé.

"Sin é an chéad agallamh a rinne mé riamh don Raidió," a dúirt mé fhéin.

"Bhuel," a dúirt Billy, "sin é an t-agallamh is stairiúla a dhéanfas tú go deo!"

"Tuige?" arsa mise.

"Mar is tú fhéin agus Tom Bán a thosaigh an dó nuair a chuaigh an tine trí pholl an chlaí oraibh!"

Ansin thug Mattie Joe Shéamais dhom mo chéad jab le spórt istigh i Stáid an Phiarsaigh. Carna agus na Breathnaigh a bhí ag imirt i gcluiche éicínt. I dtús 1973 rinne mé *Wanderly Wagon*. B'shin é an clár mór a bhí ann an t-am sin. Bhí Helen Quinn, bean Bob Quinn, deirfiúr le Marian Richardson, ar an gCeathrú Rua agus bhíodh sí ag scríobh scripteanna do *Wanderly Wagon*. Joe O'Donnell a bhí ina léiritheoir. Cuireadh an *Wagon* ar an mbóthar siar agus leaindeáil sí istigh ar mo chlár ar Raidió na Gaeltachta. Chonaic Joe O'Donnell an clár agus sin an chaoi ar tháinig *SBB ina Shuí* ar an teilifís blianta beaga ina dhiaidh.

Ina dhiaidh sin, tháinig Bob Quinn ag an teach agam agus thug sé páirt dom mar Art Ó Laoghaire sa scannán *Caoineadh Airt Uí Laoghaire*. Bhí muid le tosú ag leathuair théis a cúig ar maidin in Ollscoil na Gaillimhe agus mise thuas ar chapall. Ach barr ar an mí-ádh chuaigh mé fhéin ar *ramble* in éineacht le Caitlín Nic Dhonnchadha as Ros an Mhíl a raibh an pháirt aici mar Eibhlín Dubh Ní Chonaill agus níl fhios agam cé eile, bhí Joe Cooke ann, ghoid muid Morris Minor ó Dhonncha Ó hÉalaithe agus síos linn go Ciarraí. Bhí muid thíos ar chuma ar bith agus amach go maith san oíche Dé Domhnaigh tháinig an scéala go raibh duine éicínt ar an bhfón a rá go raibh *Caoineadh Airt Uí Laoghaire* le tosú maidin Dé Luain – an lá dár gcionn!

Ní raibh aon rogha ann, b'éigean dúinn imeacht sa gcarr. Bhí Joe Cooke imithe ar chúis éicínt, ní raibh mórán peitрил againn agus ní *sober* a bhí muid. Ag déanamh isteach ar Inis stop Garda muid. Bhí sé ag caint mar seo agus mar siúd.

"When do you have to be in Galway, Seán?"

"I have to be there at quarter to six."

"You've plenty of time," a dúirt sé.

"It's a bit cold tonight," a dúirt sé, "but I have another jacket there in the barrack, a big coat, you throw that over yourselves and I'll wake ye up." Rud a rinne sé.

Ar aon nós leaindeáil muid i nGaillimh in am agus rinneadh an scannán.

Faoín am seo bhí mo chlár fhéin agam, *SBB ina Shuí*, *SBB agus a Chairde* agus chuile shórt i 1976. Do chláirín a thosaigh mar chlár do pháistí, agus a cuireadh amach mar athchraoladh in áit an *Late Late Show* théis na nuachta i gcaitheamh an tsamhraidh i 1978 agus 1979, bhí sé dochreidte! Rud an-simplí go deo a bhí ann, mé fhéin agus Gráinne Ghleite ag casadh pop agus rock, ceol Gaelach agus seiteanna as Contae an Chláir agus thaitnigh sé le daoine.

Oíche Chinn Bhliana na bliana 1974 nó 1975, sílim gurb iad Mattie agus Seán Mháirtín Mhóir a thug jab dhom ar chlár ag breathnú siar

ar an mbliain agus fágadh an ceol fúmsa. Ní raibh mórán fadcheirníní ar an margadh ag an am sin ach thug na comhlachtaí na fadcheirníní dhom agus tháinig cúpla ceann ó Mick Maloney as Meiriceá le haghaidh poiblíochta. Ansin iarradh orm a ghoil siar go dtí Treasa Val, deirfiúr le Mary Anne Val, a raibh cúpla scoláire aici le go mbreathnóidís sin siar ar an mbliain cheoil. Bhí siad sách fadbhreathnaitheach an t-am sin lena gcláracha sa Raidió.

Siar liom ar aon nós, bhuail mé isteach Tigh Val Bhiddy. Daoine uaisle; bhí siad ag ithe suipéir.

"A dheaide," a deir Treasa, "seod é Seánín Tom Bán."

D'ardaigh deaide a chloigeann agus bhreathnaigh sé orm.

"Ó sea," a deir sé, "as Cois Fharraige thusa?"

"Sea," a deir mé fhéin.

"Tusa a bhíonn ag casadh an rock, pop agus cac ar an raidió?"

Ní dóigh liom gur thosaigh mé ag craoladh cluichí móra go dtí 1976 nó 77. Bhí mé ag déanamh cúig chlár irise, tráchttaireacht Dé Domhnaigh, *SBB ina Shuí* - dhéanfaí ceithre cinn le chéile uair sa gcoicís - agus fuair rudaí níos measa i 1980 agus 1981 nuair a fuair mé mo chlár fhéin ar 2FM. Fuair mé clár dhá uair an chloig Béarla oíche Dé Sathairn agus ansin fuair mé an *Breakfast Show* in 1981 agus 82 agus ansin ag déanamh na dioscónna oícheanta Sathairn agus Domhnaigh. Cuimhním ar dhioscó amháin a bhí le déanamh agam i Loch Garman agus leaindeáil mé ann luath go leor tráthnóna Dé Domhnaigh agus ní fhaca mé póstaer ná tada. Seod é an chéad am ar thosaigh Gerry Ryan ar an raidió. Ar aon nós, thosaigh mé ag goil timpeall agus bhreathnaigh mé isteach sa mbialann agus chonaic mé Gerry Ryan istigh ann. Tá rud éicínt mícheart anseo, a deir mé le leaid a bhí ag an mbeár.

"I don't think you're here this weekend," a dúirt sé.

Tháinig an bainisteoir.



Caitlín Nic Dhonnchadha agus Seán sa scannán
Caoineadh Airt Uí Laoghaire

"No Seán," a dúirt sé, "it's next weekend, there's a mix up, I have it in my book."

Ansin labhair Gerry Ryan liom.

"I know of you and I've heard about you," a dúirt sé, "and if you want to do this gig, I wouldn't mind a night off."

Thart ar dhá chéad go leith a bhínnse a fháil san oíche ag an am agus ceithre chéad a bhí Gerry Ryan a fháil don oíche úd, ach dúirt sé leis an mbainisteoir na ceithre chéad a íoc liomsa as an oíche. D'inis mé an scéal sin d'iníon Gerry lá na shochraide.

Bhí mé ag tráchtairacht faoin am seo. An chéad chluiche a thug Meaití dhom ná Carna Caiseal in aghaidh an Chaisleáin Ghearr, 1975. Bhí athair Sheáin Uí hÉanaigh, Mike Heaney, ann an lá sin, an fear a bhí pósta le mo chol ceathrar Kate. Tháinig Silvester Keaney abhaile an mhaidin sin ón mBeet le n-imirt. D'imir a mhac, Conal Keaney, go minic do Bhleá Cliath ina dhiaidh sin théis don teaghlach aistriú go Bleá Cliath. Bhí John Connolly ag imirt an lá sin ach bhuaigh Carna agus b'iontach an scéal é.

Rinne mé mo chéad *All Ireland* in 1981, Gaillimh agus Uíbh Faillí. Dia dhá réiteach, ní raibh sé sin go maith. As sin amach bhí mé ag déanamh cláracha freisin, ach ní dóigh liomsa go mbeinn ar fhoireann Raidió na Gaeltachta go deo murach an ceardchumann agus an socrú a bhí déanta acu le RTE, dá mbeadh conradh dhá bhliana nó trí bliana déanta agat go mba deacair thú a chur as. In 1980 a cuireadh ar an bhfoireann mé tar éis agallamh a dhéanamh istigh san Ardilaun.

An chéad chéim eile ansin go ndeachaigh mé ag plé le clár irise i lár an lae agus Seán Ó Cuirreáin do mo léiriú. D'fhoghlaim mé go leor as, mar bhí sé deacair smacht a chur orm, ach anois bhí mé ag déanamh clár ceart cúrsaí reatha, cé go raibh an-fhaitíos ar chuid den bhainistíocht faoi sin, ach gur sheas Micheál Ó Sé go láidir liom.

Bhí mé caoga bliain ag craoladh ar an dara lá d'Aibreán 2019, mar thosaigh mé ag craoladh ar an gcéad lá d'Aibreán 1969 i Sráid Anraoi. Tháinig go leor rudaí eile an bealach sa tréimhse sin freisin. Scaoil *Amach an Bobailín*, chuaigh mé amach ar an sliabh ag déanamh jab Gerry Ryan! Ach ba é 1991 buaicphointe mo shaoil chraoltóireachta nuair a ghnóthaigh mé Gradam Jacobs. Oscars na craoltóireachta ab ea na Gradaim Jacobs ag an am, agus fuair mise é as an gcur i láthair ar Chomórtas Peile na Gaeltachta. Ar na daoine eile a fuair gradam an oíche chéanna bhí Philip King, Ted Welsh, Derek Davis, Dermot Morgan agus Seán Duignan. D'fhága Seán Duignan a ghradam féin ar an sconsa taobh amuigh den Burlington an oíche úd ach phioc duine éicínt suas dó é an mhaidin dar gcionn. Bhí an gradam Jacobs iontach mar go dtí sin ní raibh sé i gceist go mbuafadh aon chraoltóir Gaeilge ná aon chlár Gaeilge aon rud in aon áit.

Tá mé fós ag déanamh seáirsí craoltóireachta ar an Raidió agus ar TG4 agus eile mar níl sé i gceist agam luí go fóilleach ar aon nós. ■



Cló Iar-Chonnacht

An Cheardlann, An Spidéal

Tel: 091-593307 eolas@cic.ie www.cic.ie




FEAR INIS BEARACHAIN Johnny Óg Connolly

Ceol dúchasach Chonamara ar an míleoidéan, curtha le chéile ag an gceoltóir in omós dá athair Johnny Connolly.

LÁN MARA

Treasa Ní Mhiolláin
(CD dúbailte)

Amhránaíocht ar an sean-nós ó fhonnadóir Árann.



MAR A BHÍ AR DTÚS Joe Steve Ó Neachtain

Cur síos ar na heachtraí a bhain le muintir Chóil Ruaidí, dream a raibh mé mar chomharsa béal dorais acu ón lá ar caitheadh ar an sop mé. Ach ní féidir liom a shéanadh nach bhfuil mé páirteach sa scéal ... gan aon athrú ar a gcuid cainte ach mar a tháinig na focla amach as a mbéal ... — Joe Steve

TADHALL

Pauline Nic Chonaonaigh

Seo é an chéad chnuasach filíochta ó údar an Spidéil. Tugann sí suntas ar leith don nádúr sna dánta; fainleoga ar a dturas, solas na gealaí, ciúnas an dúlra agus réabadh fíochmhar na stoirme agus go leor eile.



Buail isteach chugainn sa siopa sa Cheardlann,
An Spidéal. Siopa oscailte ó Luan go hAoine.

www.cic.ie

Ag Breathnú Siar ...

Kevin Mhaidhc Ó Conghaile a bhailigh agus a d'ainmnigh na pictiúir



Eolas faoi na Pictiúir

1. Sarah na mBreathnaigh, deirfiúr le Judeen na mBreathnaigh agus Máire Phaidí Nic Dhiarmada as an Lochán Beag. Tógadh an pictiúr i bPortland Maine 1920
2. Máire Phól as Baile na mBrobhach, Judeen na mBreathnaigh, Peigín O'Donnell as an gCoilleach (col ceathar le Judeen), Paidí Staif as an Teach Mór agus Frances Uí Fhoghlú, bean John Joe na mBreathnaigh
3. Frank Ned as an Teach Mór agus an páiste, Siobhán, ina ghabháil aige – iníon a dhearthár Phaddy Joe Ned agus a bhean Joan
4. Maidhc Phádraic Thaidhg, a athair Pádraic Thaidhg agus John Joe na mBreathnaigh ag curadóireachta
5. Cól Sheáinín Ó Tuathail, Leithrinn, i lár na 1950í ag obair i nGarraí Mór Mhaidhc Phádraic Thaidhg
6. Seán Phádraic Ceanainn as an gCartúr Leathan ó dhúchas agus é thall i Norwood Mass sna 1990í. Bhí sé pósta le Máirín an Bhreathnaigh as an Lochán Beag

Conallach sa Spidéal - Domhnall Ó Duibhne

Nollaig Mac Congáil

Dá dhúthrachtaí, dá dhíograisí agus dá dheisbhéalaí iad ceannródaithe na hAthbheochana, ní fhéadfaidís an cuspóir a chuir siad rompu a thabhairt i gcrích mura mbeadh slua den ghnáthphobal ann ar fud na tíre a rinne sclábhaíocht i gcaitheamh na mblianta ar son na cúise. Tá iarracht ar bun le roinnt blianta anois le haitheantas a thabhairt dá leithéidí sin agus, más mall is mithid

Ar an mbuíon de dhíograiseoirí teanga sin bhí fear ildánach amháin ar éirigh leis cúis na Gaeilge a chur chun cinn ar bhealaí éagsúla i nDún na nGall agus sa Spidéal, agus a raibh próifíl náisiúnta aige fosta i luathstair na hAthbheochana. Domhnall Ó Duibhne nó Daniel Deeny as Tír Chonaill atá i gceist.

Rugadh Domhnall in oirthuaisceart Thír Chonaill ar an 12 Deireadh Fómhair 1868. Ba mhac é le Charles Deeny, N.T., Gleann Bhairr, a raibh cáil mhór air go sonrach mar mhúinteoir, mar bhall gníomhach de Chumann na Múinteoirí Náisiúnta agus mar fhear diaganta. Bhí roinnt dá chlann, Domhnall ina measc, a chuaigh le múinteoireacht agus, mar a tharla, iad ina ndaltaí aige. D'fhreastail Domhnall ar Choláiste Phádraig, Baile Átha Cliath, agus is léir gur chruthaigh sé thar barr (an chéad ghrád) ina chuid scrúduithe acadúla agus bhain sé teastais eile amach in ábhair eile.

Anuas ar na cáilíochtaí sin, ghnóthaigh sé cáilíocht sa Ghaeilge, rud annamh go maith an t-am sin sa tír.

Bhí Domhnall ina mhúinteoir náisiúnta ó thús go lár na nóchaidí sa naoú céad déag ar Cheathrú Domhain, Tír Chonaill, agus, is léir gur scoth múinteora a bhí ann. Tharraing sé cúraimí eile air féin i rith na mblianta sin fosta. Bhí baint mhór aige le Cumann na Múinteoirí i mBaile na nGallóglach, a raibh sé mar rúnaí air, agus ba mhinic é i mbun cainte ag cruinnithe de chuid Mhúinteoirí Náisiúnta Dhún na nGall. Bhí sé an-ghníomhach i gcur chun cinn na lúthchleasaíochta i nDún na nGall. Thar aon rud eile, tá ainm Dhomhnaill luaite go mór le stair na peile sa

chontae. Bhí sé ina rúnaí ar Chumann Peile Cheathrú Domhain agus ina rúnaí ar Chumann Peile Cho. Dhún na nGall agus tá an pheil i nDún na nGall faoi chomaoín mhór aige as a ndearna sé ar a son. Níor fágadh fuoll molta air ag ócáid scoir a reáchtáladh ina onóir ar 1 Márta, 1896 nuair a tráchtadh ar a bhuanna iomadúla agus ar ar chuir sé i gcrích sa cheantar.



Nollaig Mac Congáil

Bhí Domhnall iontach gníomhach i gcúrsaí Gaeilge ina chontae dúchais agus ghlac sé an deis le cúis na Gaeilge a chur chun cinn ag cruinnithe de na múinteoirí náisiúnta agus ag iarraidh craobhacha den Chonradh a bhunú sa chontae. Bhí baint aige le Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge agus is léir go raibh sé gníomhach san eagraíocht sin nó chuir sé tuarascáil chucu i mí na Samhna, 1896.

Tairgeadh post mar phríomhoide ar scoil náisiúnta an Spidéil dó ag tús 1896 agus ghlac sé leis, agus an dúthacht, an tiomantas agus na buanna móra a tharraing cáil air ó thuaidh, bhain sé leas astu uilig agus chuir sé leo a fhad agus a bhí sé sa Spidéal. Mar mhúinteoir bhí cáil air as feabhas a chuid múinteoireachta, go háirithe ó thaobh na Gaeilge de leis an Chlár Dáttheangach, agus bhain a chuid daltaí duaiseanna feise agus Oireachtais, m.sh. *Cleaver Prize*, *Philip Barron Memorial Prize* srl.

Thuig Domhnall an tábhacht a bhain le páistí in Athbheochan na Gaeilge agus bhunaigh sé *Scholars' Club* ina measc a bhí bunaithe a bheagán nó a mhórán ar an *Irish Fireside Club* agus a raibh an-rath air. Lean sé dá bhaint le Conradh na Gaeilge, i gcathair

1 Tá cuntas cuimsitheach scríofa agam faoi in 'Domhnall Ó Duibhne (1868-19230: Gníomhaí Eiseamláireach Gaelach' in Diarmuid Ó Cearbhaill (eag.), *Journal of the Galway Archaeological and Historical Society*, Vol. 63 (2011) 133-57. [Ar fáil ar JSTOR.] Tá eolas breise le fáil san alt úr seo faoi Dhomhnall.

na Gaillimhe agus leis an chraobh úr ar an Spidéal. Bhí sé páirteach i bhfiontair éagsúla leis an Ghaeilge a chur chun cinn i nGaillimh agus go náisiúnta, m.sh. cumann rothaíochta Gaeilge an Chonarth a i nGaillimh, ag bunú Coiste Contae le heagar ceart a chur ar chun cinn na Gaeilge srl. Ba mhinic é fosta i mbun pinn agus cainte faoi chúrsaí Gaeilge i gConradh na Gaeilge agus i gCumann na Múinteoirí.

Bhí spéis mhór ag Domhnall i gcúrsaí béaloidis riamh agus nuair a tháinig sé chun an Spidéil, chuir sé aithne ar Lady Gregory a tháinig chun an Spidéil ag tóraíocht ábhar béaloidis mar is léir ó thagairtí ina cuid dialann. Bhí sé de thoradh ar an chaidreamh sin gur fhoilsigh sé cnuasach béaloidis a bhailigh sé féin, *Peasant Lore from Gaelic Ireland*. Is iontach an líon léirmheasanna a rinneadh ar an leabhar anseo in Éirinn agus thall i Sasana. Bhí Yeats féin i measc na léirmheastóirí.


Níorbh é sin an t-aon leabhar amháin atá maíte air. Arís, ag cuimhneamh ar a chuid daltaí agus chomh gann agus a bhí ábhar feiliúnach léitheoireachta dóibh ar fáil, scríobh sé *Prince Murrough's Adventures* sa bhliain 1906. Chuir sé eagar fosta ar leabhar léitheoireachta Gaeilge le haghaidh na mbunscoileanna, *Páistidheacht*, a scríobh an Dr. Séamus Ó Beirn agus ar tharraing Jack B. Yeats na léaráidí fána choinne. Bhí féith chruthaitheach i nDomhnall thairis sin nó d'fhoilsigh sé gearrscéal, as Gaeilge agus Béarla, agus scríobh sé drámaí srl. thar na blianta. Níorbh annamh é ag aisteoireacht agus ag aithriseoireacht i rith a shaoil agus é go maith chuige, de réir cosúlachta. Anuas air sin ar fad, ba mhór an tacaíocht a thug sé don eaglais sa Spidéal agus i nGaillimh thar na blianta.

Duine chomh hoilte, léannta, díograiseach le Domhnall a raibh aithne i bhfad is i ngearr air, ní hiontas ar bith é go mbeadh céimíocht mhór ag fanacht air. Sa bhliain 1907 cheap na *Commissioners of National Education* é mar *Organiser of Irish Language Instruction*.

Níor fágadh fuíoll molta ar Dhomhnall agus ar ar éirigh leis a chur i gcrích sa Spidéal agus é ag imeacht. Bhí an Spidéal thíos go mór lena imeacht ar go leor bealaí.

Rinne sé a chuid oibre ar fud na tíre i rith na mblianta ina dhiaidh sin, ag scríobh, ag léachtóireacht agus ag spreagadh daoine i dtreo na Gaeilge. Lean sé dá chuid foghlama ar an Ghaeilge agus ar an mhúinteoireacht agus dá bhaint dhíreach le gluaiseacht na Gaeilge i gCúige Uladh. Mar shampla, ghnóthaigh sé *Diploma in Advanced Irish Studies* ag Coláiste Uladh i dTír Chonaill in 1919 agus ceapadh é ar choiste Dháil Uladh fosta.

Rinneadh cigirí de cheathrar timirí Gaeilge a bhí



Cill Treasa nuachóirithe

ag obair le blianta faoin mbord náisiúnta ag tús 1922, Domhnall ina measc, ach níor bhuan dó sa phost úr. Fuair sé bás ar an 4 Deireadh Fómhair 1923 i mBaile Átha Cliath. Bhí tórramh ollmhór air, idir chléir agus tuata, mar aitheantas ar an tseirbhís mhór a thug sé ar an iliomad bealaí don tír agus níor fágadh fuíoll molta air sna nuachtáin logánta agus náisiúnta. Dúradh faoi san *Irish School Weekly* (25/8/1923): *Mr. Deeny was a success as a teacher, as an organizer of Irish and as an inspector. He was teacher of Spiddal N.S. down to the middle of the first decade of the new century. Here he was a pioneer of Irish teaching when it was neither fashionable or even safe to be associated with its propagation.*

Ní fhéadfaí cothrom na Féinne a thabhairt do Dhomhnall i mbeagán focal mar atá déanta anseo, ach is leor é le leid a thabhairt faoin cheannródaí tábhachtach seo i luathstair na hAthbheochana. ■

Muilte Chois Fharraige

Clíodhna Ní Mhurchú

Ní ceantar é Cois Fharraige a shamhlaítear le muilte sa lá atá inniu ann, ach is cosúil go raibh muilte fairsing go maith anseo sna céadta a chuaigh romhainn. Go deimhin, is as Éirinn a thagann an fhianaise is luaithe san Eoraip do cheard na muilleoireachta sa Meánaois, idir thagairtí don *saer muileann*, don *lind* (lochán an mhuilinn) agus don *taídiu* (sruth an mhuilinn) sna lámhscibhinní, agus a bhfuil fágtha de na fothraigh féin. Is féidir a bheith cinnte go raibh muilte beaga coitianta go maith timpeall na tíre sa luath-mheánaois, ach is ó dheireadh na 17ú hAois a thosaigh ré órga na muilleoireachta in Éirinn.

De réir dhaonáireamh na bliana 1851, bhí 8% de dhaonra na tíre ag plé leis an muilleoireachta ag an am sin¹. Bhí cumhacht uisce an-tábhachtach in earnáil tionsclaíochta na hÉireann san 18ú agus sa 19ú hAois – bhí sé cúig uaire níos coitianta anseo ná mar a bhí sa mBreatain² agus deirtear go raibh os cionn seacht míle muileann sa tír seo dhá chéad bliain ó shin³.

Ní fios cén uair ar thosaigh an mhuilleoireacht i gceantar Chois Fharraige i dtosach, ach b'fhéidir nach mór an t-iontas é go raibh muilte beaga thart timpeall, in ainneoin an chruacháis a bhí sa gceantar ag an am. Dá mbeadh fios a cheirde ag duine, seans nach mbeadh sé ródheacair muileann beag simplí a thógáil, cé go mbeadh costas áirithe ag baint leis an roth mór adhmaid agus leis na bróinte cinnte. Tá fhios againn go raibh ar a laghad ceithre mhuileann i gCois Fharraige i ndeireadh na 17ú hAoise ó mhapa cabhlaigh ón mbliain 1683; mapa den *Baye de Galluay* de chuid *Bougard*⁴. Rinne *Bougard* mapáil ar an gceantar dá leabhrán eolais an *Petit Flambeau de la Mer*. Rinne Monteguy leagan eile de seo ach ní luaitear na muilte ar an gceann sin. Deich mbliana níos deireanaí, mar chuid d'fheachtas tacaíochta do Shéamas II, foilsíodh léarscáil breá a bhí bunaithe ar na leaganacha níos luaithe san



Clíodhna Ní Mhurchú

atlas ar ar tugadh an *Neptune Francaise*.

Tá mapa Bougard lom go leor, ach is mapa cabhlaigh atá ann, agus mar sin bhí an bhéim ar an radharcra ón fharraige, agus na háiseanna a bhí ar fáil sna ceantair. Luaitear na logainmneacha seo i leanas i gceantar Chois Fharraige, in áiteanna a raibh cuain nó béil aibhneacha: Bearna, Both Chuanna, Aill an Phréacháin, Indreabhán agus Casla. Sna háiteacha seo, bhí áiseanna áirithe a bhí suntasach agus úsáideach do na cabhlaigh: cuain, séipéil, bailte, agus muilte ina measc. Níl sé iomlán soiléir cá raibh na muilte seo go baileach, ach is cosúil go raibh ceann ag Bun na hAbhann ar an gCaisleán; ceann eile ar Abhainn Chromghlinne i gCor na Rón; ceann soir píosa uaidh sin, b'fhéidir ar Abhainn an Chnoic⁵, áit a raibh droichead, tithe agus séipéal;

agus ceann ar Abhainn Bhoth Loiscthe sa Spidéal, áit a raibh droichead agus tithe freisin.

Is léir go raibh fothrach de mhuileann Abhainn Chromghlinne fós le feiceáil timpeall na bliana 1840, ón '*mill ruin*' atá marcáilte anseo ar mhapa ón am sin⁶. Is ar an taobh ó dheas den droichead a bhí an fothrach agus seans maith gurbh é seo an foirgneamh céanna a shonraigh mairnéalaigh na Fraince 150 bliain roimhe sin. Maidir le muileann

1 Bielenberg, A (ed). 2004. Irish Flour Milling: a History 600-2000.

2 Rynne, C. 2006. Industrial Ireland 1750-1930: an archaeology. 30


3 Oram, H. 2019. <https://www.irishtimes.com/opinion/an-irishman-s-diary-on-mills-and-millers>

4 Conroy, J. 1997. *Galway Bay, Louis XIV's Army and the 'Little Bougard'*. Galway Archaeological and Historical Society. Vol 9.

5 Tá seans ann gur ar an sruthán a thagann isteach san inbhear beag ag Trá an tSáilín an bhí an muileann seo freisin. Ar mhapa 1900 tá dhá fhoirgneamh atá suite díreach ar an uisce, san áit a gcasann an sruthán leis an inbhear ansin. Ní fios an muilte a bhí iontu, nó foirgnimh de chineál éicint eile.

6 Historic 6 inch map 1837-42. www.OSI.ie & RMP GA091-008

Bhun na hAbhann, tá an tuairisc seo a leanas i mBailiúchán na Scol (c.1938) ó Mhairghéad Ní Chonghaile, bean 80 bliain d’aois⁷. Ní fios an raibh muileann eile níos faide siar i mBaile na hAbhann, nó an ag trácht ar Bhun na hAbhann ar an Tulaigh a bhí sí:



Sgrios Mhuileann Bhaile na hAbhann

Bhí muileann i mBaile na hAbhann agus is ann a chuireadh muintir na háite a gcuid arbhar le meilt. Aon lá amháin, rinne na Blácaigh garraí gabhann den mhuileann agus chuireadar plód caoirigh a bhí tóigthe acu isteach ann. Séard a rinne muintir na háite ná na caoirigh a ligeann amach (as agus séard a rinne na Blácaigh ná an muileann a leagan mar bhiorán ar mhuintir na háite).

Bhí na Blácaigh ina dtiarnaí talún i gCois Fharraige ó dheireadh na 17ú haoise agus sa 19ú hAois, thóg siad a dteach mór ('Cashel House') in aice leis an áit a raibh caisleán na mBúrcach roimhe sin ag Bun na hAbhann ar an Tulaigh⁸. Más rud é gurbh é sin an muileann céanna a sonraíodh ar an mhapa Bougard na bliana 1683, níl aon fhianaise ann go bhfuil a riain le feiceáil inniu.

Níl fios an raibh muileann riamh ar bhéal Abhainn an Chnoic sa 17ú hAois, ach tá ceann beag i bhfad níos faide ó thuaidh ar an abhainn a tógadh thart ar an mbliain 1850. Ba é Tomás Ó Donnchú as Baile na mBrobhach an muilleoir go mba leis é⁹. Maidir leis na bróinte a cuireadh ann is cosúil, de réir gaol leis, Máirtín Ó Dhonnchú (nach maireann), gurb as an bPúirín a tháinig ceann amháin acu agus as Leithrinn an ceann eile. Tá cosúlacht air go raibh an díon imithe den áit faoi thús na 20ú hAois, de réir na mapaí ón am sin, ach tá an fothrach ina sheasamh i gcónaí.



Sliocht as léarscáil de Chuan na Gaillimhe, sa Neptune Francaise (Tagairt: Conroy, thuas)

Ar ndóigh, bhí muilte eile i gConamara freisin; i Ros Muc, sna hOileáin agus in áiteacha eile. Bhí dhá muileann in aice le Loch an Mhuilinn ar an gCeathrú



Sliocht as léarscáil 1776 Mackenzie (Galway Bay on the West Coast of Ireland, Léarscáil 12), a thaispeáineann Loch an Mhuilinn agus Cuan Chasla.

⁷ Bailiúchán na Scol, 1938-39: Scoil Bhríde, An Cartúr Caol, Na Mine, Indreabhán

⁸ www.landedestates@nuigalway.ie

⁹ Griffith's Valuation.



An muileann ar Abhainn an Chnoic (tógtha c.1850). [Pictiúr: Aidan Harte]



*An muileann ar Abhainn an Chnoic (tógtha c.1850).
[Pictiúr: Aidan Harte]*

Rua¹⁰, ar dhá shruthán a thagann isteach is amach as an loch¹¹. Tá an ceann ar an dtaobh thoir den loch le feiceáil ar mhapa de chuid Mackenzie ó 1776¹². Faoi c.1840, bhí sé tréigthe, mar is léir ón ‘corn mill in ruins’ ar mhapa eile¹³. Ba le fear darb ainm Féilim Mac Dubhghaill ceann de na muilte¹⁴.

Faraor, níl sé furasta formhór na bhfothrach seo a aimsiú níos mó. Ní chloistear mórán cainte faoi mhuilte sa gceantar, ach is iontach an áis iad na seanmhapaí le muid a chuir ar an eolas faoin stair atá imithe ó chuimhne na ndaoine.

Is léir go raibh muilte sa gceantar ar a laghad chomh fada siar leis an 17ú haois. Agus más ar scála beag féin é, níl aon amhras ann ach go raibh tionchar ag an tionsclaíocht ar shaol na ngnáthdhaoine i gCois Fharraige chomh maith leis an gcuid eile den tír. Ach is ag tarraingt ar thraidisiún i bhfad níos ársa a bhí na Gaeil.

Tá an chumhacht uisce fréamhaithe go domhain inár gcultúr agus is léir go raibh na daoine anseo ag úsáid muilte lena gcuid arbhar a mheilt leis na céadta bliain. ■

¹⁰ RMP GA090-008

¹¹ Robinson, T. 2011. Connemara: a little kingdom. 344

¹² Mackenzie, Murdoch. 1776. Galway Bay on the West Coast of Ireland. <https://gallica.bnf.fr/ark:/12148/btv1b53010514m/f1.item.zoom>

¹³ Historic 6 inch map 1837-42. www.OSI.ie

¹⁴ Robinson, T. 2011. Connemara: a little kingdom. 353.

Nan Thaidhg

Seán Ó Neachtain

Píos a bhí scríofa i bpáipéar áitiúil de chuid Stát Maine i Meiriceá faoi bhean as an Spidéal a chuir siar ar bhóithrín na smaointe mé. Ba í Nan Ní Choncheanainn, nó Nan Thaidhg mar a bhí aithne uirthi sa Spidéal, a bhí faoi chaibidil i n-eagrán den pháipéar *The Portland Evening Express* a foilsíodh i mí Eanáir 1956. Ba í mo chol seisear, Gerie Huppe, a chuir chugam gearrthán as páipéar. Bí gaol ag an mbeirt againn le Nan agus bhí an t-ábhar seo bailithe ag Gerie mar chuid den stór mór eolais a bhí curtha i dtoll a chéile aici ar chrann ginealaigh ár muintire.



*An muileann ar Abhainn an Chnoic (tógtha c.1850).
[Tógtha as an *Portland Evening Express*]*

Ba é mo ghéarchuimhne é Nan Thaidhg a fheiceáil ag tiomáint a cuid turcaithe síos bóithrín na seanchéibhe agus mé ag triall ar mo chéad laethanta scoile sa Spidéal. Ba mac le Nan, Tadhg Ó Concheanainn, a thug an t-eolas ar shaol a mháthar don pháipéar. Bhí Tadhg ag múineadh scoile i mBuiríos Uí Chéin i gContae Thiobraid Árann. Scríbhneoir cumasach a bhí ann agus ba mhinic saothair dá chuid i bpaiprí nuachta agus in irisí na linne.

Naoi mbliana is fiche a bhí Nan Ní Fhlaithearta as an Lochan Beag nuair a thug sí a haghaidh ar Mheiriceá sa bhliain 1899. Go Bostún a chuaigh sí ar dtús agus as sin ó thuaidh go Portland Maine áit a raibh daoine muinteartha léi ina gcónaí. Bhí pobal mór de mhuintir Chois Fharraige curtha fúthu i Portland Maine ag an am. Ba anseo a chas Nan le John Thaidhg “Leaice” Ó Concheanainn as sráidbhaile an Spidéil agus is ann a phósadar i séipéal Naomh Dominic sa bhliain 1903.

Ceithre phunt deich scillingeacha a chosain an phaisinéireacht go Meiriceá ar Nan. Rinne sí

stocaireacht mhór chun na pingineacha a chur i dtoll a chéile. Phioc sí faochain agus carraigín. Bhain sí feamainn chun na fataí a leasú agus shábháil sí an mhóin ar an bportach. Ní raibh drogall ar bith uirthi na sé mhíle dhéag bóthair go Gaillimh a chur di de shiúl a cos chun toradh a saothair a dhíol ar an margadh. Bhíodh ciseán uibheacha agus prionta ime ar iompar aici chomh maith le trí clocha fataí ar a droim. Don mhargadh amháin a bhíodh an t-im agus na huibheacha agus leis an airgead a fuair sí orthu a cheannaítí tae agus siúcra agus balcaisí éadaigh. Dá mbeadh cúpla scilling le spáráil, chuirte i leataobh iad don phaisinéireacht.

Fuair Nan obair mar chailín aimsire a thúisce a shroich sí Portland Maine. Bhí oifig fostaíochta ansin áit a dtagadh daoine gustalacha ag cuardach cailíní aimsire. Ba duine dhíobh sin, Mrs Leighton, a thug a céad phost do Nan. Carr capaill den déanamh nua-aimseartha a bhí aici chun Nan a thabhairt ar ais chuig a teach galánta. Dream saibhir a bhí i gclann Leighton mar théadh siad ar saoire chuig an gCape chuile shamhradh. Trí bliana a chaith Nan ag obair dóibh. Trí dollar sa tseachtain a bhí mar phá aici agus ba mhaith an luach saothair é sin ag an am, dár le Nan. Bhí an obair crua mar sin féin agus í i mbun oibre ó mhaidin go faoithin. Cupán tae agus canda aráin a bhíodh aici mar bhriceasta agus ní bhíodh deis aici fiú an méid sin féin a ithe ina suí ach á thabhairt léi ó dhualgas go dualgas ar fud an tí.

Dhéantaí níochán na seachtaine chuile Dé Máirt. Bhíodh na héadaí ar an líne taobh amuigh á dtriomú roimh a cúig ar maidin. Obair láimhe ar fad a bhí sa níochán. Ní dhéanfaí na héadaí a iarnáil ar chor ar bith ar fhaitíos go ndéanfadh a leithéide na héadaí a chaitheamh. Ba léargas é sin go raibh na daoine a raibh saibhreas acu tíomhasach agus spárlach. Dhéanfadh bairille plúir clann beag, fear, bean agus paiste ar feadh bliana. Fiú smeachóidí na gríosá, chuirte ar ais ar an tine iad go dtí go mbeadh an dé deireadh imithe astú. Ní chaithfí amach na seanbhalcaisí éadaí fiú

ach bhainfí paisti astú chun caoi a chur ar chuid eile. Bhainfidís dhá bhliain as péire bróg.

Tharla cúpla eachtra barúil do Nan le linn dí a bheith ina cailín aimsire tigh Leighton. Ba ann a chonaic Nan fón den chéad uair. Bhí an gléas crochta ar bhalla an tí agus thóg Nan ina láimh é lá chun triall a bhaint as nuair nach raibh bean an tí in aice láimhe. "Hello Sir," a labhair sí isteach ann, "does this thing speak Irish?". Bhí mac óg an tí ag foghlaim le bheith ina dhochtúir agus bhí sé ag déanamh staidéir ar chnámharlach daonna a bhí i gcófra ina sheomra aige. Le teann diabhláochta, chuir an mac léinn an cual cnámh isteach faoin éadach ina leaba lá. Nuair a bhí Nan i mbun chóiriú na leapa tháinig sí ar an gcnámharlach agus ba bheag nár imigh an t-anam aisti leis an ngeit a baineadh aisti.

Ba bheag ama a bhí ag cailíní aimsire na linne sin dhóib féin. Mar a deir Nan, bhíodar á gcaitheamh thart ó dhualgas go dualgas mar a bheadh snaoisín ar thórramh. Ba é tráthnóna Dé Sathairn an t-aon am den tseachtain a mbíodh cead a gcinn acu ar feadh cúpla uair a chloig. Cosúil leis an mbaile, ba ar cuairt a rachaidís chuig a ndaoine muinteartha i Portland.

Bhíodh spraoi nó "time" in ait éicint chuile Shatharn. I nGaeilge ar fad a bhíodh an comhrá eatarthu. Rinne Nan cur síos ar an oíche mhór cheoil a bhíodh acu Oíche Féile Pádraig in Amharclann Jefferson. Cé go raibh cosc ar an ól ag an am, ní shin le rá nach raibh sé lé fáil mar bhí scil na stiléireachta tugtha leo go Meiriceá ag muintir Chois Fharraige agus bhí fuisce fairsing más i ngan fhios féin é. Nócha hocht cent a bhí ar ghalún den stuif crua ag an am. Théadh Nan chuig na hócáidí úd in éineacht lena cara Máire Ní Fheinneadha nó Máire Ned Mháire as an Tuar Beag. Ba col ceathrar í Máire leis an scannánaí cáiliúil, John Ford, nó "fear na bpictiúir" mar a thugadh Nan air. Ba mhinic í i dteach a mhuintire i bPortland in éineacht le Máire.

D'fhill Nan agus John Ó Concheanainn ar a bhfód dúchais thar éis roinnt blianta a

chaitheamh i Meiriceá agus chuir siad fúthu i dteach na muintire i sráidbhaile an Spidéil. Chuirte ceist uirthi go minic an raibh fonn uirthi filleadh ar na Stataí. "Ní bheadh fhios agat; bhféidir nuair a bheas lao ag an mbó, a mhac," an freagra a thabharfadh sí. Níor fhill sí riamh ar Mheiriceá ach chaith Nan saol fada sa Spidéal agus bhí aithne mhaith uirthi ag siúl na sráide ag fosaíocht a cuid turcaithe. Céard ba chionn tsiocair leis saol fada a fuair sí? "Braoinín fuisce, corrbhuidéal pórtair, obair chrua agus bia fholláin," an freagra a bhíodh ag Nan. ■

EXPRESS Want Ads Page Nine

Eire's Home, But Portland Is Not Forgotten

Galway Resident, 84, Recalls Life Here, As Immigrant In Early 1900's

Ed. note: This is the first of two stories about an 84-year-old Irish woman's memories of her years as an immigrant in Portland.

A drop of whiskey now and then or an occasional bottle of stout, a little snuff, hard work, wholesome food, no worry and a happy heart are the ingredients for a long and healthy life.

Altogether it's quite a palatable recipe for longevity that Mrs. Annie Concannon offers from the experience of her 84 years. Some might not go for the snuff, but then, some might not go for the hard work either.

Annie did. She worked hard here in Portland as an immigrant from Ireland back at the turn of the century. And she worked hard—perhaps harder—for years before that to scrape together enough money to get her here.

Those years show today in the deep wrinkles of her cheeks and brow, the gray of her hair and the bow in her back. But these years also show in the dance of her eyes—eyes which watch the turf blazing in the open hearth fire in her Irish home. Eyes that are again the events that made her life in America so wonderful.

She's proud of the fact she worked in the household of a man who was mayor of Portland—Adam P. Leighton. To be sure, he wasn't mayor when she was working for the family, but he came so later.

She remembers a host of good

to Boston in 1899. Annie slaved hard and long for the money. She picked periwinkles and carraheen moss, cut and carried seaweed to fertilize the potatoes, spread and saved the turf.

In winter she would walk the 16 miles to Galway, barefooted.

"The Leighton's son was going to be a doctor. One day I was sweeping his bedroom and what do you think I pulled out from under his bed but a big skeleton. I roared and nearly fell in a faint with the fright. Mrs. Leighton came up and told me the 'joke' was no harm."

"Dr. Adam P. Leighton Jr. recalls it a bit differently. He was not sure he could remember Annie until she was mentioned. He was studying medicine at that time and as he recollects the skeleton was not under the bed but in it.

"Annie was a small, thin, very nervous woman and I used to give her plenty of trouble. I'm afraid. I brought the skeleton home from Bowdoin Medical School. I planted it in the bed and she went screaming down the stairs when she found it. My mother gave me a first class howling out for it but father thought it was quite a 'joke' he said."

That was a memorable morning. But there were other equally embarrassing and memorable events for the young Irish woman working in Portland. They will be told in the second part of Annie Concannon's recollections in tomorrow's Evening Express.

Mrs. Annie Concannon, Spiddal, County Galway, Eire, as she looks today at 84.

carrying on her back "a basket containing a piece of egg, a pint of gutter and three stonies of potatoes."

"They didn't eat butter and eggs at home because 'rents and rates had to be paid, tea and sugar were needed, clothes were required and a shilling or two must be put aside every week for passage to America."

Annie was very fortunate in that she was in Portland only a week when she was employed by Mrs. Leighton at three dollars a week, a quite reasonable sum then. Annie remembers that Mrs. Leighton arrived at the Registry Office (employment office) in a trap drawn by a white pony. Every summer, she said, they went to the Cape "where we lived in a cottage in Lovett's Field."

The three years she worked for the Leightons were not without moments of excitement for Annie, who recalls it like this:

"The cook in Leighton's was an Annie Shorne from Clifton in County Galway. Mrs. Annie

Tadgh Concannon, son of Mrs. Annie Concannon, who provided the information about his mother's

Leathanach as an Portland Evening Express, Eanáir, 1956 ag taispeáint cuid den phíosa a rinneadh faoi Nan i dtús na 1900í

Ag Breathnú Siar ...

Aonach ar an Spidéal 1983. Pic. John Coffey, Co Chill Chainnigh



1. Bríd Ní Chonghaile, Leitir Péic
2. Meait Charlie Ó Curraidhín, Cnoc na Gréine, Na Forbacha agus Gerry Joyce, An Spidéal arbh as an nGleann, Uachtar Ard dó ó dhúchas
3. Jimmy Tom Ó Droighneáin (leis an gcaipín agus a chúil linn), Baile an tSléibhe, An Spidéal; Meait Mhaitiaís Ó Céidigh, Seanadh Gharráin, An Spidéal agus Joe O'Brien, Baile an tSléibhe, An Spidéal
4. Pádraic Pheaitís Sheáin Uí Fhinneadha, An Pháirc agus John Mhicilín Ó Cualáin, Both Chuanna
5. Cólín Ó Tuathail, Baile na hAbhann, Coill Rua agus Peait Ó hOibicín, Doire Locháin, An Spidéal Taobh amuigh den séipéal
7. Beairtlín Ó Máille, Doire Fhearta, An Cheathrú Rua

Dónal Ó Catháin/Dainín Keane R.I.P.

Pádraic Tom Bán Breathnach

Tagann an bás gan cás gan cuireadh agus ba é a fhearacht sin agamsa agus an scéal truamhéalach a chuala mé ón mbaile leis an maidneachan i dtús mhí Eanáir na bliana seo. Níos measa ná sin arís, bás tobann. Thall i bPerth na hAstráile a bhí mé ag scaoileadh tharam an gheimhridh ar feadh trí mhí mé féin agus mo bhean Máire ag fanacht i dteach m'ínine, Mairéad. Sheas sise i mbéil dorais an tseomra codlata agus labhair i nglóir ómósach urramach íseal, "drochscéala ón mbaile," a deir sí, "tá Dan básaithe". B'éigean di é a rá trí nó ceathair de chuarta mar gur shíl mé go raibh mé ag brionglóidigh nó ag rámhailigh. Chinn sé ar m'inchinn é a shú isteach agus a phróiseáil an tráth sin den mhaidin.

Ach mo léan gear bhí sé fíor, faraor. Mo chomharsa béil dorais Dónall Ó Catháin nó Dainín Keane mar ab fhearr aithne air, imithe uainn ar shlí na fírinne. Duine de phearsa mór bhaile na Cathrach agus an cheantair baineadh croitheadh aisteach asainn. Thit brat bróin agus buairt anuas agus scaip sé ar fud an tí ar an bpointe. An-deacair é seo a mhíniú ach d'airigh mé an-aisteach agus folamh taobh istigh, meascán de mhothúcháin, cumha agus múisiam gan mhaith gan fónamh ná tairbhe.

Deich míle míle ó m'áit dhúchais, mo dhá lámh chomh fada le chéile, gan mé in ann a bhás a chásamh agus lámh a chroitheadh lena ghaolta agus a dhaoine muintire ná freastal ar an torramh ná an tsochraid, ní áirím lámh chúnta a thabhairt. Ba é an comhrá teallaigh a bhí idir an triúr againn ar feadh laethanta ina dhiadh sin. Ach cuirfidh mé sa gcaoi a cuireadh Dan é féin é ar na hócáidí seo, "má tá do lá thuas ní féidir tada a dhéanamh faoi, cibé atá leagtha amach ag an bhFear Thuas is aigesan atá a fhios cá bhfuil fód do bháis. I ndeireadh an lae caithfear glacadh le toil Dé".

Níl a ndóthain stór focail sa gcaint le cur síos cruinn beacht a dhéanamh ar an bhfear uasal seo ach déanfaidh mé mo dhícheall; tá an méid sin dlite dó. Fear pobail chomh sibhialta, grádiaúil, cneasta, oibleagáideach, tuisceanach, caoithiúil agus a chuir a chois i mbróg ariamh. Chuireadh cúlchaint, gáirsiúlacht, bréaga, scaipeadh scéalta mailíseacha, caitheamh anuas agus déanamh beag de dhaoine eile déistean air, gan racht ar bhiadán agus sciolladh. Níor mhaith leis magadh, sacadh, sciotaíl ná déanadh fonóide faoi aon chréatúr

bocht a raibh éalaing, anró, locht ná marach orthu siúd a bhí ag iompar croise d'aon chineáil. Fealsúnaí a bhí ann, scoláire agus saoi, a rinne a dhícheall an tsaíocht a choinneáil i mbéal na ndaoine tamall eile. Bhí lear mór léite aige, smaointeoir le coinsias shóisialta, meoin dhearfach agus scil mhaith aige i nádúr daonna; é de mhisneach aige a bheith neamhspleách agus a shaol a chaitheamh agus maireachtáil de réir mar a d'fheil sé dó féin, beag beann ar chách, cinneadh a dhéanamh dá dheoin féin, rud nach raibh éasca sa taobh seo tíre.

B'fhacthas dó ná raibh tairbhe ar bith le baint as cloch sa muinchille, díoltas, nimheadas ná gangaid. Saineolaí aimsire, staire, dúlra, nádúir, timpeallachta, tírdreach, garrantaí, gaolta agus go leor eile. Duine cráifeach diaganta, speisialta, an t-ádhdarg ormsa mar sin agus mo chomhluadar go raibh sé mar phribhléid againne a bheith inár gcónaí an taobh eile dó, cosamar cúig bliana déag is fiche.

Ní bréag a rá gur fear le Dia a bhí ann.

Bhuail mé isteach go dtí é le slán a fhágáil agus cárta Nollag a thabhairt dó. Bhí a fhios aige go mbeadh muid as baile ar feadh trí mhí. Tráthnóna Sathairn sách garbh, tirim, ach thairis sin ní raibh aon fhuacht ann. Bhí sé ina shuí ag an tine ar a chompoird mar ab iondúil, é ag caitheamh scaithimh ag léamh leabhar bheannaithe nó an Bíobla á réiteach féin i gcomhair an Aifrinn.

"Beidh sibhse ag fágáil go moch ar maidin? Abair le Máire an bruscar ar fad a chaitheamh isteach in aon mhála amháin. Má bhíonn aon cheo le chois agaibh is féidir é a leagan ar chúl an tí agus gheobhaidh mise ar maidin é. Leanfaidh mé síos thú is baileoidh mé é."



*Ag ceiliúradh Bhreithlá Dan –
Baile an Domhnalláin, Nollaig 2018,
coicís sular bhásaigh sé*

Lean sé síos mé.

“Bail ó Dhia oraibh. Suífidh mé síos ach ní fhanfaidh mé i bhfad, níl mé ag iarraidh aon mhoill a chur oraibh, tá a ndóthain ar bhuir n-aire, aistear fada amach romhaibh. Ná fág na bineanna sin amuigh, cuir i dtaisce iad mar fuadóidh an gála iad. Coinneoidh mé súil ar an áit. Siúlfaidh mé timpeall an tí ar maidin agus arís sa tráthnóna. Ná bíodh aon inní mhór oraibh faon aimsir, deamhan mórán de gheimhreadh a fhaighimid’ Gála agus farraigí arda amannta. An sioc mór sé nó seacht de bhlianta ó shin b’fhéidir go mbeadh sé blianta fada go dtarlódh sé sin arís . Go dtuga Dia slán abhaile sibh. Abair le Mairéad go raibh mé ag cur a tuairisce. Bíodh Nollaig mhaith agaibh thall ansin sa teas. Ná fanaigí rófhada amuigh faon ngrian tá sé sin an-chontúirteach mar níl aon chleachtadh agaibh air. Beidh an cuid is measa den gheimhreadh thart agus síneadh breá ar an lá nuair a thiocfaidh sibh ar ais”.

Siúd amach an doras é agus an mála faoina ascaill. D’iompáigh sé thart ag an ngeata. “Cén dáta go baileach a mbeidh sibh sa mbaile”.

Coinnigh sé an dáta sin ina chloigeann. Bhí sé cosúil le ríomhaire. Ní fhaca mé ní ba mhó é.

Bhí fhios ag Feara Fáil go raibh fáilte chroíúil roimh chuile mhac máthar agus iníon athar a bhuailfeadh ar an doras aige bíodh siad uasal nó íseal, bocht nó saibhir, strainséirí, taistealaí nó ball ocrach den lucht siúil. Ní raibh aon chall coimhthíos, scáth ná drogall a bheith ort. Ba chuma cé thú féin chaithfeadh sé leat chomh cóir galánta céanna le hómós agus aitheantas, ag déanamh cinnte go raibh tú súch sách buíoch beannachtach ag fágáil an tí. Léiríonn an scéal seo a dhúthracht, a dhílseacht is an cion a bhí aige ar a chuid comharsanaí. Is beag nach gcaithfeadh sé é féin amach sa bpoll báite le iad a shábháil.

Samhradh amháin, sé nó seacht de bhlianta ó shin, is ar chósta thiar Mheiriceá a thug muid ár n-aghaidh, *Seattle* le bheith go barainneach faoi, sé seachtainí fhada, sall go dtí mo mhac agus a chomhlúadar. Níl fhios céard a shiúil muid ag baint lán na súl as iontais mhóra Mheiriceá Thuaidh agus Cheanada, an *Grand Canyon* ina measc, ach níl lá dá fhad nach dtagann an tráthnóna agus go drogallach d’fhag muid slán ag tír Uncail Sam agus thug muid aghaidh ar an mbaile. Faoistin atá mise a dhéanamh anseo mar bhí mé thar a bheith siléigeach agus leisciúil, gan agam ach eochair amháin don geata agus é sin ag Dan. Tharla moill ar an mbealach, muid ceapthaí ceann scríbe a bhaint amach ardtráthnóna, ach bhí sé go hard ós cionn an mheán oíche nuair a bhainimid an baile amach, scairt lóchrann ó shoilse an tacsáí ar fhuinneog binne tigh Dan ag lasadh suas na cistine. Bhi sé ag fanacht go foighdeach linn ar feadh an ama sin. Ní raibh an carr baileach casta ná siúd anuas an t-airdín an sunda, abhóga móra agus bun shodar amach faoi, lampa ina lámh aige. Bhain sé an glas den gheata chomh sciobtha in Éirinn is a bhí sé in ann. Smid ná smeaid, gíog ná míog ní raibh as Labhair mise.

“Ní raibh muid ag súil go bhfanfá i do shuí go dtí am mharbhtha na hoíche i d’fhear faireacháin”.

“Ná bac liomsa, an rud is tábhachtaí go bhfuil sibh ar ais slán sábhailte.”

Sin an méid de shuim a chuir sé ann tar éis codladh na hoíche a chailleadh.

“Ar ndóigh cén chaoi a mbeadh sibh in ann na cásaí móra troma sin a chrochadh suas thar an ngeata gan iad a bheith scoiltí stiallta ag an tíoraíl. Ná habair liom go raibh sibh a goil á bhfágáil amuigh faon drúcht go maidin. An bhfuil aon cheo ag teastáil uaibh; braon bainne ná aon rud? Feicfidh mé níos deireannaí sa lá sibh.”

Murab shin comharsa den scoth ní lá go maidin é. Ní choinneodh an Samárach maith coinneal dó.

Fear mór láidir, cnámhach, ligthe, scafánta, oscartha ab ea é. Rúpálaí mór oibre nár spáráil é féin ar aon bhealach agus a roinn a chuid spreactha go fial flaithiúil bíodh sé ina chuid de mheitheal nó ag obair do chomhlacht. Cuimhním go maith air aimsir craptha isteach an fhéir agus an choirce, obair throm anróiteach, cosán cúng achrannach tríd na garrantaí, greim an fhir bháite ar an mbeart ag iarraidh é a choinneáil ar dhroim an asail. Fliotar ná feang níor bhain sé as Dan, daoine eile tugtha agus maraithe amach, mónóga allais leo. B’ait uaidh claí a thógáil is a bhiorú, na clocha troma a shocrú go stuama os cionn a chéile sa gcaoi is go mbeadh greim ceart acu.

- Ba é an peaca cuid dá ráitis agus dá tairngreachtaí a ligean i ndearmad agus seod roinnt acu:-
- Dá mbeadh ceart le fáil fíorbheagán bochtanais agus míchothromaíocht a bheadh sa domhan ach bhí sé sin ann ó thús ama agus beidh go deo.
- Is airgead é chuile shórt anois.
- Mura mbeadh fágtha ach beirt sa domhan seo ní bheadh siad ar aon fhocal agus bheadh siad ag argóint.
- Tiocfaidh an lá agus ní bheidh ann ach trí theanga Béarla, Spáinnis agus Sínis.
- Is é an Sasanach an fear is sibhialta sa domhan.
- Ceannaíonn muid i bhfad an iomarca beatha; bíonn an leath de caite amach.
- Tá muid in ann maireachtáil ar fhíorbheagán.
- An lug ina luí ar an lag agus an lag ina luí ar talamh.
- Tá daoine ann nach maith leo obair chrua ná a lámh a shalú agus éiríonn siad saibhir ar allas dhaoine eile.
- Dream an-fhiosrach iad na hÉireannaigh; is beag nach bhfiafródh siad duit céard a bhíonn agat le haghaidh do bhriceasta.
- Nuair a bhí mise ag dul ar scoil ba é an maide an múinteoir feabhais. Cheap sé gur leigheas sé sin chuile shórt ach ba é a mhalairt a tharla, rinne sé cúrsaí seacht n-uaire níos measa.
- Ní thagann an fuacht ceart go dtí mí Eanáir agus críochnaíonn an samhradh ar lá ‘le Muire sa bhFómhair ar an 15ú lá de mhí Lúnasa.
- Caithfidh tú go leor rudaí a scaoileadh tharat.

Ní hé an baile céanna dá uireasa agus airíonn muid uainn go mór é. Tá a spiorad le mothú thart sna bólaí seo agus beidh go ceann fada. Go ndéana Dia grásta ar a anam uasal. ■

Pádraig Joe Joe Mac an Iomaire (FG) – Comhairleoir Nua do Chonamara Theas

*Daithí Ó Muirí a thras-scríobh an t-agallamh seo
a rinne Donncha Ó hÉallaithe le Pádraig*

Chas Donncha Ó hÉallaithe le Pádraig Joe Joe Mac an Iomaire go gairid tar éis an toghcháin, inar toghadh é mar chomhairleoir nua ar an gComhairle Chontae agus geansaí Fhine Gael air. Cén fáth ar sheas sé d’Fhine Gael, an chéad cheist a chuir sé ar Phádraig?

“Chuaigh mé isteach le Fine Gael trí Phádraig McCormack. Bhí mo dheaide roimhe sin an-mhór le John Mannion sa gClochán, ach nuair a tháinig Pádraig McCormack, cheap mé gur fear maith a bhí ann. D’oibrigh mé le Pádraig agus sin a bhí ann.”

Cé gurb é Fianna Fáil an páirtí is mó ar an gComhairle Chontae, is é Fine Gael atá ar an stiúir, mar

gur éirigh leo tíocht ar shocrú leis na Neamhspleáigh agus leis an gComhaontas Glas, rud a chinn ar Fhianna Fáil a dhéanamh. Mar gheall go bhfuil ceannas ag Fine Gael ar an gComhairle Chontae, tá súil ag Pádraig go mbeidh sé in ann rudaí a chur chun cinn níos éasca. An mbeidh sé faoin bhfuil ag Fine Gael faoin mbealach a vótálann sé?



Tógadh an pictiúr seo sa bPoitín Stil, an oíche a seoladh feachtas toghchánaíochta

Phádraig don Chomhairle Chontae

Chun tosaigh, ó chlé: Pádraig Joe Joe, Sally, Stephanie, Emer agus Darina.

Ar chúil, ó chlé: Anna, Cathal, Joseph agus Máirtín Cadhain

“Sin an chaoi a n-oibríonn sé, ach ‘séard a dúradh linn má bhíonn aon fhadhb againn le rudaí tá muid in ann dul ag caint faoi agus rudaí a athrú timpeall.”

Fadhbanna le Réiteach

Tá an bealach a bhfuil taobh an bhóthair mhóir fágtha, ar cheann de na fadhbanna atá le réiteach, dar le Pádraig.

“Tá an tÚdarás agus an Chomhairle Chontae tugtha le chéile agam..... Níl an tÚdarás ná an Chomhairle Chontae sásta freagracht a thógáil.”

Tá sé fós ag obair ar an gceist, le réiteach a fháil. Tá fadhb na reilige ard ar a liosta. Cén réiteach a bheadh ag Pádraig ar cheist na reilige?

“Tá sé thar a bheith go dona anseo i Reilig an Chnoic.... Ceapaim nach bhfuil ach péire nó trí cinn de spásanna atá fanta anseo sa gCnoc.”

Cé gur chuir an Chomhairle Chontae fógra amach ag fiafraí do dhaoine an raibh aon talamh le díol acu a bheadh feiliúnach le reilig a réiteach, is cosúil nach raibh na háiteacha a tairgeadh don Chomhairle Chontae feiliúnach, a dúirt sé. Tá sé i gceist ag Pádraig brú a choinneáil ar an gComhairle Chontae faoi cheist na reilige.

“Tá beirt againn anois ann, mé fhéin is Dáithí Ó Cualáin, agus beidh muid ag obair as lámh a chéile ar an rud seo.”

B’fhearr leis gan úsáid a bhaint as CPO le talamh feiliúnach a fháil.

“Bhí an fhadhb chéanna acu thiar i Maíros.....ní raibh siad [An Comhairle Chontae] go deas le duine éicínt thiar ann, ach d’oibrigh sé amach ar deireadh; ach thóg sé píosa fada.”

A Chúlra

Rugadh Pádraig i Sasana cé gur tháinig sé ar ais go Conamara ag aois 6 bliana. Thosaigh sé ar Scoil Thír an Fhia gan focal Gaeilge aige. Thóg sé bliain air an Ghaeilge a thabhairt leis. *“Gaeilge ar fad a bhí sa scoil i dTír an Fhia an t-am sin”*. Tar éis na bunscoile chuaigh sé go Coláiste Iarfhiltha i dTuaim. In éindí leis ag an am bhí Clann Tommy Walsh as an gCeathrú Rua, Seáinín agus Tomás, agus Antaine Mhaidhc Ó Conghaile ón gCnoc. Níor thaitin sé leis an chéad dá bhliain ach ina dhiaidh sin thaitin sé thar cionn leis.

“Bhí sagart amháin ann an chéad dá bhliain agus bhí sé uafásach linn. Bhí bata aige, píopa wavin. D’imigh sé théis dhá bhliain agus tháinig sagart eile isteach ina áit sin. Ní raibh sé ag bualadh daoine mura gcaithfeadh sé.”

Ní scaoilfí abhaile ón scoil iad ach amháin don tSamhain, faoi Nollaig agus ag an Cháisc. Bhí cáil ar Choláiste Iarfhiltha mar scoil mhór peile. *“D’imir mé sóisear agus bhí mé i mo fhear ionaid ar an bhfoireann*

sinsir. An rang seo againne, i 1980, b’shin é an chéad bhliain ar buaileadh muid. Agus tá mise a rá leat nuair a chuaigh muid ar ais théis na Cásca, nach mórán fáilte a bhí romhainn.”

Rinne sé cúrsa Staidéar Gnó ag an gColáiste Réigiúnach i nGaillimh ach is ag iarraidh dul sna Gardaí a bhí sé. Bhí fadhb lena shúile agus níor glacadh leis. Chuaigh sé ag obair ansin, 1982, ag Tesco i nGaillimh, mar leas-bhainisteoir.

“D’fhan mé ansin nó raibh sé 1987, agus cheannaigh mo mhuintir siopa, Tigh John Whelan i Ros an Mhíl. Bhí mé ina bhun sin ar feadh deich mbliana. B’shin iad na deich mbliana ab fhearr i mo shaol. Tá an siopa sin dúinte anois ar nós go leor siopaí eile thart. Bhí sé go maith an t-am sin, bhí monarchan le mo thaobh a raibh ceithre chéad duine ag obair ann agus bhí triúr nó ceathrar againn ag obair sa siopa ar maidin, am dinnéir agus tráthnóna. Ach d’imigh an mhonarcha.”

A Dheaideo, Joe Mór

Cailleadh a dheaidheo, Joe Mór Mac an Iomaire, leathchéad bliain ó shin ag cruinniú den Chomhairle Chontae in aois 70 ar an 24 Márta 1969. D’inis Pádraig dom gur shuí sé síos tar éis dhó píosa cainte a dhéanamh faoi Bhóthar an Chanal i Ros an Mhíl agus go tobann bhuaile an taom croí é agus cailleadh é. Seo mar a tuairiscíodh a bhás tobann sa nuachtán Amárach (4/04/1969): *‘Ba thráthúil gur i mbun a dhualgas poiblí a bhí sé ag cruinniú de Chomhairle Chontae na Gaillimhe nuair a tháinig an glaoch dá ngéilleann cách chuige’*.

Roinnt seachtainí i ndiaidh bhás Joe Mór, mhol Frank Glynn (Sinn Féin), go ndéanfaí a mhac, Joe Joe Mac an Iomaire a chomhthoghadh le háit a athar a líonadh ar an gComhairle Chontae, ach ag an gcruinniú vótáil comhairleoirí Fhianna Fáil ar fad in aghaidh Joe Joe, cé go mba cairde leis cuid acu.

“Bhí sé gortaithe go mór,”, a dúirt Pádraig. *“‘Séard a tharla an t-am sin, bhí siad istigh in O’Malley’s Bar roimh an gcruinniú sin, agus bhí aithne ag deaíde ar go leor acu, Mark Killilea [a bhí ar scoil leis] agus cúpla duine eile. Dúirt Mark ‘I have to follow the party whip’. Níor labhair mo dheaidhe le Markeen ón lá sin amach.”*

Plean Forbartha an Chontae

An bhliain seo chugainn beidh ar Phádraig agus comhairleoirí eile Plean Forbartha nua a réiteach don chontae. Bheadh Pádraig ag iarraidh ceantar Chois Fharraige a bheith fágtha mar atá, cé go nglacann sé leis go mbeifear ag iarraidh bailte beaga á dhéanamh den Cheathrú Rua agus den Spidéal.

“Níl mé ag iarraidh an áit a mhilleadh ar fad leis an iomarca a chur isteach.....Ba cheart go mbeadh cead [teach a thógáil] ag duine a bhfuil garraí ag a athair nó a mháthair,

má tá sé ag iarraidh teacht ar ais sa gceantar. Teastaíonn daoine a bheith ag teacht ar ais sa gceantar. Mura dtiocfaidh imeoidh an ceantar agus gheobhaidh sé bás.... beidh an ceantar bánaithe."

Maidir leis an riail go gcaithfidh suíomh leathacra a bheith ag duine le teach amháin a dhéanamh, dúirt sé gurb shin pointe a bheas sé a tharraingt aníos. Glacann sé leis go mba mhaith an rud é dá mbeadh saineolas neamhspleách ar fáil do na comhairleoirí agus iad ag réiteach an Phlean Forbartha mar a bhí nuair a bhí Pól Ó Foighil agus Seán Ó Neachtain ar an gComhairle Chontae. Dúirt Pádraig go bhfuil sé i bhfabhar an pholasaí láidir atá ag Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi láthair maidir le cosaint teanga i gCois Fharraige, 'sé sin go mbeidh 80% de na tithe in aon scéim tithíocht a bheadh á tógáil idir na Forbacha agus Ros an Mhíl, agus sa gCeathrú Rua chomh maith, coinnithe do dhaoine atá inniúil ar an nGaeilge.

Ganntanas Airgid ar an gCo Co

Is fada na comhairleoirí contae ag gearán go bhfuil ganntanas san airgead atá le caitheamh i gContae na Gaillimhe i gcomparáid le contaetha eile, ar nós Maigh Eo agus Ciarraí, agus maítear nach bhfuil an rialtas láir ag caitheamh go cothrom le Gaillimh. D'fhéadfadh an Chomhairle Chontae níos mó airgid a fháil isteach tríd an LPT, an Cháin Mhaoine Áitiúil, a ardú: thabharfadh ardú 5%, mar shampla, thart ar €500,000 breise don Chomhairle Chontae agus ní chosnódh sé ach thart ar fiche euro sa mbliain ar aon theach.

"Beidh sé seo [ardú san LPT] ag teacht aníos i mí na Samhna nuair a bheidh an buiséad á chur le chéile, agus braitheann sé ar na comhairleoirí eile, an bhfuil siad sásta é a ardú. Ní mórán é fiche euro sa mbliain, bheinn fhéin sásta fiche euro sa mbliain a íoc. Ach tá daoine amuigh ansin nach bhfuil sásta é a íoc....beidh mé ag breathnú ar cén chaoi tuilleadh airgid a thabhairt isteach agus más rud é go gcaithfidh muid é a dhéanamh bheinn i bhfabhar [an LPT a ardú]. Mura bhfuil airgead againn ní bheidh tada againn."

Córas Taistil

Cén réiteach a bheadh ag Phádraig ar easpa busanna amach as Gaillimh tráthnóna agus an bhféadfadh an Chomhairle Chontae aon cheo a dhéanamh faoi? Brú a choinneáil ar na Teachtaí Dála an t-aon rud a bheadh comhairleoirí in ann a dhéanamh.

"Caithfidh mé a rá go bhfuil an-obair déanta ag Éamon Ó Cuív air seo....Tá geallúint tugtha aige dom go mbeidh bus ag dul amach i mí Mheán Fómhair."

Ach tá an costas ar an mbus ina chnámh spairne

chomh maith.

"Tá tú in ann dul ó Ghaillimh go Bleá Cliath ar níos lú ná dul ó Leitir Meallán go Gaillimh," a dúirt Pádraig.

Maidir leis an liúntas pearsanta, €18,500 in aghaidh na bliana, a fhaigheann gach comhairleoir le caitheamh ar thograí áitiúla, dúirt sé go bhfuil cúpla togra atá le hairgeadú ón liúntas sin i mbliana: soilse ag séipéal Leitir Móir, soilse ag céibh i gCasla a bhíonn á húsáid ag lucht bainte feamainne.

An Bóthair

Ceist mhór é an bóthair. Níl Pádraig ag glacadh leis an tuairim coitianta atá ann nach féidir aon rud a dhéanamh leis an R336. Creideann sé gur féidir é a leathnú in áiteanna agus cé go gcreideann sé go dteastaíonn an bóthar nua, dúirt sé liom go mba cheart an bóthair atá ann 'a dhéanamh sábháilte', go háirithe ag bun na mbóithre beaga atá ag teacht aníos le dul ar an mbóthar mór.

"Caithfear na crainnte a bhaint, tá claíocha ann, caithfear iad a ísliú agus rud eile, níor cheart go mbeadh cead tugtha do dhaoine claíocha arda a dhéanamh, ba cheart go mbeidís coinnithe íseal, ag leibhéal le gur féidir le carranna teacht amach ar an mbóthar. B'fhéidir rud eile, na scátháin sin, teastaíonn siad. Beidh mé ag brú na rudaí sin sa gComhairle Chontae."

An Dáil

Is fear gnó é Pádraig, adhlacóir cosúil lena athair, Joe Joe. Ní mórán ama saor a bhíonn aige anois idir a ghnó agus a chúraimí mar chomhairleoir chontae. Mar sin féin bíonn sé ag breathnú amach don fhoireann peile Sóisear C atá ag Cumann Micheál Breathnach. Is breá leis an uair a chloig a chaitheann sé leo gach tráthnóna Dé Chéadaoin agus ag dul ag na cluichí.

Ba mhaith leis ag deireadh a thréimhse cúig bhliana ar an gComhairle Contae a bheith in ann a rá go ndearna sé a dhícheall ar son aon duine a d'iarrfadh cúnamh air. Thar aon rud eile ba mhaith leis go mbeadh réiteach faighte ar thaobhanna an bhóthair a ghlanadh agus ar cheist na reiligi.

An mbeadh spéis aige seasamh don Dáil amach anseo?

"Ní bheadh. Tá mé caoga sé bliain d'aois anois. Bhí caint cúig bliana ó shin an seasfaínn don Chomhairle Chontae. Níor sheas mé an truíp deiridh ach sheas mé an truíp seo agus feicfidh muid linn. Ach ní bheadh aon suim agam a bheith i mo Theachta Dála."

Cur chuige simplí a bheas aige ar an gcomhairle contae.

"Má tá aon rud ar féidir liom a fháil do mhuintir Chonamara gheobhaidh mé é . . ."

Go n-éirí leis. ■

Cuid de Phóstaí 2019



Janene Lin as San Francisco agus Aodhán Ó Tuairisg
as na hAille a phós in Culver City, Los Angeles,
California, ar an 4 Bealtaine 2019



Laoise Ní Thuairisg as an Lochán Beag agus Feilimí ó
Conchubhair as Gleann an Fhiaigh, Co Lú



Eóin agus Amy Uí Thuairisg



Méadbh Ní Fhoighil as an gCnoc agus Paul Killerby
as Londain a phós ar an 30 Márta 2019



Siobhán Ní Dhubháin as Leitir Móir agus Joe Ó Márta as
Indreabhán a phós ar an 16 Lúnasa 2019



Aoife Nic Giolla Phádraig as Bearna agus
Gearóid Ó Dubhghaill, Coill Rua a phós i mBordeaux
na Fraince ar an 5 Meitheamh 2019.



Ailbhe ní Dhomhnaill agus James Brennan
a phós ar an 10 Lúnasa 2019

Cothrom an ama seo leathchéad bliain ó shin...

Joe Steve Ó Neachtain

Thall sa Róimh a pósadh muid leathchéad bliain ó shin ar an 18ú Lúnasa 1969. Ní éirí in airde de chineál ar bith a thug chomh fada leis an Róimh muid ach cinneadh fíor-phraiticiúil. Bhí chuile scilling dá raibh muid a shaothrú caite ar theach nua a bhí muid a thógáil. Bhí sé mar aidhm againn é a chríochnú de réir a chéile agus gan aon mhorgáiste a chur faoinár muineál. Sheet chipboard a bhí mar dhoras tosaigh againn agus pleainc ina aghaidh ón taobh istigh, ach bhí muid chomh sásta nach raibh aon deoir anuas orainn is dá mba in óstán ceithre réalta a bheadh muid.

Níor bhain aon chostas mór leis an bhfeisteas pósta, níos lú ná tríocha punt ar fad. Rinne Máirín an cóta traidisiúnta dearg agus seáilín cróiseáilte di fhéin. Báinín bán a chaith mise agus treabhsar bréidín. Bróga úra leathair as Árainn a bhí i gceist agam a chaitheamh ach seans nach raibh siad sách saillte mar bhí boladh bréan orthu nuair a thóg mé amach as an mála iad.

Níor thug muid cuireadh bainise do dhuine ar bith ach do dheartháir liom, Pádraic, a bhí ag staidéar sa nGearmáin, agus a sheas liom. Cailín as an nGearmáin, nach bhfaca muid roimhe ná ó shin, a sheas le Máirín, Amelia Vocking – ach go bhfuaimnítear an V mar F sa nGearmáin. Ba é an tOirmhinneach Seán Ó hÁinle, as Coláiste na nGael, a phós muid. Seans gurbh é an chéad phósadh as Gaeilge a rinneadh sa Róimh é.

Lá cinniúnach a bhí ann dúinne, ach bhí sé i bhfad ní ba cinniúnaí do ghrúpa cailíní gealgháireacha as Béal Feirste a casadh linn



Máirín agus Joe, lá a bpósta sa Róimh ar an 18ú Lúnasa 1969

san óstán. Bhí pian i mo chroí ag éisteacht leo ag screadach chaoineacháin nuair a chonaic siad tithe cónaithe a muintire sa mbaile ina mbladh lasrach ar nuacht na teilifíse. B'shin í an tseachtain ar thosaigh círéibeacha dáiríre sa Tuaisceart; nuair a fachtas saighdiúirí Sasanacha ar na sráideanna den chéad uair.

Tá ceart againn a bheith buíoch as an tsíocháin atá inár dtimpeall agus as an gcomhlúadar geanúil a bhfuil ár saol caite againn ina dteannta. ■

Balláí Uí Chadhain

Johanna Ní Mháille

Nuair a shiúlann tú suas Cor na Rón Láir, baile beag gnóthach é, tá go leor ar siúl. Trácht ag dul suas agus anuas, daoine ag teacht agus ag imeacht. Páistí ag súgradh, daoine ag obair, comharsan ag caint agus ag comhrá lena chéile...cosúil le aon bhaile eile in aon tír eile is dóigh, ach amháin má shiúlann tú cúpla míle suas an bóthar is scéal an-difriúil é. Scéal níos dorcha, scéal faoi thithe tréigthe i lár portaigh Chor na Rón, tréigthe i rith bhlianta an drochshaoil

Isteach ar an gcriathrach, trasna sean-phortach Ned Bháin, tá mo dhaidí in éineacht liom agus téann sé síos bóithrín na smaointe. Is cuimhin leis a bheith ag obair ar an bportach seo lena dheartháir Paddy, agus iad 9 nó 10 mbliana d'aois. De láimh a bhaintí an mhóin fadó, le láimh ag mo dhaideo Pádraic na Máille, agus bhíodh mo mhamó Mary Uí Mháille ag teacht chun an mhóin a bhailiú agus é a thabhairt amach ar an mbóthar le hasal. Is cuimhin leis go raibh siad ag obair taobh le taobh lenár gcomharsana Tom Lydon agus a athair Táilliúir Lydon. Is breá liom na seanscéalta seo a chloisteáil.

Lá álainn i mí Mheán Fómhair atá ann agus muid ag teacht in aice na dtithe. Tá siad thart ar mhíle isteach sa bportach. Téann an ghrian i bhfolach, tá na tithe an-ghar d'abhainn Chromghlinne, fuaimeanna an nádúir timpeall orm, chomh suaimehneach. Is féidir liom imlíne de shean-iomairí a fheiceáil. Nach uaigneach an áit anois é. Insíonn mo dhaidí scéal dom faoi Bhallaí Uí Chadhain, scéal a chuala sé nuair a bhí sé óg, go ndeachaigh strainséir isteach sna tithe chun fáil amach an raibh duine ar bith ann. Nuair a thuig sé go raibh gach duine sna tithe lag ón ocras bhí sé in ann an t-iasc a bhí i líon san abhainn a thabhairt leis.

Sular tháinig an Gorta Mór ba ghnách leis na daoine na tithe a bheith tógtha acu gar dá chéile, ach



Fothrach cheann de na seantithe

*Breathnaigh ar na ballaí seo,
breathnaigh go géar,
tá an oiread staire feicthe ag
na clocha eibhir seo go léir,
Balláí Uí Chadhain, ballaí
lán le deora, go dtuga Dia suaimehneas
síoraí do na Mairbh a bhí faoi na
díonta tuí, sna tithe seo fadó.*



Balláí Uí Chadhain i gCor na Rón

de bharr an ghalair agus an fhiabhrais, athraíodh an nós sin agus tógadh níos faide ó chéile iad. Is féidir a fheiceáil ó na grianghraif seo gur tógadh tithe Uí Chadhain an-ghar dá chéile. Caithfidh tú cuimhneamh, in 1845 in Éirinn, ba iad na fataí agus an bainne príomhbhia na ndaoine. Bhí beagán aráin ghairbh scaití, agus iasc ag an té a bhí ina chónaí in aice na habhann nó cois na farraige. Bhí ar mhuintir na hÉireann an bia agus an stoc a bhí acu a dhíol leis an gcíos a íoc. Bhí tiarnaí talún ann agus ba chuma leo faoi na Gaeil. Níor theastaigh uathu ach cíos agus airgead. Mar sin de ní raibh gorta in Éirinn idir 1845 agus 1849. Ocras Mór a bhí ann, déanann sé an scéal níos measa agus níos brónaí fós. ■

Scoil Sailearna

Focal Buíochais ón bPríomhoide

Fearghas Mac Lochlainn

Thosaigh mé mo thréimhse mar phríomhoide i Scoil Sailearna i Mí Feabhra na bliana 2001. I Scoil Iognáid istigh i nGaillimh a bhí mé ag múineadh ag an am nó sa “Jes” mar is fearr aithne air. Cé go raibh mé an-sásta i Scoil Iognáid ba é mian mo chroí i gcónaí a bheith i mo chónaí agus ag obair sa nGaeltacht. Bhí cáil na Gaeilge, na drámaíochta agus an chultúir Ghaelaigh ar Scoil Sailearna agus ar cheantar Chois Fharraige agus nuair a fógraíodh an post thapaigh mé an deis agus bhí an t-ádh orm gur mise a ceapadh mar phríomhoide nua ar an scoil.

Tháinig mé i gcomharbacht ar Thomás Ó Ráighne, beannacht Dé lena anam, a cailleadh go tragóideach agus é i bhfad ró-óg agus ar Mháire Ní Mháille a bhí ag feidhmiú mar phríomhoide sa scoil ag an am. Dhá chéad tríocha cúig dalta a bhí ar rollaí na scoile an bhliain sin. Bhí an daonra áitiúil agus uimhreacha na scoile ag titim de réir a chéile ag an am ach is ardú atá siad arís le roinnt blianta anuas. Dhá chéad dalta atá ag freastal ar an scoil faoi láthair agus mar staitistic shuimiúil – tá céad buachaill díreach agus céad cailín díreach ar rollaí na scoile anois!

Bhí plean curtha i dtoll a chéile ag na hailtirí Douglas & Wallace sa mbliain 1999 le cur leis an scoil. Séard a bhí i gceist ná athchóiriú a dhéanamh ar an scoil mar a bhí agus seomraí breise a chur léi. Tá an-chreidiúint ag gabháil do Thomás Ó Ráighne agus don Athair Mícheál Ó Flannabhra, príomhoide agus cathaoirleach na scoile ag an am. Faraor, tá an bheirt cheannródaí seo

imithe uainn anois, beannacht Dé lena n-anam, ach tá oidhreacht bhreá fágtha ina ndiaidh acu.

Is iomaí cruinniú de Bhord Bainistíochta na scoile a bhí ann ag ar pléadh forbairt agus dul chun cinn na scoile - agus easpa dul chun cinn scaití. Bhí muid ag “*Stage Two (b)*” sa bpróiseas ar feadh i bhfad agus is minic a d’fhiafraigh muid: “*Two (b) or not to be, that is the question!*” Ba fada an bóthar é cinnte agus tá an-chreidiúint agus buíochas mór ag gabháil do chathaoirleach reatha an Bhoird, Máirtín Ó Ceallacháin, a bhí i gcónaí dearfach, díograiseach, seiftiúil, praiticiúil agus spreagúil ag brú an togra chun cinn.

Tá buíochas mór ag gabháil do phobal uile na scoile, do chuile thuismitheoir a thacaigh leis an scoil, do dhaoine a d’fhreastail ar an mBord Bainistíochta nó ar Choiste na dTuismitheoirí ag eagrú ócáidí is ag bailiú airgid ar son na scoile. Go bhfága Dia an tsláinte agaibh ar fad.



Fearghas Mac Lochlainn, an príomhoide ar Scoil Sailearna, ag labhairt le gasúir na scoile Bealtaine 2016, le linn Chomóradh Éirí Amach na Cásca. Tá Fearghas le héirí as a phost mar phríomhoide tar éis a mharc a fhágáil ar an scoil agus ar an gceantar

Tá foirgneamh breá scoile againn anois agus scoil níos breáichte ní bhfaighfeá ó Bhearna go Carna. Tá seomraí breátha móra ranga inti agus iad feistithe amach. Tá halla breá inti. Tá dhá oifig inti agus seomraí do na múinteoirí tacaíochta foghlama. Tá seomra céadfaí breá inti leis an trealamh is nuaichte. Tá clós breá fairsing againn. Tá pinniúr breá sa halla agus péire taobh amuigh. Tá tearmann breá i gclós na scoile a tógadh mar chuid den scéim “Céatadán don Ealaín.”

Cé nach raibh páirc imeartha sa bplean beag ná

mór, bhí an Bord Bainistíochta fad-bhreathnaitheach. Nuair a bhí an tógáil ar siúl agus an t-innealra ar an láthair thapaigh muid an deis agus anois tá páirc bhreá imeartha againn ar chúl na scoile.

Tá scoil bhreá agus foirgneamh breá agus áiseanna den scoth againn anois agus tá muid thar a bheith buíoch agus bródúil aisti. Ach an t-am a raibh drochbhail ar fhoirgneamh na scoile déarfainn fhéin go raibh scoil den chéad scoth againn an t-am sin freisin! Mar bhí tuismitheoirí tacúla againn. Bhí múinteoirí agus cúntóirí agus foireann scoile den scoth againn a chuir a gcroí agus a n-anam isteach sna gasúir agus sin é a chruthaíonn scoil den chéad scoth agus ní hé an foirgneamh!

Tá mana na scoile le feiceáil ar bhinn thiar na scoile. Tá sé le feiceáil ar an leacht ag an bpríomhdhoras. Tá sé le feiceáil ar an ngeansaí scoile: “Grá do Dhia, grá dhá chéile agus grá don Ghaeilge.”

Le linn mo thréimhse mar phríomhoide i Scoil Sailearna, d’fhéach mé leis na tréithre seo chur chun cinn. Ba mhaith liom go mbeadh tréithre an Chríostaí mhaith ag na gasúir – an grá do Dhia, an grá do do chomharsa, an cairdeas, an cineáltas agus an cúnamh dhá chéile. Ba mhaith liom go mbeadh féinmhuinín agus féinmheas ag na gasúir. Ba mhaith liom go mbeadh meas acu orthu fhéin agus chomh tábhachtach céanna, go mbeadh meas acu ar dhaoine eile.

Chuir mé an-tábhacht leis an nGaeilge i gcónaí. Ba mhaith liom go mbeadh gasúir na scoile muiníneach, mórálach agus bródúil as a dteanga fhéin agus a gcultúr fhéin. Ar nós daoine eile a tháinig romham, sí an Ghaeilge a mheall mise chuig an gceantar.

D’fhoghlaim mise go leor Gaeilge ó mhuintir na háite. Tá ard-mheas agam ar an bpobal agus ar an saibhreas Gaeilge atá acu. Féachaim i gcónaí le cur ina luí ar na gasúir an tseoid atá acu fhéin agus ag a muintir. Sí saibhreas Gaeilge an cheantair a mheall an Píarsach, Tomás Mac Donncha agus Éamonn Ceannt agus daoine eile nach iad go dtí an ceantar seo. Féachaim le cur ina luí ar na gasúir an oidhreacht atá acu. Sí an Ghaeilge a labhraíonn a gcuid tuismitheoirí. Gaeilge a labhraíonn Mamó agus Deaideo. Gaeilge a bhí ag Deaideo agus Mamó Dheaideo is Mhamó! Agus siar, siar, siar, chomh fada siar leis an laochra móra ar nós Gráinne Mhaol agus siar chomh fada le Fionn Mac Cumhaill agus Cúchulainn.

Aireoidh mé uaim go mór gasúir Scoil Sailearna. Creidim go láidir sa dream óg. Tá cion mo chroí agam orthu. Tá barr-mheas agam orthu. Tá siad lán de bhrí, lán de chroí, lán de spraoi, lán de spiorad agus lán de mhisneach! Creidim iontu agus creidim go bhfuil an Ghaeilge slán.

Beidh mise ag éirí as mo chuid cúraimí mar phríomhoide ar Scoil Sailearna ag briseadh na Samhna i mbliana. Guím chuile rath ar an té a thiofais i gcomharbacht orm mar phríomhoide nua. Aireoidh mé uaim go mór an scoil, na gasúir, mo chairde i measc na foirne agus na dtuismitheoirí. Ach le cúnamh Dé beidh mé fós páirteach i roinnt imeachtaí scoile má fhaighim cead mo chinn!

Go raibh míle, míle maith agaibh ar fad. ■



An Canónach Colm Ó Ceannabháin

*3 Márta 1928 go dtí 3 Deireadh Fómhair 2019
Suaímheas Síoraí dó*



Comhghairdeas do Chumann Forbartha Chois Fharraige ó Catherine Connolly TD

Sonraí teagmhála:
Oifig Toghlaigh
4, Teach na Tráchtála
Sráid Thobar an Iarla
Gaillimh

Tel: 091-567870 nó 01-6184411
catherine.connolly@oireachtas.ie
<http://catherineconnolly.com/>

An Comhairleoir Daithí Ó Cualáin as Cor na Rón

As agallamh a rinne Donncha Ó hÉallaithe leis an gcomhairleoir contae nua, Daithí Ó Cualáin, go gairid tar éis an toghcháin. Daithí Ó Murchú a rinne an tras-scríobh

Tá Daithí Ó Cualáin ar duine de na daoine is óige ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Beirt atá níos óige ná é. Rugadh é in 1984. As Cor na Rón dhó, mac leis an iar-Chigire Gárdaí, Steve Rua Ó Cualáin ó Bhaile na Cille, Leitir Mealláin agus le Bairbre Tom Shílinn as Doirín Darach, Leitir Móir. Fuair sé a chuid scolaíochta go háitiúil i Scoil Sailearna agus i gColáiste Cholmcille ina dhiaidh sin. Cháiligh sé mar altra in 2008 i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh agus tá sé ag obair ó shin san ospidéal i nGaillimh in Ionad an Chroí. Bíonn sé ag obair 3 lá gach seachtain ó 7.45am go 7.45pm, rud a fhágann go bhfuil laethanta aige le haghaidh na Comhairle Chontae.



Ag ceiliúradh, ó chlé Áine agus Éamon Ó Cuív, Dáithí Ó Cualáin agus Mary Gibbons

Cén Fáth Fianna Fáil?

Sheas Daithí mar iarrthóir neamhspleách in 2014 agus fuair sé 440 vóta. Seán Ó Tuairisg a d'iarr air geansaí Fhianna Fáil a chaitheamh i dtoghchán Bealtaine seo caite, agus toghadh é le 1166 vóta céad rogha.

"Fianna Fáil a bhí sa gclann ó thúis deireadh. Ag an am a raibh mé neamhspleách bhí mé ag cuimhneamh ar an drochbhail a bhí curtha ag Fianna Fáil agus ag na páirtithe eile ar an tír agus bhí sé an-deacair seasamh le haon pháirtí."

D'aontaigh sé go mbeadh níos mó cumhachta aige ar an gComhairle Chontae faoi láthair mar neamhspleách, mar gur ag Fine Gael agus roinnt comhairleoirí neamhspleácha atá an chumhacht in éindí leis an Glasach, Alastair McKinstry.

"Cheap muid [Fianna Fáil] go mbeadh an chumhacht againn ach níor oibrigh sé amach."

Ceapann sé go bhféadfadh deacracht a bheith ag an gcomhghuaillíocht atá i gceannas nuair a bheas an buiséad le socrú roimh an Nollaig.

"Tá siad ag caint go bhfuil siad chun Cáin Mhaoine a ardú agus bhí sé ráite ag go leor iarrthóirí neamhspleácha, agus fiú ag iarrthóirí Fhine Gael, nach raibh siad ag goil é sin a ardú."

Deir Daithí go bhfuil sé féin, Pádraig Joe Joe agus Tomás Ó Curraidhín ag obair an-mhaith le chéile ar an gComhairle Chontae, cé gur as páirtithe éagsúla iad. Tá sé ag brú go mbeadh na cruinnithe ag Bardasaigh Chonamara ar bun sa gCeathrú Rua. Faoi láthair is i nGaillimh a thagann siad le chéile in Áras an Chontae, an t-aon cheantar seachas Baile Átha an Rí nach mbuaileann comhairleoirí le chéile in ionad taobh istigh dá gceantar féin.

"Tá roinnt plé le déanamh fós air. Tá Tom Curran ar a shon agus níl fhios agam faoi na daoine eile."

Fadhb an Bhóthair

Ceist an R336 an fhadhb is mó atá le réiteach i gCois Fharraige. Deirtear leis nach dtarlóidh aon cheo go mbeidh an cúlbohthair timpeall ar Ghaillimh déanta, ach ní ghlacann Daithí leis sin.

"Caithfear rud éicínt a dhéanamh. Níl sé sásúil mar atá sé. An rud atá siad a rá go bhfuil an oiread bóithríní beaga ag tíocht amach ar an R336 nach féidir tada a dhéanamh leis. Ní ghlacaim le sin."

Creideann sé go bhféadfaí é a dhéanamh níos sábháilte. Bheadh sé i bhfabhar leataoibh (*lay-bys*) a dhéanamh, mar shampla, a ligfeadh do tharracóirí agus trácht mall tarraingt isteach agus an scuaine tráchta a scaoileadh chun tosaigh. Nach bhféadfaí líon na gcarrannaí ar Bhóthair Chois Fharraige a laghdú dá mbeadh seirbhís bus níos fearr ann? Bhainfí úsáid as an mbus dá laghdófaí an costas agus na busanna a rith níos minicí, dar leis, rud a chuideodh leis an trácht a laghdú.

"Tá sé níos saoire dul ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath

ná a ghoill ó Leitir Mealláin isteach go Cathair na Gaillimhe faoi láthair."

Tá go leor den mhilleán aige ar an gComhairle Chontae nach bhfuil scáthlámh ar fáil do dhaoine a bhíonn ag fanacht ar an mbus 424 ar Bhóthair Chois Fharraige.

Tithíocht agus Cead Pleanála

Tuigeann Daithí chomh deacair is atá sé cead pleanála a fháil i gCois Fharraige le teach a dhéanamh agus go gcuireann sé as do dhaoine nuair a dhiúltaítear cead dóibh teach a thógáil ar thalamh atá ag a muintir. Ceann de na deacrachtaí atá ann agus daoine ag lorg cead pleanála go mbíonn orthu fanacht 3 mhí le cruinniú a fháil le pleanálaí, de bharr easpa foirne.

Céard faoi phleanálaithe ón gComhairle Chontae a thíocht amach ag na pobail éagsúla le heolas a thabhairt agus ceisteanna a fhreagairt ón bpobal faoin bpleanáil? Bheadh Daithí sásta cruinnithe mar sin a shocrú suas.

Ní cheapann Daithí go mba cheart talamh a zónáil le haghaidh tithíochta i gCois Fharraige mar nach bhfuil na seirbhísí ar fáil, ar nós séarachas, ach tá sé i bhfabhar moil tithíochta a fhorbairt, do dhaoine nach bhfuil talamh ag a muintir.

Maidir le tithíocht shóisialta a chur ar fáil do dhaoine nach acmhainn dóibh a dteach féin a thógáil, tá plean ag an gComhairle Chontae 1,000 aonad tithíochta a thógáil ar fud an chontae, faoin scéim 'Atógáil Éireann' taobh istigh de chúpla bliain. Ach is cosúil nach bhfuil aon cheann de na tithe sin le tógáil i gCois Fharraige, chomh fada agus is eol do Dhaithí, cé go bhfuil go leor daoine sa gceantar ar an liosta feithimh.

An chéad bhliain eile beidh deis ag Daithí moltaí a dhéanamh faoi chúrsaí pleanála, nuair a bheas an Plean Forbartha nua á réiteach ag na comhairleoirí. Tá Daithí den tuairim go bhfuil an chosaint a thugtar don Ghaeilge i gCois Fharraige sa bPlean Forbartha ag obair go maith agus bheadh sé i bhfabhar é a láidriú. Ach an mbeidh saineolas neamhspleách ar fáil do na comhairleoirí faoin méid is féidir a dhéanamh do réir na rialachán éagsúil?

"Caithfidh tú cuimhneamh mar chomhairleoir chontae, níl tú leat fhéin. Tá tú mar pháirt d'fhoireann agus taobh istigh de sin tá Éamonn Ó Cuív againn."

Reilig an Chnoic

Tá cruacheist Reilig an Chnoic ardaithe sa gComhairle Chontae ag Daithí, ach níl sé sásta faoin mbealach ar dhéileáil na feidhmeannaigh leis.

"Ar an chéad lá a raibh cruinniú ag Bardas Chonamara, chuir mé síos ar an gclár go raibh mé ag iarraidh ceist a chur faoi Reilig an Chnoic, go raibh sí lán agus go rabhamar ag iarraidh reilig nua agus céard a bhí ag tarlú faoi sin. Cuireadh ríomhphost thart a rá gur

breathnaíodh ar 3 shuíomh agus nach raibh aon suíomh sásúil."

Níl sé sásta leis an bhfreagra sin mar go gcreideann sé go bhfuil sé *"suas don Chomhairle Chontae a chinntiú go mbeidh suíomh ann don reilig"*.

Bheadh leisce air CPO a lorg leis an reilig a leathnú.

"Tá sé feicthe againn in áiteacha eile inar dúradh nach raibh aon suíomh ceart do reilig ach tá reiligi curtha iontu ó shin. Tá siad ag rá nach bhfuil an doimhneacht cheart ann. Is féidir talamh a líonadh isteach le reilig a chur ann."

Oidhreacht agus Teanga

Tá spéis ag Daithí in oidhreacht Chonamara ach tá inní air go bhféadfadh go bhfuil Conamara ag cailleadh na hoidhreacht agus go bhfuil an teanga 'i dtrioblóid', mar a dúirt sé.

"Rugadh agus tógadh mise agus Gaeilge uilig a bhí againn agus labhraíomar Gaeilge sa mbaile, labhraíomar Gaeilge sna siopaí, ag an scoil. Labhair muid Gaeilge chuile áit. Tá daoine agus clanna ann ag úsáid na Gaeilge i gcónaí. Tá daoine ann chomh maith nach bhfuil á húsáid."

Tá sé cáinteach faoin tseirbhís i nGaeilge a bhíonn le fáil ón gComhairle Chontae agus ó eagrais stáit.

"Tá sé i bhfad níos sciobthaí scaití an cheist a chur i mBéarla agus freagra a fháil i mBéarla agus ar a laghad tá 'fhios agat cá 'il tú ag goil... Beidh an rud a bhí ag cur inní ort imithe sula bhfaighidh tú freagra i nGaeilge. Anois níl sé sin sách maith ach faraor sin é an caoi a bhfuil go leor rudaí ó thaobh an rialtais agus an stáit seo de."

Ach céard faoi thús áite a thabhairt do dhaoine a bhfuil an dá theanga ar a dtail acu sa gcóras earcaíochta atá ag an gComhairle Chontae?

"Aontaím go mba cheart go mbeadh méad áirithe daoine le Gaeilge á n-earcú ach chaithfeá a bheith cinnte nach mbeadh tú ag cur daoine eile as an áireamh faoi nach raibh Gaeilge acu."

Údarás na Gaeltachta

Braitheann sé nach bhfuil Údarás na Gaeltachta chomh láidir anois is a bhíodh nuair a bhí sé féin ar scoil.

"Caithfear breathnú ar an Údarás a láidriú agus tá mé ag ceapadh Bord Údarás na Gaeltachta, caithfidh siad a bheith i bhfad níos glóraí agus níos seasmhaí leis an bpobal agus cinntiú go bhfuil rudaí ag tíocht."

B'fhearr le Daithí go mbeadh deis ag an bpobal ionadaithe a thoghadh ar Bhord an Údaráis seachas é a bheith fágtha ag an gComhairle Chontae ionadaithe a ainmniú. Creideann sé nach bhfuil an caidreamh céanna ann idir an tÚdarás agus pobal na Gaeltachta, is a bhíodh nuair a bhí ionadaithe ar Bord an Údaráis tofa go daonlathach ag an bpobal sa Ghaeltacht.

Easpa Airgid an Chomhairle Chontae

Cloistear go minic go bhfuil easpa airgid ag cur as don Chomhairle Chontae agus tugtar le fios nach bhfuil an státchiste ag caitheamh go féaráilte le Co. na Gaillimhe. Ach níl an Chomhairle Chontae sásta airgead breise a ardú ón gCáin Maoine Áitiúil (LPT), mar atá déanta ag contaetha eile. An mbeadh Daithí sásta é a ardú?

"Níl muid ag fáil an sciar céanna airgid ba cheart go mbeadh muid a fháil.Tá tú ag íoc cánach nuair atá tú ag obair, tá tú ag íoc cáin bóthair, tá tú ag íoc cáin mhaoine, má cheannaíonn tú aon cheo sa tsiopa tá tú ag íoc cánach."

Ach níl sé glan in aghaidh an smaoineamh an LPT a ardú, dá ndéanfaí cinnte dhó go bhfaigheadh muintir Chonamara seirbhís níos fearr. Ach ceapann sé gurb éard a tharlóidh dá n-ardófaí an Cháin Mhaoine go bhfágfaí *"pobail Chonamara ar an ngannchuid gan tada nua ag tarlú"*.

Polasaithe Glas

Maidir le is an gComhairleoir Alastair McKinsty ón gComhaontas Glas, a toghadh ar an gComhairle Chontae do cheantar Bardasach Conamara, glacann Daithí leis nach mbeidh an bheirt acu ag aontú ar roinnt rudaí ach go mbeadh sé ar aon intinn le hAlastair faoi roinnt eile, mar shampla go dteastaíonn níos mó busanna agus níos mó bealaí glasa.

Ó thaobh athrú aeráid de, tá Daithí ag iarraidh go mbainfeadh an Comhairle Chontae úsáid as soilse LCD ar fud an chontae. Tá sé ag iarraidh cosc a chur ar úsáid póstaer sa gcéad toghchán eile chomh maith le rud éicint a dhéanamh faoin truailliú ar na tránna sa gceantar agus tá roinnt smointí speisiúla aige faoi sin.

Bheadh Daithí i bhfabhar Bealach Glas a bheith ag tíocht amach Cois Fharraige ar an gcaoi céanna leis an mBealach Glas a bheas á fhorbairt ó thuaidh ag síneadh i dtreo An Chlocháin.

"Chabhródh sé leis an trácht. Tá an talamh ann agus ní bheadh aon chall talamh a thógáil ó aon duine."

Amach Roimhe

Ní bhíonn an oiread sin am saor ag Daithí a thuilleadh idir a chuid oibre san ospidéal agus na cúraimí nua atá air mar chomhairleoir chontae nuathofa. Sa mbheagán ama saor a bhíonn aige is breá leis a bheith ag snámh agus ag siúl agus 'crime novels' a léamh.

An mbeadh aon spéis aige seasamh don Dáil amach anseo?

"B'fhéidir nach mbeadh an pobal ag iarraidh go mbeinn ag seasamh le haghaidh na Comhairle Chontae ná an Dáil.... Ní dhéarfainn nach seasfainn."

Tá Daithí ag pósadh i mí na Samhna le Mary Gibbons as Cill Íomair in Oirthear an Chontae agus is gearr go mbeidh siad ag cuartú cead pleanála i gCois Fharraige.

Go n-éirí an saol leo beirt. ■

Cá bhfuil ár dTriall?

Joe Steve Ó Neachtain

Shíl mé ar feadh scaitheadh maith den bhliain seo caite gur ar liosta na marbh a bheadh m'ainm san iris seo. Ba mhaith an tsíleachtáil dhom é: bhí ráig den ailse tar éis mé a chur ar chúl mo chinn, mar a dhéanann an galar míthrócaireach céanna le mórchuid daoine atá i bhfad níos óige ná mise. Deirtear nach maródh an deabhal an drochrud. Más fad nó gearr é, tá mise ar an taobh ceart den scriath go fóill agus mórchuid de na hathruithe atá feicthe agam ag seársáil anonn is anall trí m'intinn.

Tá mé teannta amach go maith sna blianta anois, seachtú seacht i mbliana. Is dóigh gurb é an nádúr é go mbeadh mo leithéid ag tabhairt a bharúil maidir le feabhas an tsaoil faoi láthair, i gcomórtas le saol de chineál eile ar fad a chonaic mé le linn m'óige. Ní dóigh go bhfaca aon ghlúin dá dtáinig romhainn a leithéid d'athrú in achar chomh gearr.

Bheadh sé doiligh ag aos óg an lae inniu a thuiscint go mba dul chun cinn millteach mór don ghlúin dar díobh mise iontaisí cosúil le cumhacht aibhléise, uisce reatha, seomraí folctha, innill níochna, an citil leictreach agus mórchuid athruithe tairbheacha eile.

Tá sé de cheart ag an bpobal seo a bheith bródúil as forbairt leanúnach a mbeadh Cromail in éad leis dá mairfeadh sé sách fada lena dhearmad a thabhairt faoi deara. Ach cén uair is eol don duine a dhóthain? Do dhóthain go díreach, nó do dhóthain agus fuilleach? Caith agus fáil a bheith ag duine an tsat tomhais a bhíodh ag na seandaoine don chodladh suaimhneach. Oscail súl a bhí sa tréimhse a chaith mé ag dul isteach go dtí an t-ospidéal chuile mhaidin, ag tnúth go gcoinneodh gaetha marfacha an *radiation* beo ar feadh scaitheadh eile mé. Na sluaite a bhí buailte ag an ngalar a bhain an anáil díom. An-spraoi ar chuideachta a chéile ag seanleids cosúil liom fhéin a bhí ag teannadh le ceann cúrsa go nádúrtha ar aon nós. Thagadh cnoc ar mo chroí nuair a d'fheicinn na deora le mná óga agus iad ag fanacht go foighdeach sa scuaine. Mé á samhlú ag tabhairt póigíní dá gcuid páistí sul má d'fhág siad an baile ar maidin. Níorbh é maoin an tsaoil a bhí ag déanamh imní d'aon duine dá raibh ag fanacht sa scuaine sin.

Creidimse gurb é an suaimhneas intinne an saibhreas is mó dar féidir le duine a shaothrú ar an

saol seo. Ach, faraor géar, tá strus ag déanamh scrios de bhuíochas an dul chun cinn ar fad. Ní dóigh liomsa gur chun tairbhe don domhan ná don chine daonna atá cuid den teicneolaíocht ag dul. Sílim, leis an bhfírinne,

go bhfuil iomlán a chumais sroichte ag an duine daonna. Is mó i bhfad contúirt atá ann gur mó damáiste atá an duine a dhéanamh don nádúr ná aon ainmhí eile.

Ní ar cheannbháin bhána ná ar chosaint feithidí beaga a chuireann glasaí i mbarr a gcéille atá mé ag caint. Ní fhaca mise aon duine sa taobh seo tíre ariamh ag déanamh aon díobháil dóibh, ach a mhalairt. Ní aon mhionscrúdú déanta agamsa ar na cúiseanna go mothaím gur i ndiaidh a gcúil ar nós na circe ag cartadh atá ár dtriall. Níl d'fhianaise agam ach amharc mo shúl, agus is deacair é a bhréagnú má thugann muid aird air. Dúirt fear meabhrach, a bhí thiar ar an gCnoc fadó, gur iomarca oideachais a chuirfeadh deireadh leis an domhan. Tá a fhios ag an saol gurbh é an t-oideachas a thóg ó bhás go beatha muid ach tá

iomarca oideachais in ann scrios a dhéanamh freisin mura bhfuil éirim phraiticiúil aigne mar chúltaca aige.

Sílim gur daoine ardoilte, nach bhfaca aon dé ar chuan na Gaillimhe ariamh, is mó a rinne scrios ar an stoc éisc. Ní shamhlaíonn daoine óga go bhfuil aon dochar déanta mar gheall go bhfuil an Donegal Catch agus dalladh *fish fingers* le fáil i reoiteoirí san hollmhargaí. Bhíodh rópaí ronnachaí buí saillte crochta ó rata go rata ins an mbaile le linn m'óige. Ar ronnachaí a mhair muid i gcaitheamh an gheimhridh. Bhí ronnachaí chomh fairsing sa gcuan an tráth sin is go bhfaca mé ag triomú sna locháin leis an lán mhara iad.

Ar stuifíní a mhaireann an ronnach agus d'fheicfeá stadhanta faoileáin á n-otrú féin ar fhad an chuain nuair



Joe Steve

[Pic. Le caoinchead ó Ros na Rún]

a bhíodh an t-iasc glas ag cur stuifíní ag brúchtaíl go barr uisce. Ach tá an duine daonna níos craosaí fós ná an faoileán. Bhí na trálaeraí in ann báirí stuifíní a aimsiú le teicneolaíocht na nua-aoise. Níor fágadh stuifín sa gcuan agus tá a shliocht ar na ronnachaí, níl fad méire iontu anois cheal beatha. Cloisim gur ar éigin a tháinig báire ar bith ronnachaí isteach sa gcuan i mbliana.

Is maith an t-ádh atá orthu nó is é an deireadh céanna a bheas acu is a bhí ag na faoitíní agus ag na breams a raibh an cuan ag cur thar maoil leo le linn m'óige. Is cuimhneach liom an torann a bhíodh na máilléid a bhaint as bord na mbád seoil nuair a bhíodh iascairí an Chladaigh ag iascach scadáin i bhfad isteach sa gcuan de shiúl oíche. Ba é torann an mháilléid teicneolaíocht na huaire, mar go mbíodh na scadáin ag iontú ar a dtaobh leis an bhformán agus go mba léir do na hiascairí cén áit le eangachaí a chaitheamh síos ina mullach. Níor fhág trealamh nua-aoiseach scadán sa gcuan. Níor mhiste dhuit brat a scaradh ar urlár na céibhe i Ros an Mhíl anois agus tosú ag ithe picnic cé gur cuimhneach liom an t-am a mbíodh chuile orlach den chéibh clúdaithe le eangachaí agus leis na céadta bosca scadán chuile lá den tséasúr. Bhíodh os cionn cúig chéad duine ag obair sa monarcha éisc an uair sin. Níl duine ná deoraí ag saothrú euro anois ann. Dúirt iascaire as Árann liom go mbídís ábalta a gcuid líonta a scaoileadh thar bord chomh luath is a chasaidís siar an cuan tar éis seoladh amach as Cill Rónáin fadó. "Bíonn muid ag treabhadh na farraige ar feadh chúig uair an chloig anois," ar seisean, "sul má aimsíonn an *fish finder* aon bháire éisc gur fiú eangach a tharraingt thríd."

Shíl mé go mba seafóideach an ráiteas é nuair a deireadh Nioclás sa teach cuarta fadó go raibh sé sa tairngreacht go bhfiafródh an t-athair den mhac ar maraíodh aon bhreac sa bhfarraige sin amuigh ariamh. Má leanann an bánú atá feicthe againn le linn mo shaoil, is gearr uainn an lá sin.

An Slad

Cé is ciontsiocair leis an slad, adeir tú? Tá cuid den mhilleán le cur ar an teicneolaíocht agus ar shaint, ach is é mo bharúil gur istigh in oifigí thall sa mBriséal a dhéantar mórchuid de na cinneachaí atá ag baint a slí bheatha d'iascairí. Mórchuid oideachais ach gannchuid meabhair chinn.

Chonaic mé le modhá shuíl féin an fharraige brataithe le faoitíní marbh nuair a bhínn ar mo bhealach idir Árann agus Ros an Mhíl fadó. Polasaí stáit nó Eorpach ba ciontsiocair leis. Dath nó diesel a scairdeadh ar an iasc a bhí tugtha i dtír ag na tralaeirí mura sroichfidís an praghas a bhí socraithe ag na déithe bréige. B'uafásach an peaca marfach a bheith á gcaitheamh amuigh i lár an chuain, áit nach raibh leas do Dhia ná do dhuine iontu agus daoine ag fáil bháis leis an ocras ag an am céanna.

Is cuimhneach liom an tráth nach mba léir dhuit aon chloch faoi shuíl an droichid sa Spidéal. Na mílte bradán ar a mbealach suas go dtí Loch Bhoth Loiscthe. Má tá aon bhradán ar an abhainn sin anois, ní léir domsa iad. Shíl na saineolaithe gurbh iad na sruthlfonta a bhí

ag déanamh an scrios ach níor fheabhsaigh an scéal tada ó cuireadh deireadh leis na sruthlfonta. Creidim nach bhfuil na míola mara atá fairsing thart timpeall ar fheilmeacha éisc ag cuidiú tada leis an scrios. Ach is cosúil go bhfuil iascairí na Graonlainne, atá faoi cheannas na Danmhairge, ag déanamh slad ar ribí róibéis nó ar na cloicheáin a bhíonn mar bheatha ag an mbradán nuair a shroicheann sé ceann scribe. Cheithre bhradán fiáin as chuile chéad atá sách láidir anois lena mbealach a dhéanamh abhaile go dtí fíoruisce na hÉireann. Níl trosc ná langach ná mangach den rath nach bhfuil racáilte as an gcuan sin amuigh ag saint na teicneolaíochta. Ar fheilmeacha éisc a bheas an chéad ghlúin eile ag brath. Is maith ann iad, ach is deacair a shamhlú go bhfuil siad chomh folláin leis an mbreac fiáin.

Strus an tSaoil

Ba é barúil an scuaine a casadh liom san ospidéal gurbh é strus an tsaoil nua agus an greim atá muid a chur inár mbéal atá ag cur ospidéil thar maoil. Deirtear gur iomaí duine a bhain slat a bhuail é féin. Tá seans maith ann sa rith fada, gur slat den chineál sin a bhain an té a chruthaigh an fhiailnimh agus fiú amháin an fón póca. Uirlis iontach fóinteach é an fón a fhad is atá an duine i gceannas air ach is léir gurb é an fón atá ag glacadh seilbh ar intinn an ghlúin is óige anois.

Chruthaigh an taoille tuile go leor milliúnaigh ach faraor d'fhág sé mórchuid daoine ar an tráth fholamh freisin. Is bréan an boladh atá ar bhualtrach an tíogair Cheiltigh do na céadta ógánach atá ag fulaingt leis an ngalar dubhach. Cuid acu chomh tuirseach den saol nua is go bhfuil siad ag cur lámh ina mbás féin. Mórchuid eile ag brath ar dhrugaí le sólás mínádúrtha a bhaint as an saol. Coirpigh ag speireadh a chéile go síoraí seasta d'fhonn a theacht i dtír go míthrócaireach ar na milliúin atá siad a fháisceadh amach go héagórach as na créatúir atá i ladhar an chasúir acu.

Is é mo bharúil arís eile go bhfuil iomlán a gcumais sroichte ag cinnirí na cruinne. Ní lucht polaitíochta amháin atá i gceist cé go bhfuil an chontúirt ann gurb iadsan a scriosfas an domhan le buamaí. Buachaillí bó ag déanamh déithe bréige díobh féin. Iad ag bagairt scrios a dhéanamh le diúracáin ag am a bhfuil na mílte ag fáil bháis leis an ocras. Ní dóigh liom go bhfuil an duine daonna ábalta déileáil le cumhacht. Éiríonn sé sa gceann acu. Tá sé feicthe inár dtír bheag féin againn. Ní raibh na páirtithe rialtais le baint as margadh ná cuid de na gardaí síochána, ná cuid den chlér ná mórchuid ranna rialtas ná muid féin, a bhfuil sé d'fhaisean againn a bheith ag cur ár súil thar ár gcuid.

Casadh isteach go dtí an baile mór mé Lé 'le Pádraig cúpla bliain ó shin. Áit a bhfaca mé na céadta gasúr scoile as a meabhair ag ól. Iad i gcontúirt a mbáite ar bhruacha na Coiribe, pé ar bith í cén sórt dallach dubh a bhí ar a gcuid tuismitheoirí nár léir dóibh gur cur i gcéill a bhí sa gceiliúradh. "Nuair is mó an greann sea is cóir ligean dó," a bhagraíodh mo mháthair orainn nuair a bhíodh muid ar thob a dhul thar fóir mar ghasúir.

Diúltach go maith atá gach a bhfuil ráite agam ach ní diúltach ar fad atá gach ar léir dom sa bpobal seo. Tá glúin óg ag teacht in inmhe sa gceantar a bhfuil ceart againn a bheith bródúil astu. Scoth na gceoltóirí, na n-amhránaithe, na n-aisteoirí. Chonaic mé os cionn trí scóir de na ceoltóirí óga ar an ardán sa tSeanscoil i mbliana, iad thar barr ar fad. Tá an óige feicthe agam ar na páirceanna imeartha agus iad ábalta dúshlán a thabhairt do na clubanna is mó cáil sa gcondae. Tá cáil dhomhanda bainte amach ag lucht na liathróid láimhe. Daoine óga den scoth atá bródúil as a ndúchas. Muinín agus teacht i láthair iontu. Ní fhaca mise a leithéid de thalann le linn mo shaoil. Ar ndóigh ní tharlaíonn sé gan treoir le blianta fada.

Ba é mo bharúil i gcónaí gur ón taobh istigh amach a chruthófaí aon pholasaí a thiocfadh chun tairbhe dúinn sa rith fada. Sílim go dteastódh dlús a chur le múnla úr oideachais. B'fhéidir gur mó tairbhe do na glúnta atá le

theacht céim amháin a thógáil ar gcúl ag an tráth seo ná dhá léim a thógáil chun cinn isteach sa duibheagán. D'éirigh le cumainn forbartha agus le comharchumainn agus le mórchuid coistí agus cumainn eile saol deas compóirteach a chruthú anseo. Sílim nach ndéanfadh sé aon dochar dá dtiocfadh grúpa seanóirí idir óg agus aosta le chéile an t-áirneán seo agus a gcuid tuairimí a roinnt maidir leis an ród chun cinn a thabharfadh caith agus fáil agus suaimhneas intinne do na glúnta atá le theacht.

Sílimse go bhfuil scoth na gcinnirí sa nglúin óg. D'éirigh leis an nglúin atá ag teannadh amach sna blianta scuaine leanúnach na himirce a stopadh. Nárbh iontach an t-éacht é dá n-éireadh leis an éirim breise atá ag an nglúin óg saol a chothú a thabharfadh faoiseamh do na créatúir atá ag fulaingt leis an ngalar dubhach agus a ghiorródh an scuaine daoine óga a bhfaca mé na deora leo istigh san ospidéal. ■

Pastime Chonamara

Máirtín Davy

Tháinig méadú mór i mbliana ar bhallraíocht agus imeachtaí *Pastime Chonamara*, ó Baile Chlár na Gaillimhe siar go Carna, idir Ranganna agus Taispeántais éagsúla ar fud Chonamara agus Féilte eile ar fud na tíre. Beidh thart ar 45 duine, idir fhir agus mná, páirteach sna ranganna an geimhreadh seo. Freisin, d'éirigh le roinnt de na baill duaiseanna a bhuachaint i gcomórtais éagsúla sa gCeardaíocht ar fud na tíre i rith an tsamhraidh seo. ■

Thuas ar dheis: Nina Ní Chonceannainn, Scoil Éinne, An Spidéal, lena réimse duaiseanna a bhuaigh sí ag Seó An Spidéil i mbliana sa rannóg do Cheardaíocht na nÓg.

Thíos: grúpa ó *Pastime Chonamara* a bhuaigh duaiseanna i Rannóg na gCeard ag Seó an Spidéil i mbliana



An Tannery i nGaillimh

Jimní Chearra

Ní mba teach é an *tannery* a raibh daoine ag iarraidh mórán eolais a chuir air, mar a deireadh an seandream ‘teach tórramh na mart’. B’áit é a raibh cur síos mór air agus diabhal mórán duine nár chuala caint air. Is ann isteach a thugtaí gach a mbíodh go chraicne caorach agus beithíoch ag an *slaughter house* gan trácht ar bith ar an méid eile a thagadh isteach ann ó chuile áit ar fud an chontae mar mharaíodh go leor go mhuintir na tuaithe a gcuid beithíoch agus caorach fhéin. B’amhlaidh a shaillidís an mart nó an beithíoch go díreach glan mar a shaillidís an mhuic, é a ghearradh suas ina phíosáí agus é a chuir i mbairille picil.

Nuair a bhíodh sé suas le scór laethantaí sa bpícl, thugtaí é agus scartaí amach ar mhaidí nó ar shraith cláir é a bhíodh treasna os cionn na cisteanáí. Ní raibh aon lobhadh ina chionn ó bhí sé saillte. Gan trácht ar an méid sin craicne a bheith á thabhairt isteach ann, bhíodh glacadh freisin ann le craicne beithíoch a chailltí nó a bháití. Níl mé cinnte ceart ná dearfach cé mhéid a d’fháightí orthu ach tá sé ag rith trí mo chloigeann go mba deich scilleacha a d’íoctaí orthu ach ar ndóigh is dóigh nach é an praghas céanna a théidís ar fad ag brath ar cén mhéid a bhíodar.

Ba chuma cé chomh mór agus a bhíodh cuid acub, ba bheag ab fhiú iad mar bhídís tollta agus poill iontub ag péarsaláin. Áit ar bith ar an gcráiceann a bheadh tollta ag an bpéarsalán thabharfaí faoi deara sa mbraillín mór leathair é; bheadh an spota sin tanaí. Diabhal go chruimh mhór ghránna a bhí sa bpéarsalán. Bhíodh cineál cleabhar ann i rith an tsamhraidh agus bheireadh sé uibheachaí ar chosa na mbeithíoch agus dhéanfadh na huibheachaí sin a mbealach isteach tríd an gcráiceann agus bhídís istigh ann ar feadh an gheimhridh agus ag déanamh an bhealaigh leob suas go dtí in aice cráimh an droma agus ansin san earrach agus tús an tsamhraidh, chuiridís poll ar chraiceann an bheithíoch agus thitidís anuas ar an talamh agus ba ghránna na sprochaillí iad ach ní thóigfeadh sé i bhfad orthub cruth a athrú.

Nuair a d’fhásfadh na sciatháin orthub agus iad ansin ag eiteall thart ag déanamh an lot céanna a rinne a sinsear rompub. Sul má thagaidís amach as craiceann an bheithíoch, bhíodh sé le feiceáil go suntasach go raibh siad ann mar bhíodh puchóid mhór ataithe san áit a mbídís agus poillín beag bídeach istigh ina lár agus é ag méadú leis go léir a chéile nó go dtagadh na péarsaláin amach. Na beithigh a mbíodh na péarsaláin, bhíodar ar bheagán compóirte mar bhíodh na péarsaláin ag cur bruith tochais orthub go háithrid nuair a bheadh lá breá te gréine ann. Bhídís ag rith le fíbín agus má bhí loch nó farraige ina n-aice leob thabharfaidís an poll báite amach orthub fhéin ag iarraidh fuarú a fháil. Théidís

chomh fada amach agus nach mbíodh le feiceáil ach a gcloigeann agus cráimh a ndroma.

Bhíodh na beithigh ag cailleadh crutha agus meáchain freisin mar gheall orthub. Ach, b’fhéidir os cionn dhá scór bliain, ó shin thug an Roinn Talmhaíochta scéim isteach le deireadh a chur leob. Stuif ceimiceach a bhí ann le dóirteadh ar dhroim na mbeithíoch agus chuir sé sin deireadh leis na péarsaláin. Thóig sé roinnt mhaith blianta deireadh a chur leob ach níl aon chaitheamh ina ndiaidh ag duine ná beithíoch. Is ar éigin a chloisfeá an focal péarsalán chor ar bith i mbéal na ndaoine anois.

Galair Beithíoch

Is iomaí sin mí-ádh agus anachain atá in ann tarlú go beithíoch le é fheiceáil sínte ó chluais go drioball agus gan snig ina chluais. Bhí agus tá galar amháin ann agus rinne sé scrios agus bánú, sin é an cheathrú ghorm. Beithigh óga is mó a leag sé, suas go dtí dhá bhliain, gamhna a bheadh an-bheaithe. An t-am ba siúlaí a bhíodh an galar seo ná amach deireadh an tsamhraidh agus sa bhfómhar. An t-am sin go bhliain bhíodh go leor féar bog glas ann ar na móinéir san áit a mbaintí an féar tirim. Ba dearg nimh é sin ag gamhna ramhra a bhí i gcruth mhaith cheana. Bhídís á ithe sin nó go gcuirfidís ceas orthub fhéin, go mbeidís i gcruth pléascadh. An chéad rud eile bhídís sínte agus iad chomh mór chomh líonta, caite ar a dtaobh agus an chois deireadh beagnach ina seasa suas díreach. Rinne an galar sin bánú sul má tháinig leigheas amach dhó.

Chomh maith leis an bhféar bog glas, bhí tsiocair eile freisin ann agus rinne sé slad. Bhíodh daoine á ramhrú ag tabhairt buicéid fhataí fuara gan bruith, ná craga, dhóibh. Bhí ramhrú agus ordú sna fataí fuara ach ba mhinic a d’fhág sé cantal ar dhaoine, gamhna ar fónamh sínte leagthaí ag an gceathrú ghorm. Ba mhinic freisin a bhris gamhna uathub fhéin isteach i bpoll fataí agus níor tháinig siad slán. Chomh fada siar agus a chuimhrim air, am éicint amach sna tríochaidí, ba é an tseachaint a bhí ag an seandream air, píosa go *wire* copair a chur treasna

tríd an gcráiceann trom atá amuigh ar an ucht agus í fhágáil ann nó go mbeadh cúpla bliain caite acub.

Ina dhiaidh sin arís tháinig leigheas nó seachaint eile amach agus séard a bhí ansin ‘gráinne’ a thugaidís air agus b’amhlaidh a chuirte gearradh beag scine ar a ngualainn agus ansin an gráinne a bhrú isteach ann agus dúnadh air ansin arís agus é fhágáil ann. Ní fhaca mise ariamh an gráinne seo agus níl fhios agam ar beag nó mór a bhí sé agus níl fhios agam cén dath a bhí air.

Ní raibh sé sin ró-fhada ar an margadh nuair a tháinig leigheas núb’fhearr amach agus séard a bhí ansin *injection* ach óna tréidlianna a bhí sé sin le fáil ach th’réis roinnt blianta bhí chuile dhuine in ann é fháil sa *gchemist* agus cead agat fhéin a ghoil ag dochtúireacht. Dochtúir beithíoch a thugadh an seandream ar *vet*.

Scéilín

Seod scéal a fuair mé uaidh John Mhicil Sheáin Ó Conceanainn as na hAille. Ba mhinic a chastaí an fear céanna in mo bhealach. Bhí chuile chineál scéil agus seanchas ag John agus mura a raibh sé in ann caoi agus coir a chur orthub ní lá go maidin é. Óna athair fhéin a fuair sé ar fad iad, Micil Sheáin Mháire Cháit a thugaidís air. Dhéanfadh sé airneán i lár an tsamhraidh chomh maith le lár an gheimhridh ach an dream ceart a bheith ina thimpeall.

Bhí tráth gon tsaol ann le linn gon tannery a bheith istigh i mbaile mór na Gaillimhe agus mar a tharla go chuile dhuine ariamh a bhí ag plé le beithígh agus talamh, bhuaileadh anachain beithíoch iad. Ní mórán duine nár tharla sé sin dhó. D’athraíodh an róth arís mar a bhuaileadh do dhá bhois faoina chéile agus ritheadh blianta leat. Ní dheachaigh an drochchith ná anachain na mbeithíoch thar Mhicil. Fuair sé a thuairneáil agus a chárdáil ar feadh cúpla bliain, ach chuir Micil dhó fhéin é go foighdeach.

Tamall fada ina dhiaidh sin arís bhí Micil sa mbaile mór lá ag ceannacht earraí agus ag siopadóireacht agus é ag siobáil soir siar go réir mar a d’fheil dhó. I rith an achair ar fad, bhí sé ag breathnú ar fhear a’ siúl soir, siar, síos, suas agus craiceann beithíoch faoina ascaill aige agus súgáinín tuí casta go crua faiscí ina thimpeall.

“Bhí fhios agamsa go maith i m’intinn fhéin,” a dúirt Micil, “cé raibh a thriall ach níor chuir mé aige ná uaidh”.

Ach faoi dheireadh agus Micil ag goil thairis, ghlaigh sé i leataobh air.

“A’ mbeadh baol ar bith,” a deir sé “go mbeifeá in ann a inseacht dhom, cén áit anseo sa mbaile mór a bhfuil an *tannery*?” “Táim faraor,” a deir Micil “mar níl aon fhear eile istigh anseo inniu is fearr atá in ann é a inseacht dhuit ná mise, mar tá cosán dearg déanta agam ann”.

Thug Micil eolas an bhealaigh an uair sin dhó.

Ba fear spóirtiúil greannmhar a bhí in Micil. Bhí sé lá breá samhraidh ag béal a’ bhóithrín fhéin ag Áirdín Henrí, i mbaile na nAille. Ní raibh Micil leis fhéin ann, ní raibh sé gan comhlúadar mar bhíodh daoine ag iarraidh a bheith ina chuideachta. Cé chasfaí an bealach ach fear mór plucach feolmhar agus a raibh geolbhach á réir air.

Bheannaigh sé gon dream a bhí ag béal an bhóithrín agus freagraíodh ar ais é. Ní raibh na pluca móra air i ngan fhios gon dream a bhí i láthair. Nuair a bhí sé bailí tharab labhair duine acab.

“Nach ar an bhfear sin,” a dúirt sé “atá na pluca móra ramhra”.

“Ú, a dhiabhail,” a deir Micil “nár bhreá é ag imirt plubógaí”.

Ag an tráth sin gon tsaol, bhíodh caitheamh aimsire ann a dtugaidís ‘plubógaí’ air. Sna tithe cuarta a bhídís ag imirt na bplubógaí. Bhíodh a mh’anam, agus sna tithe tórraimh go minic go háithrid dá mba tórramh seandúine é. Mura mbeadh seisear nó seachtar nó os a chionn ann, ní raibh leathmaitheasa ann. Bheiridís le chéile greim ar phluic an té a bhíodh amach rompu nó go mbeidís ar fad i bhfostú ina chéile mar a bheadh slabhra. An ghreim a bheiridís ar a chéile, ba cineál pinse crua gear a bhíodh ann idir an ordóig agus an chormhéir. Ba é deireadh an scéil ansin an chéad duine a ligfeadh síon as, bhí cead fáisceadh tuilleadh air agus ina theannta sin bheadh cead ag chuile dhuine eile an phluic a tharraingt aige agus leicneach na plubóige a bheith a’ goil abhaile aige.

Scéilín Eile

Scéal a bhaineann scéal eile amach. Bhíodh caint ins sa taobh seo tíre ar fhear ar cailleadh nó báthadh beithíoch amuigh ar an sliabh air. Ní raibh aon stuaim mhór ann féin le ghoil a feannadh. Dá mbeadh fhéin, theastódh láimh chúnta uaidh agus m’anam go bhfuair sé fear soghluaiste agus a bhí stuama á réir. D’fheann siad an beithíoch agus filleadh suas an craiceann go deas pointeáilte ar a chéile agus casadh súgáinín ina thimpeall réití amach le tabhairt ag an *tannery*. Bhí carr agus capall ag an bhfear ar cailleadh an beithíoch air agus bhíodh sé isteach agus amach gon bhaile mór le carrannaí móna. Ní raibh an dara haistir le déanamh ach an craiceann a chur isteach leis an gcrib mhóna lá an mhargadh.

“Anois,” a deir an fear a thug an láimh chúnta leis an bhfeannadh “tabharfaidh tú cúpla deoch i dteach an ósta dhom tráthnóna an lae a ndíolfaidh tú an craiceann agus an mhóin.

“M’anam muiise go dtabharfaidh agus fáilte,” a dúirt an fear eile ach ní raibh an rún sin aige. Tháinig lá mhargadh na móna agus díoladh an mhóin agus an craiceann. Ar a bhealach abhaile gon charraera tráthnóna agus é ar theib casadh suas an bóithrín, cé a bheadh roimhe ach fear na scine agus tart fheannadh na bó air.

Ná bí a goil suas ar chor ar bith anois,” a dúirt sé “ach coinnigh ort siar agus buail countar agus coisc mo thart”.

“Ó dhiabhail, níl aon ghraith siar agam,” a dúirt an carraera “ní bhfuair mé tada ar an gcráiceann”.

Réab mo dhuine aige.

“Tuige sa diabhail nach bhfaighfeá,” a dúirt sé “nach maith atá chuile dhuine eile á fháil air”.

“Ach ar ndóigh,” a dúirt an carraera “séard a cuireadh i m’aghaidh gur craiceann beithíoch caillte a bhí ann”.

B’shin é an uair a réab an fear eile uilig.

“Ar ndóigh a dhiabhail,” a dúirt sé “ní a’ goil a feannadh beithíoch beo a bhí tú!” ■

Aighneas Iascaireachta 1935

Lochlainn Ó Tuairisg

I lár shamhradh na bliana 1935 thug tuairim is cúig fhear fhichead de chuid mhuintir na háite – an Tulaigh, Baile na hAbhann, an Chloch Mhór – aghaidh ar Loch na Creibhinne, nó Loch Bhaile na hAbhann, agus chuaigh siad ag iascach sa loch, a bhformhór ón mbruach, ach chuaigh triúr nó ceathrar amach i mbád. Iascach mar dheas a bhí ar siúl ag an gcuid is mó acu – d’admhaigh duine den lucht eagraithe, Séamus Ó Conghaile as Baile na hAbhann (Séamus Phat Shéamuís), ina dhiaidh sin gur slat sailí agus píosa twine ceangailte de a bhí aige féin. Tamall ina dhiaidh sin tháinig an té a mba leis cearta iascaireachta na locha, Michael Wallace, ar an láthair, le beirt ghardaí, agus tógadh ainmneacha.

Go gairid ina dhiaidh sin, b’fhéidir an oíche dár gcionn, ag a trí a chlog ar maidin, thóg an Conghaileach agus cúpla duine eile (le miotóga ar a gcuid lámha agus stocaí taobh amuigh dá mbróga) bád le fear darbh ainm Sheppard, Sasanach a bhíodh ag iascach ar an loch le cead Wallace. Mhaígh an Conghaileach go raibh *revolver* aige féin agus gur bhagair sé ar ghiolla Wallace é, agus go raibh nóta tugtha do Sheppard roimhe sin ag fógairt gur le muintir na háite an loch agus cearta iascaireachta ar an loch. Chroch siad leo an bád, ar aon nós, agus síos leo go cladach. Bhí mála móna acu agus galún peitрил. Lasadh tine sa mbád agus brúdh amach sa bhfarraige í. Agus, a deir ó Conghaile: “Agus ba dheas an lá a bhí ann agus muid ‘nár suí síos ar an gcarraig seo ag breathnú ar an mbáidín sin amach agus an tine dheas, an *bone-fire* seo, i lár an bháidín ag seoladh amach i dtreo Oileáin Árann.” Thriail siad an cleas céanna le bád Wallace é féin ach bhí sí róthrom lena tabhairt síos chuig an bhfarraige fiú le carr agus capall. Séard a rinneadh mar sin í a thabhairt amach sa loch agus í a líonadh le clocha a bhí bád níos lú a thabhairt chomh fada léi nó go ndeachaigh sí go tóin poill. Tamall ina dhiaidh sin, dar leis an gConghaileach, tháinig gardaí thart agus chuartaigh siad an loch agus tar éis dhá lá d’aimsíodar an bád. Amach ó chósta Chiarraí a fritheadh an bád ar lasadh an tine inti, a dúirt sé!

Dream darbh ainm Muinntir na Gaedhealtachta ba chúis leis an agóid seo in aghaidh cearta iascaireachta i gConamara a bheith fós i seilbh tiarnaí talún coimhthíocha, nó daoine a bhí ag íoc cíosa leo, agus talamh Chois Fharraige i seilbh na ndaoine le breis agus cúig bliana fichead roimhe sin. B’iar-ghníomhaire (agus maor nó báille roimhe sin) de chuid sheantiarnaí talún cheantar na Tulaí, na Blácaigh, é Michael Wallace. (Is cosúil gur as an Mám ó thúis iad agus bhí sé sa seanchas gur mar chóisteoir a tháinig a athair siúd, John, ag obair don Bhlácach i dtosach agus go mbíodh a bhean ag obair mar chócaire sa gcisteanach

sa teach mór ar an gCaisleán.) Nuair a d’imigh na Blácaigh d’fhan Wallace thart agus bhítí ag íoc cíosa leis-sean, an gníomhaire, “rep. of Val. Blake”, nó gur cheannaigh Coimisiún na Talún eastát na mBlácach ag tús an 20ú haois. Trasna ó shéipéal na Tulaí a bhí sé ina chónaí – leagadh an teach cúpla bliain ó shin ach bheadh cuimhne ag daoine ar an dá cholún a bhí chaon taobh den doras. Ach má scaoil siad lena gcuid talún, choinnigh na Blácaigh, nó dream a raibh léas acu uathu, greim ar chearta iascaireachta agus foghlaeireachta sa gceantar. D’íocadh lucht iascaigh agus foghlaeireachta táille le Wallace as cead a bheith acu a bheith ag iascach nó ag foghlaeireacht ar na lochanna nó ar an sliabh, agus bhíodh bád le fáil ar cíos uaidh.

Muinntir na Gaedhealtachta

Maidir le Muinntir na Gaedhealtachta, sa mbliain 1933 a bunaíodh an eagraíocht. Lucht IRA agus iar-IRA a bhunaigh an eagraíocht, bunaithe cuid mhaith ar mhúnla eagraíocht den chineál céanna bhí tar éis titim as a chéile tamall roimhe sin, Cumann na Gaedhealtachta, cumann a bhunaigh Criostóir Mac Aonghusa agus Seán Mac Mathghamhna i 1931. (Agus go deimhin d’éireodh idir Mac Aonghusa agus dream an chumainn nua, Máirtín Ó Cadhain go háirithe.) Ba iad Cumann na Gaedhealtachta a bhain geallúint de rialtas Fhianna Fáil i 1932 go n-aistreofaí teaghlaigh bhochta as Conamara soir go Contae na Mí, áit a raibh eastáit mhóra le roinnt. Ach níor tháinig tada as. Nuair a bunaíodh Muinntir na Gaedhealtachta cuireadh craobhacha den eagraíocht nua ar bun ón Tulaigh go Ros Muc. Máirtín Ó Cadhain, a bhí ag múineadh sa gCarn Mór (agus i gceannas ar chathlán na Gaillimhe den IRA), agus Seán Ó Coisdeala, poblachtánach eile, a bhí ag múineadh sa Tulaigh, ba mhó a bhí ina bhun, agus fostaíodh Séamus Ó Conghaile, a bhí tar éis a phost mar bhainisteoir i stáisiún carraigín i gCasla a chailleadh (de bharr baint a bheith aige leis an IRA é féin), mar thimire lánaimseartha. Théadh sé thart ar a

rothar ag eagrú cruinnithe. Ar an gcéad rud a rinne an eagraíocht nua, i 1934, a dhul go Baile Átha Cliath ar rothar, 36 fear, chun castáil le hÉamon de Valera chun brú a chur air a gheallúint a chomhlíonadh maidir le talamh ar eastáit mhóra i lár tíre a thabhairt do dhaoine as Conamara. Agus bhí toradh ar a n-iarratas, mar thosaigh de Valera ag scrúdú féidearthachtaí i gContae na Mí, agus mar atá a fhios againn, as sin a tháinig Gaeltachtaí Ráth Chairn agus Bhaile Ghib.

Ba dream iad Muinntir na Gaedhealtachta a cheangail ceist na Gaeilge le drochstaid eacnamaíoch na nGaeltachtaí agus a d'fhógair nach mbeadh téarnamh i ndán do cheann d'uireasa an chinn eile. Ba dream iad a fuair tacaíocht ón bpáipéar sóisialach Gaeilge *An t-Éireannach*, agus foilsíodh ábhar bolscaireachta le Ó Cadhain, Ó Coisdeala agus Ó Conghaile sa bpáipéar céanna. Ach tar éis gur éirigh chomh maith sin lena bhfeachtas i gCo. na Mí, agus tar éis gur éiligh siad fostaíocht agus cearta do chainteoirí Gaeilge agus lucht Gaeltachta, tháinig meath ar an eagraíocht tar éis an aistrithe soir. Níor chuireadar aon iarrthóir ar aghaidh i bhfothoghchán na bliana 1935, mar a bhíodhas ag súil, agus thacaigh formhór a lucht leanta le hiarrthóir Fhianna Fáil. Idir dhá stól a thit siad ar go leor bealaí: idir daoine a raibh luí acu le Fianna Fáil agus dream níos radacaí, b'fhéidir, a bhí báúil leis an IRA – chuaigh leithéidí Chríostóir Mhic Aonghusa le Fianna Fáil, ach d'fhan Cadhnach agus Ó Coisdeala leis an IRA.

Cás Cúirte

I lár mhí Iúil na bliana 1935 éisteadh cás speisialta maidir lenar tharla ar Loch Bhaile na hAbhann i gCúirt Chuarda na Gaillimhe. D'iarr an gearánaí, Michael B. Wallace, dearbhú ón gcúirt gur aigesean amháin a bhí cearta iascaireachta ar Loch Bhaile na hAbhann agus d'iarr sé chomh maith go n-ordófaí do 25 cosantóir, a bhí ainmnithe, gan aon iascach a dhéanamh sa loch nó go mbeadh éisteacht iomlán ann i mí Dheireadh Fómhair. Bhí an Breitheamh Wyse-Power sásta é an t-ordú sin a dheonú ach baineadh ceithre ainm den liosta de dheasca iad a bheith faoi bun bliain is fiche. 30 Deireadh Fómhair, bhí éisteacht iomlán ann, agus chruthaigh Wallace chun sástachta an bhreithimh go raibh sé ag íoc cíosa le heastát na mBlácach le blianta fada, go raibh léas aige ón eastát agus gur aigesean amháin a bhí cearta iascaigh ar Loch Bhaile na hAbhann. Ní hamháin sin ach níor chuimhneach leis-sean aon duine de na cosantóirí a bheith ag iascach ar an loch riamh agus nach raibh bunús ar bith lena n-éileamh go raibh cearta seanbhunaithe iascaigh acu.

Níor fhostaigh na cosantóirí aon dlíodóir ach d'ainmigh siad urlabhraí, Séamus Ó Conghaile, agus fuair siad comhairle ó Mháirtín Ó Cadhain agus ó phoblachtánach eile, Riobard Mac Laghmainn (nó Robert Clements, de shliocht uasal Protastúnach as Cill an Duáin, Co. Chill Dara – bheadh cuimhne ag daoine air seo, mar bhíodh sé ag fanacht tigh Phádraic Mhóir i gClochar na gCon). Dhiúltaigh siad aon Bhéarla a labhairt, ag rá nach raibh acu ach Gaeilge, agus iarradh



Séamus Ó Scanláin, ar chlé, agus a uncail, Seán Ó Coisteala i gCo. na Mí. Tá Seán luaite san alt seo.

go n-éistfí an cás i nGaeilge. Foilsíodh forógra leo sa *gCuradh Connachtach*, ag fógaírt go raibh talamh ag chuile dhuine a bhí os comhair cúirte thart timpeall ar an loch, agus nach raibh ag Wallace, agus go raibh siad ag iascach ar an loch le fiche bliain nó níos faide, agus nár cuireadh aon stop leo riamh go dtí anois. Ach ba é an breithiúnas a thug an Breitheamh Wyse-Power, ainneoin gur mhaígh siad go raibh siad ag iascach ar an loch le tríocha bliain, *"The fishing rights were the property of Mr Wallace"*. Mar sin dheonaigh sé urghaire, ag cur cosc orthu iascach a dhéanamh ar an loch.

Ach is léir gur leanadh den agóid, mar bhí an cás os comhair cúirte arís i Meitheamh na bliana dár gcionn agus é curtha i leith ceathair go raibh siad ag iascach ar an loch agus bhí príosún á éileamh de dheasca díspeagadh cúirte. I measc an cheathair bhí deartháir leis an gConghaileach, Tom. Cuireadh Tom Ó Conghaile agus fear eile i bpríosún Luimnigh go dtí go ngabhfaidís a leithscéal, ach scaoileadh saor an bheirt eile. D'fhan Tom Ó Conghaile i bPríosún Luimnigh ó Mheitheamh 1936 go dtí Iúil 1937, breis agus bliain, gan é bheith cúisithe as aon choir ach príosún gan téarma gearrtha air. Ba é an chúis gur scaoileadh saor ar deireadh é, nach raibh mionnscribhinní a cuireadh os a chomhair, mar chruthúnas gur sháraigh sé an urghaire, i nGaeilge. Dúirt an Breitheamh Gavan Duffy: *"native speakers of Irish are entitled as a matter of fair play, to have all the legal documents in an action presented to them in the language which is their vernacular, and they ought not to be made amenable to legal process, or called upon to answer affidavits drawn in a language which many of them, when they know it at all, know imperfectly"*. D'ordaigh sé go n-íocfadh Wallace costais na héisteachta seo. An mhí chéanna rinne Tom Ó Conghaile iarratas ar dhamáistí ar Wallace, agus Cláraitheoir an Chontae, agus gobharnóir an phríosúin, ach níor éirigh leis.

Ach níorbh in deireadh an scéil, mar mhaígh Séamus Ó Conghaile gur tháinig Máirtín Ó Cadhain chuige ina dhiaidh sin ag iarraidh a chead nó a bheannacht Wallace a mharú. Bhí an bheirt acu san IRA, an Cadhnach ina oifigeach ceannais ar Chathlán Chathair na Gaillimhe agus an Conghaileach ina cheannaire rannóige ar an dream thiar. Gheobhadh an Cadhnach, a dúirt sé, duine aníos as Port Omna nó Baile Locha Riach a dhéanfadh an gníomh. D'éitigh an Conghaileach é, ag rá go ndéanfadh sé scrios ar na hóglaigh thiar agus go dtarraingeodh sé an iomarca achrainn – agus ar aon nós go raibh Wallace amach sna blianta agus nárbh fhiú an tairbhe an trioblóid. “Ó, a bhastaird!” a deir an Cadhnach leis, agus d’iompaigh sé ar a sháil agus d’imigh sé. B’éigean don Chadhnach a bheith sásta le cruinniú toghcháin de chuid Fhianna Fáil a chur in aer áit a raibh Wallace ar an ardán.


Maidir le Séamus Ó Conghaile, chuaigh seisean le múinteoireacht agus fuair sé post i 1935 le Coiste Gairmoideachais Ros Comáin. Is ann a d’fhan sé go dtí go ndeachaigh sé ar scor nuair a d’fhill sé ar chathair na Gaillimhe agus d’fhan sé ann nó go bhfuair sé bás. Chuaigh sé leis an bpeann agus foilsíodh úrscéal faoin thréimhse an chogaidh chathartha ina cheantar dúchais, *An Leacht nár Tógadh* (1982), cnuasach gearrscéalta, *Ar Thóir Lóistín agus Scéalta Eile* (1986), agus leabhar do pháistí, *Santa agus na Leipreacháin* (1984). Bhí leabhar eile, faoi Bhlácaigh na Tulaí, ag na foilsitheoirí nuair a bhásaigh sé, deirtear. Bhí sé ina phoblachtánach go

deireadh a shaoil, agus go deimhin chuartaigh Gardaí a theach i nGaillimh nuair a d’éalaigh príosúnaigh phoblachtánacha as géibheann.

Mar fhocal scoir, nuair a d’fhoilsigh Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta clár ocht n-aidhm tráth a bunaithe i 1969, ba é aidhm uimhir a cúig: “Tabhairt ar ais na gcearta iascaireachta chuig an bpobal i gcoitinne mar ba cheart”. Agus céard a tharlódh tamall ina dhiaidh sin mar agóid phoiblí in aghaidh cearta iascaireachta a bheith i seilbh eachtrannaigh ach “fish-in” ar Loch Bhaile na hAbhann.

Foinsí

Tá cuntas cuimsitheach ar an eachtra seo ag Alf Mac Lochlainn, *“Fiáin na Bocs a bhí ann an t-am sin”*: *Aighneas Iascaireachta Bhaile na hAbhann*, 1935 (Baile Átha Cliath, Coiscéim, 1999). Féach Éamon Ó Ciosáin, *An tÉireannach, 1934–1937: Páipéar Sóisialach Gaeltachta* (Baile Átha Cliath, An Clóchomhar, 1993) maidir le cúlra. Tá tuilleadh faoi Mhuinntir na Gaedhealtachta ag Aindrias Ó Cathasaigh, *Ag Samhlú Troda: Máirtín Ó Cadhain 1905–1970* (Baile Átha Cliath, Coiscéim, 2002). Féach freisin an tSr. Bosco Costigan agus Seán Ó Curraoin, *De Ghlaschloich an Oileáin: Beatha agus Saothar Mháirtín Uí Chadhain* (Béal an Daingin, Cló Iar-Chonnachta, 1987). Tá cuntas cuimsitheach ar bheatha Shéamuis Uí Chonghaile ar www.ainm.ie agus ar a úrscéal ag Breandán Delap, *Úrscéalta Stairiúla na Gaeilge* (Baile Átha Cliath, An Clóchomhar, 1993). ■



Nioclás Ó Conchubhair Teo Homevalue

ÁBHAR TITHÍOCHTA • EARRAÍ CRUA • TEAS & PLUIMÉIREACHT
SEOMRAÍ FOLCTHA • CUISNEOIRÍ & INNILL NÍOCHÁIN
SOLAS • PÉINT • LÁRIONAD GAIRDÍN

Casla, Gaillimh

Teil: 091-506111 Facs: 091-506044
ephon: nicholasoc@eircom.net www.nioclasc.ie

Gaibhne i gCeantar an Spidéil

Mike P Ó Conaola

Chonaic mé ceárta an tSiáin ag obair thart ar 1950. Chonaic, cé gurb é mo chloch nirt é cuimhneamh siar chomh fada sin. Is cuimhneach liom Tom an Ghabha ag iompar na hinneonach taobh thoir den cheárta. Níl a fhios agam cén meáchan a bhí san inneoin mhór sin ach bheadh sé ag bordáil ar 150 punt meáchain. Fear láidir a bhí ann agus is cuimhneach liom é a fheiceáil freisin ag siúl suas bóithrín na ceártan, tráthnónta tar éis a chuid oibre, é glanbhearrtha, le go n-ólfadh sé cúpla pionta thiar i sráidbhaile an Spidéil.

Bhí cónaí ar Tom an Ghabha agus a athair, Stiofán Mór, i dteach beag a bhí greamaithe den seanteach ceann tuí a bhí againn féin - a raibh cúrsa dhe tógtha Oíche na Gaoithe Móire 1839. Breathnach an sloinne a bhí orthu agus as Cor na Rón a tháinig Stiofán. Sa Sián a rugadh Tom. Tháinig Stiofán Mór aniar as Cor na Rón an chéad lá riamh le bheith ina bhuachaill aimsire ag Nioclás Gabha, deartháir mo sheanathar, Pádraic Gabha Ó Conghaile. Sa gceárta le Nioclás a d'fhoghlaim Stiofán Mór ceird na gaibhneachta.

Bhí Nioclás pósta le Bríd Ní Neachtain as Leaca Rois thuas i mBaile Liam. Bhí triúr de mhuirín orthu, Máirtín, Micheál agus Seán. Níor mhair ach Máirtín agus Seán. Bhásaigh Micheál go hóg. Bhásaigh Nioclás, a n-athair, in 1897 agus é fós ina fhear óg. Ní raibh sé ach leathchéad bliain d'aois. Bhí Bríd anois ina baintreach. Phós sí arís. Phós sí an buachaill aimsire, Stiofán, agus ba é Tom an t-aon ghasúr a bhí acu – Tomás Breathnach nó Tom an Ghabha. Nuair a bhíodar in inmhe, d'imigh clann Niocláis, Máirtín agus Seán, go Meiriceá. Chuala mé ó Mhicil 'ac Suibhne as an Sián, a bhásaigh i 1983, go raibh Máirtín cáilithe ina ghabha nuair a chuaigh sé go Meiriceá. Dúirt sé freisin go raibh sé ina ghabha in arm Mheiriceá agus go mbíodh sé ag cur crúite ar chapail an airm. De réir dhaonáireamh 1911, bhí Máirtín naoi mbliana déag agus bhí a dheartháir Seán cúig bliana déag. Seans gur thug siad Meiriceá anonn orthu féin nuair a bhí bliain is fiche slánaithe acu.

Thug mac le Máirtín, Nioclás, a bhí sna póilíní i mBoston, cuairt ar Ghaillimh sna hochtóidí. Thug sé ruaig amach go dtí an Spidéal go bhfeicfeadh sé cén áit a raibh an cheárta. Thaispeáin mé dó cén áit a mbíodh an cheárta, ar Chnocán na Ceártan. In 1970, nuair a bhí mé féin ar cuairt i Norwood, casadh Seán orm san *Irish Heaven*, teach ósta a bhí ag Tommy Concannon ag an am. Bhí áthas orm bualadh leis. Thart ar 74 bliain a bhí sé ag an am. De réir cosúlachta thug sé ruaig anall go hÉirinn sna caogaidí agus d'fhan sé in óstán Chlancy sa Spidéal. Seánín Gabha

a thugaidís air sa mbaile. Níor casadh orm an uair sin é, mar bhí mise ag fanacht istigh i mBóthar na Trá ag an am.

Ar ndóigh ba ag athair mo sheanathar, Máirtín Gabha Ó Conghaile, a bhí an cheárta roimhe sin arís. Bhásaigh Máirtín Gabha sa mbliain 1889. Thart ar 75 bliain a bhí sé. Bhí sé pósta le Cáit Ní Churraoin. Ceapaim go mba aniar as an gCré Dhubh ise. Is cuimhneach liom gur casadh Nioclás Ó Curraoin as an gCré Dhubh orm fadó sa Spidéal agus gur dhúirt sé go raibh gaol eadrainn. Chuala mé, go deimhin, go raibh gaol againn fadó le beagnach chuile theach ar an gCré Dhubh.

Bhí an cheárta a bhí ag Máirtín Gabha le feiceáil ar an gcéad léarscáil ordanáis a rinneadh i gceantar an Spidéil sa mbliain 1838. Bhí an cheárta san áit a raibh sé go dtí deireadh na gcaogaidí, ar Chnocán na Ceártan, ó dheas de Bhóthar an Rí agus scór slat soir ó bhóithrín an tSiáin atá ag dul síos ag an gcladach. Ceapaim gur tógadh an cheárta thart ar 1837/1838 agus gur tógadh

an teach píosa síos uaidh in 1839. Bhí an teach roimhe sin thuas i mbarr an bhaile. Seans go raibh ceárta thuas ann freisin ach níl aon chruthú agam faoi sin. Ar ndóigh ba é Isadore Lynch an tiarna talún a bhí in *Arandale House* ag an am, san áit a bhfuil Coláiste Chonnacht sa lá atá inniu ann. Bhí capaill go leor ag an Loingseach agus theastódh gabha uaidh. Seans gur iarr sé ar an ngabha, Máirtín Ó Conghaile, athrú anuas as barr an bhaile le go mbeadh sé breá gar dó féin agus dá chuid capall.

Rugadh triúr mac ar a laghad do Mháirtín Gabha agus do Cháit Ní Churraoin: Micil Gabha, an saor cloiche; Nioclás Gabha, a luaigh muid ar ball a bhí ina ghabha; agus Pádraic Gabha, mo sheanathair. Rugadh ar a laghad beirt iníon dóibh freisin: Margaret, a phós Séamus Sheáin Bhig Ó Droighneáin as an Spidéal in 1874; agus Nóra, a phós Seán Ó Domhnaill as an Sián in 1873. Ní mórán eolais eile atá agam ina dtaobh ach go raibh £9. 12. 0. d'altóir ar Mháirtín Gabha nuair a bhásaigh sé Feabhra na bliana 1889 agus go raibh £8. 19. 0. ar a bhean Cáit nuair a bhásaigh



Ceárta Dhoire Locháin Athchóirithe

sise i bhFeabhra na bliana 1895.

Bhí mé ag fanacht le muintir mo mháthar, na Cualáin, sa gCoisméig Mór sna Forbacha ó am éigin in 1948 go dtí 1953. Sin é an bóithrín atá taobh thoir de bhóithrín na Roinne agus an Údaráis. Bhí ainm eile ar an mbóithrín sin fadó, 'sé sin, Cnocán an Chait. Ar aon bhealach chaith mise cúig bliana i mo chónaí ar an mbaile sin. Sa teach ag an am bhí mo chuid aintíní Sorcha agus Mairéad, mo chuid uncaileacha, Joe agus Murt, chomh maith le mo sheanmháthair, Máire Ní Fhlaithearta, arbh aniar as an Lochán Beag di – aintín leis an seanchaí Tom Bheartla Tom, nach maireann. Is cuimhneach liom freisin uncail eile liom, Mike, a d'imigh go Meiriceá in 1948. Is cuimhneach liom an ceol a bhí sa teach an oíche sula ndeachaigh sé go Boston: daoine amuigh ag damhsa ar urlár stroighne agus Mikeen Curran as an bPáirc ag casadh an bhosca ceoil. Ba mhaith uaidh.

An uair sin théadh m'uncail Murt isteach Gaillimh chuile Shatharn le seift. Carr asail a bhíodh aige, luchtaithe le móin, cabáiste, oinniúin agus glasraí go leor eile. Bhíodh lán an chairr ag teacht abhaile freisin aige, beatha beithíoch, cearc agus muc chomh maith le riachtanais an tí. Bhí capall agus carr sa teach freisin leis an bhféar a chur isteach san iothlainn, le leasú a chur amach ar na garranta san earrach agus le feamainne a tharraingt aníos agus aniar ón trá.

Is cuimhneach liom go maith nuair a bhíodh crúite le cur ar an asal nó ar an gcapall gur siar ag an ngabha i nDoire Locháin a théidís. Bhí Fintan Coogan, ar ndóigh, ina ghabha ar an mbóthar Nua i gCathair na Gaillimhe, agus bhí gabha eile gar don áit a bhfuil an *Curadh Connachtach* sa lá atá inniu ann. Ach ní isteach a théidís ach siar ag an nGráinneach – Peadar Ó Gráinne nó Peadar Bhill Johnny mar a thugaidís air. Tá an tsean-cheárta imithe anois ach tá foirgneamh beag curtha san áit a mbíodh sé agus é ar chomh-mhéid leis an tsean-cheárta.

Anoir as Dún Sandail in aice le Baile Locha Riach a tháinig sin-seanathair Pheadair Uí Ghráinne sa mbliain 1820. Liam nó Bill an t-ainm a bhí air siúd agus ba gabha maith a bhí ann. Murach gurbh ea ní thabharfadh na Blácaigh anoir leo é go dtí na Forbacha nuair a bhí siad ag tógáil theach mór na bhForbacha thart ar am céanna. Chuile sheans gur oibrigh Bill do na Blácaigh thoir i nDún Sandail freisin. Bhí an oiread capall ag na Blácaigh agus an oiread oibre le déanamh acu timpeall an tí mhóir sna Forbacha, nach raibh am ná deis ag Bill oibriú d'aon duine eile sa gceantar ach do na Blácaigh amháin. Bhí na Blácaigh ina dtiarnaí talún i gceantar na bhForbacha ar feadh breis agus céad bliain. Ar ndóigh Blácaigh freisin a bhí ina dtiarnaí talún thiar i gceantar na Tulaí.

Nuair a thug na Blácaigh Bill Greaney anoir as Dún Sandail thógadar teach nua dó ar an ard atá taobh thiar de thrá na bhForbacha. Ard an Ghráinnigh a chuala mé féin riamh ar an ard sin. Tá bóithrín ag dul síos ag an trá ón ard sin a dtugtar Bóithrín Chaladh na Spriogadán air. De réir cosúlachta tháinig coirp i dtír sa gcladach ansin fadó in aimsir na hArmáide. Ba ar an mbóithrín sin a thóg na Blácaigh an teach don Ghráinneach. Agus trasna uaidh, ar an taobh ó thuaidh de Bhóthar an Rí, a thógadar an cheárta, de réir an tseanchais. Ba sa gceárta sin a chuireadh Bill Greaney crúite ar chapail na mBlácach agus b'ann a dhéanadh sé a gcuid geataí freisin agus aon oirnéis eile a bheadh uathu.

Ba mac le Bill Greaney é Johnny Greaney. Ba é Johnny a rinne an '*Grand Gate*' do na Blácaigh, geata mór leathan ornáideach a bhí ar Bhóthar an Rí, dhá chéad slat siar ó shéipéal na bhForbacha. Bhí ascaill nó *avenue* breá ag síneadh ón ngeata sin suas chomh fada le teach na mBlácach. Tá píosa den gheata sin le feiceáil fós agus tá an ascaill ann i gcónaí. Is fiú súil a chaitheamh ar an sean-gheata. Sa leabhar a scríobh Raymonde Standún *Voices of Connemara* (2001), tá cur síos ag Peadar Ó Gráinne, garmhac le Johnny Greaney, ar bhairille rum a tháinig i dtír sa mbliain 1881, a mharaigh riar daoine i nDoire Locháin, ina measc an gabha Johnny Greaney. Ní raibh Johnny ag an am ach trí scór bliain agus ba thragóid mhór a bhí ina bhás agus i mbás chuile dhuine eile as an gceantar a cailleadh de bharr na tubaiste. Ach an fhad agus a sheasfas caint ar an '*Grand Gate*' agus ar Bhlácaigh na bhForbacha, seasfaidh cáil agus clú Johnny Greaney.

Nuair a maraíodh Johnny b'éigean dá mhac Liam, a bhí fós ina scorach, ceird na gaibhneachta a fhoghlaim. Chuige sin chuaigh sé go hUachtar Ard. D'fhágadh sé Doire Locháin moch maidin Luain agus shíúladh sé chomh fada le hUachtar Ard, chaitheadh sé an tseachtain ansin ag foghlaim na ceirde agus d'fhilleadh abhaile tráthnóna Dé Sathairn. Trí bliana a chaith sé mar sin ag foghlaim a cheirde. Ba é an Liam seo, nó 'Bill', a thóg an cheárta i nDoire Locháin Thiar. Thóg na Blácaigh másailéam dóibh féin atá le feiceáil taobh thoir de shéipéal na bhForbacha. Ba sa másailéam sin a cuireadh go leor de na Blácaigh, agus nuair a briseadh isteach ann uair amháin, b'éigean do Liam dul agus na taisí a chur ar ais arís agus an doras mór a dhúnadh suas le brící stroighne. Bhí Bill Johnny 75 bliain nuair a bhásaigh sé in 1935.

Ba mac le Bill Johnny é Peadar – Peadar Bhill Johnny Bhill lena ainm iomlán a thabhairt air. Is cuimhin liom féin Peadar Bhill. Fear breá dea-dhéanta slachtmhar a bhí ann. Sa leabhar a scríobh Raymonde Standún, tugann Peadar Bhill an-chur síos ar an mbealach ar fhoghlaim sé féin ceird na gaibhneachta. Is cinnte gur óna athair féin a d'fhoghlaim sé cuid mhór, ach chomh maith leis sin chuir sé an tslisín mhín ar a chuid foghlama istigh i gceárta John Coogan ar an mbóthar Nua i nGaillimh. Bhí Fintan Coogan, mac le John, ag foghlaim na ceirde in éindí leis. Mar chuid den traenáil an uair úd chaithfeá staidéar a dhéanamh ar anatamaíocht an chapaill. Chaithfí lán mála cnámh capaill chugat agus bheadh ort iad a shocrú san ord ceart. Bhí Peadar in ann é sin a dhéanamh agus fuair sé tairiscint a dhul go Sasana le dhul ag gaibhneacht thall ann, ach ní fhéadfadh sé a athair, a bhí go lagbhríoch ag an am, a fhágáil. Chonaic Peadar Bhill an dá shaol sa gceárta: an seansaol nuair a chaithfeadh na gaibhne na crúite don chapall nó don asal a dhéanamh agus a mhúnlú iad féin; agus an saol nua nuair a tháinig na crúite réamhdhéanta agus nach raibh le déanamh ach iad a fháisceadh suas ar an asal nó ar an gcapall. Chonaic sé meath ag teacht ar obair na ceartan freisin. Ní raibh an oiread capaill agus asail ag teacht níos mó. Bhí oirnéis réamhdhéanta á dtabhairt isteach sa tír. Bhí deireadh ag teacht de réir a chéile le hobair an ghabha ceartan.

Bhí scéim tithe gloine i gCois Fharraige i ndeireadh na gcaogaidí agus bheartaigh Peadar teach gloine a thógáil. Ansin thosaigh sé ag fás trátaí agus glasraí agus á ndíol ar mhargadh na Gaillimhe. Thaitin an obair sin leis agus bhí níos mó dá bharr aige ná bhí leis an ngaibhneacht sna

blianta deireanacha. Ba é Peadar Bhíll Johnny an gabha deireanach a bhí i nDoire Locháin.

Bhí, ar ndóigh, cúpla ceárta eile i gceantar an Spidéil. Bhí ceárta ag ceann bhóithrín Bhaile an tSléibhe ag na Droighneáin. Gabha Dhroighneáin a thugaidís air. Ach de réir cosúlachta d'athraigh an gabha ó Bhaile an tSléibhe go dtí baile an Choiligh am éigin, mar sa daonáireamh a rinneadh in 1901, bhí an gabha, Pádraic Ó Droighneáin, deich mbliana fichead agus bhí sé pósta le Julia Ní Neachtain sa gCoileach. Measaim gur phós sé isteach sa teach sin, mar bhí deirfiúr le Julia, Nóra, agus máthair Julia, Bríd, in aontíos leo. Sa daonáireamh a rinneadh in 1911 bhí beirt chlainne orthu, Páraic agus Peadar. Bhí aithne agam féin orthu sin, Peaitín an Ghabha agus Peadar an Ghabha. Sa gCoileach a bhí cónaí orthu. Trasna an bhóithrín óna dteach a bhí an cheárta. Tá seanbhallaí na ceártan sin le feiceáil i gcónaí sa gCoileach agus tá seanbhallaí na ceártan a bhí ag na Droighneáin ag ceann bhóithrín Bhaile an tSléibhe, gar do Bhóthar an Rí, le feiceáil fós freisin.

Níor chuala mé ach duine amháin ag tagairt don cheárta a bhí ar an Airdín Buí. Ba é Seán Bairéad, nach maireann, as Baile an tSagairt, an té sin. Tá an tAirdín Buí gar don láthair ar cuireadh suas leacht in onóir do na scríbhneoirí cáiliúla Máirtín Ó Cadhain, Ruairí Ó Flatharta agus Eoghan Ó Neachtain taobh thoir de shráidbhaile an Spidéil. Ceárta Ghabha na Raithnigh an t-ainm a bhí ar an gceárta sin.

Ar ndóigh tógadh ceárta sealadach nuair a bhí Céibh Nua an Spidéil á tógáil idir na blianta 1867 agus 1871. Má theann tú síos bóithrín na Céibhe Nua feicfidh tú bóithrín caol ag dul siar ag cloigeann thíos an bhóithrín sin agus an t-ainm 'Bóithrín na Ceártan' greanta ar chloch sa mballa ag ceann an bhóithrín. Theastaigh an cheárta le geanntracha agus piocóidí agus uirlisí eile a ghéarú do na fir agus iad i mbun oibre ar an gcéibh.

Bhí deartháir le mo sheanathair pósta ar Bhóthar na hAbhann píosa beag suas ó shráidbhaile an Spidéil. Micil Gabha a bhí air agus ba saor cloiche a bhí ann. Bhí mac aige, Nioclás Gabha, agus de réir cosúlachta bhí ceárta bheag aige siúd ar an mbóithrín beag a théann siar i dtreo na habhann cúpla céad slat ó thuaidh de Bhaile Ard.

Mar a bhí mé ag rá níos túisce, bhí gaolta linn thiar sa gCré Dhubh agus sna bailte fearainn eile taobh thiar den Spidéil. Tá an t-ainm 'Gabha' fós féin le cloisteáil i gcuid de na sean-sloinnnte atá thiar ann. Sa leabhar is deireanaí ó lámh an údair Joe Steve Ó Neachtain, *Mar a Bhí ar*

dTús (2018), tá cur síos aige ar Phádraic Chóil Ruaidí Ó Conghaile as an gCré Dhubh. Ar leathanach a 19 agus 20 den leabhar tá cur síos ag Joe Steve ar chomh deaslámhach agus a bhí Pádraic. Fear stuama a bhí ann ar mhórchuid bealaigh de réir cosúlachta. Ní amháin go raibh sé in ann feac a chur i láí agus táifeach i sleán ach bhí mianach an ghabha freisin ann mar bhí sé in ann an dá chrú tosaigh a chur ar asal. Ní cheapfainn go raibh aon cheárta ar na bailte sin ach bhí mianach na ngaibhne sna daoine a mhair iontu rud a d'fhág go rabhadar luathlámhach ar go leor bealaí, go mór mhór ag plé le hiarann, gifte a thugadar leo óna seacht sinsear.

Buíochas leo seo leanas a roinn a gcuid eolais liom go fial: Máirtín Ó Conghaile, Sián agus Casla; Liam agus Joan Ó Gráinne, Steve Mhorgan Ó Curraoin, Cóilín John Ruaidí Ó Fátharta, Doire Locháin; Seán Mhicil Ó Droighneáin, Seán Tim Ó Flatharta, Baile an tSléibhe; Matt agus Pádraic Ó Fátharta, An Lipe agus Coileach; Timín Joe Tim Ó Curraidhín, Cnocán Glas; Seán Ard Ó Neachtain, Bóthar na hAbhann; Diarmuid Ó Cualáin, Gleann Trasna. ■



Coláiste Chamuis
IS FIÚ AGUS IS FÉIDIR



**Ár dTraidisiún,
ár dTeanga, ó 1973.**

Running successful Gaeltacht
courses in Galway since 1973.

Cúrsaí Gaeltachta den scoth i nGaillimh

 **091 593 162**
www.colaistechamuis.ie
eolas@colaistechamuis.ie

Maitiú Ó Tuathail

Micheál G. Ó Tuathail

Rugadh Maitiú Ó Tuathail, nó Matt Mhicilín mar is fearr aithne air, ar an gcéad lá d’Fheabhra 1919 i dteach beag ceann tuí i mBaile na hAbhann, Coill Rua Thiar. Dá réir sin, bhí sé 100 bliain d’aois Lá ’le Bríde na bliana seo. Micheál Ó Tuathail a bhí ar a athair, agus ba as Baile na hAbhann, Coill Rua Thiar dó. Bhí sé pósta ag Sorcha Ní Loideáin, as an mBóthar Buí, paróiste an Chnoic. Chomh fada le mo bharúil phós siad i 1916. Bhí triúr clainne acu – Máire, Maitiú agus Jude. Bhí Máire ar an mbean ba shine, Maitiú ar an dara duine agus Jude ar an duine ab óige. Fuair Micheál bás nuair a bhí Maitiú 7 mbliana.

Phós Sorcha aríst, Seán Ó Tuathail as Leithrinn, An Cnoc. Bhí ceathrar clainne acu – Cól, Kate, Áine agus Nóra. Fuair Nóra bás in aois 11 bhliain.

In 1957 phós Maitiú agus Saera Donohoe. Bhí cúigear clainne acu – Máire, Micheál, Bairbre, Sorcha agus Cólín. Feirmeoir a bhí i Maitiú le 8 n-acra talún. Bhí dhá bhó bhainne ar an bhfeirm, dhá asal agus roinnt caoirigh. Bhí comharsa ag cur síos dom ar bhliain amháin go raibh 7 gcaora aige agus go raibh 7 gcúpla uan ag na caoirigh sin. Bhí cearca agus coileach nó dhó ar an bhfeirm chomh maith. Bhí fadhb leis an sionnach ag an am agus mharaigh sé cearc uair nó dhó.

Le dhá asal agus cléibh a dhéantaí an obair san earrach agus sa samhraidh. Ag baint fheamainne le leasú garraí fataí san earrach agus le hualach móna chur amach ar an mbóthar nó abhaile sa samhraidh. Bhí carraigín le baint agus le triomú. Bhí leigheas le baint as an gcarraigín. Bhíodh muid ag faire amach ar an athrú trá le dhul chomh fada leis na clocha, an áit a raibh an carraigín ag fás agus bhí muid ag brath uirthi. Ag baint mhóna le sleán, ag gróigeadh agus ag athghróigeadh nuair nach mbíodh an aimsir an-mhaith.



Maitiú agus Saera ar lá a bpósta.

Ó chlér: Saera, An tAthair Ó Ruadháin, S.P. an Chnoic agus Maitiú



Meit agus Saera in 2005.

Bhí eolas maith ar an áit agus ar na hacmhainní nádúrtha a bhí ann. Bhí an tobar fíoruisce ar gach baile. Bhí eolas cén áit a thiocfadh duine ar chrann cuilinn le caora dearga a fháil faoi Nollaig.

Bhí an saol cruu ag an am agus d’oibrigh Maitiú in aon áit a raibh saothrú le fáil – tabhairt lá oibre do chomharsan, ag obair ar an Achréidh agus fiú chomh fada le Sasana. D’oibrigh sé ar an mBeet i Surrey, Saint Edmond in aimsir an Dara Cogadh Domhanda. Bhí cósta na Fraince le feiceáil trasna an chuain.

Bhí sé stuama agus bhíodh sé ag caoladóireacht ó am go ham, ag déanamh cléibh agus ciseáin as slatracha sailí agus saileánach de réir mar a bhí éileamh orthu. Thóg sé a theach féin in 1954.

Le linn óige Mhaitiú bádhdh triúr fear a bhí ar a mbealach abhaile ó Aonach an Spidéil. Ba uncail le Mhaitiú duine acu, Pádraic nó Seán Ó Loideáin.

Tá Maitiú ag caitheamh an tsaoil go compordach sa mbaile anois. Is maith leis corrghal tobac a chaitheamh. Cónaíonn a chlann ar fad sa gceantar. Bhásaigh a bhean céile, Saera in 1996. Go ndéana Dia grásta uirthi. ■



Picnic ar an Tulaigh Bhuí, thart ar 80 bliain ó shin

An aithníonn sibh aon duine anseo? Ceapann muid gurbh iad seo roinnt de na daoine.

- (1) Maitiú Mháirtín Tom Ó Donnchú (Baile na mBrobhach); (2) Beartla Mhicilín Ó Cualáin (Coill Rua);
 (3) Meait Mhicilín Ó Tuathail (Baile na hAbhann, Coill Rua); (4) Peter Mhicilín Ó Cualáin (Coill Rua);
 (5) Rita Smith (Baile Átha Cliath agus blianta ina dhiaidh sin phós sí Maidhc Beag Ó Fátharta, na hAille);
 (6) Kate Mhicil Thaidhg Ní Chonghaile (Coill Rua); (7) Cóil Phól Ó Diollúin (Baile na hAbhann, Coill Rua);
 (8) Peadar Mháirtín Tom Ó Donnchú (Baile na mBrobhach); (9) Iníon Mhánuis Uí Fhátharta (Coill Rua);
 (10) Nell Phádraic Thaidhg Ní Chonghaile (An Cnoc); (11) Joe Ó Saothraí (An Cnoc); (12) Barbara Ní Shaothraí (An Cnoc);
 (13) Meaig Pháidín Shéamais Ní Choistealbha (Coill Rua); (14) Johnny Mhicilín Ó Cualáin (Coill Rua);
 (15) Bríd Pheaisín Ní Fhátharta (Coill Rua); (16) Ceata Mhicilín Ní Chualáin (Coill Rua)

[Le caoinhead ó Mhicheál G. Ó Tuathail]

Scoileanna sa gCeantar



**Rang a 6,
Scoil Cholmcille,
Ros an Mhíl:**

*Ar chúl ó chlé:
Cian Breathnach,
Síofra Nic Dhonnacha,
Kate Nic Dhonnacha,
Róise Ní Mhurchú,
Eoin Ó Coistealbha,
Seán Ó Nia
agus
Mícheál A Ó Loideáin*

Scoileanna sa gCeantar



Rang 6, Scoil Sailearna, An Cnoc, 2018/19

Ar chúl ó chle: Rita Uí Chonghaile (Cúntóir), Pádraig Óg Ó Gionnáin, Finnán Ó Gríofa, Neasa Nic Dhonncha, Muireann Ní Ghloinn, Róisín Ní Raifeartaigh, Ailbhe Ní Ghionnáin, Gráinne Breathnach, Ruadhán Ó Cualáin, Ferdia Ó Nuadháin, Shane Ó Maoláin, Luisne Ní Neachtain (Múinteoir)

Chun tosaigh ó chlé: Cian Ó Cadhain, Amy Ní Thuathail, Pádraig Mac Donncha, Fionnán Ó Coisdealbha, Heidi Nic Cormaic, Éabha Ní Chonghaile, Sadhbh Laila Elsafty, Aodhán Ó Coisdealbha, Patrick Ó Ceallaigh.



Rang a 6, Scoil Náisiúnta Cholmcille, An Tulaigh 2018/19

Ar chúl ar chlé: Clíodhna Ní Neachtain, Clíodhna Ní Chonghaile, Sophie Nic Dhaboc, Aisling Ní Dhonnchadha, Shauna Bindon Ní Scanláin, Róise Gardiner, Iona Warsop.

Chun tosaigh ó chlé: Colin Mac Donncha, Shane Ó Scanláin, Rónán Mac Eochagáin, Dylan Waterson, Tadhg Bodwell Ó Néill, Evan Ó Fathaigh, Sarah Ní Choistealbha (Múinteoir).



Coláiste Chroí Mhuire, Rang na hArdteiste 2019

Ó chlé, ó chuí:

Líne 4: Ryan Ó Dioráin, Caoimhín Ó Sé, Dylan Ó Flatharta, Luca Casburn-Trahan, Kian Mac Annaidh, Eimhín Ó Diollúin, Marcus Reindardt, Páraic Ó Cualáin, Ruarc Ó Comghain.

Líne 3: Dylan Ó Faoláin, Cian Colfer, Chloe Ní Chonchubhair, Aoife Ní Chonchubhair, Rosie Ní Dhubbghaill, Luka Anna Nic Lochlainn, Aoife Nic Chormaic, Eamon Ó Laoire, Cathal Ó Cearra.

Líne 2: Elana Nic Fhlannacha, Róise Ní Dhonnagáin, Blanca Ní Dhonabháin, Seán Ó Gráinne, Olivia Ní Chéidigh, Rachel Nic Oireachtaigh, Michelle Casburn.

Líne 1: Tessa Cróic, Lúadh Robertson, Máire Ní Fhrighil, Rebecca Ní Allúráin, Sonia Nic Dhonnacha.



Rang na hArdteiste 2019, Coláiste Cholmcille, Indreabhán

Líne ar chuí, ó chlé: Máirtín Ó Maoláin, Seán Ó Conghaile, Aiden Ó Lochlainn, Connor Ó Conaire, Peadar Mac Tabhais, Liam Hamel, Breandán Ó Tuathail, Íarflaith Ó Maoileoin, Ethan Ó Scanláin, Dylan Ó Cearra, Pádhraic Ó Conghaile.

Líne láir, ó chlé: Conor Ó Lochmáin, Domhnall Ó Braonáin, Owen Ó Murchú, Amy Ní Fhlatharta, Arianna Nic Dhonnacha, Béibhinn Breathnach de Faoite, Máirtín Leainde, Róisín Ní Choisdealbha, Hazel Ní Chúiláin, Sinéad Ní Chonghaile.

Líne tosaigh, ó chlé: Ciara Nic Eochagáin, Teresa Clifford, DeAnna Blue, Shaunah Ní Loideáin, Kiara Ní Dhúgáin, Rachel Bairéad, Aifric Ní Scolaí, Íseult Ní Fhoighil.

Cuid d'Fhoirne an Cheantair



Foireann Camógaíochta Chois Fharraige (Sóisear A) 2019

Ar chúl ó chlé: Máirtín Ó Dubhghaill, Máirín Ní Chonghaile, Aghna Nic Dhonncha, Aobh Ní Dhubhghaill. Fionnuala Gruneil, Tiffany Ní Choistealbha, Treasa Ní Chadhain, Sorcha Ní Fhrighil, Hannah Ní Dhoimhín, Siobhán Uí Fhlatharta, Aoife Nic Chormaic, Aisling Ní Chonchubhair, Áine Ní Chonghaile, Siobhán Ní Mhaoileoin, Becky Ní Éallaithe, Béibhinn Ní Ghríofa, Gerry Ó Fátharta, Martina Ní Ghabháin.

Chun tosaigh ó chlé: Bróna Ní Cheallacháin, Siobhán Ní Neachtain, Áine Ní Laoi, Róisín Ní Dhiomsaigh, Aisling Ní Chonghaile, Aoife Nic Dhonncha, Síofra Ní Mháirta, Maire Ní Fhrighil, Éabha Ní Chonláin, Roisín Ní Chaoimh, Áine Ní Dhubhghaill.



Foireann Iomána faoi 14 Chumann Micheál Breathnach ar éirigh leo Craobh na hÉireann a bhuachaint ag Féile na nGael 2019.

Ar chúl ó chlé: Lughán Mac Con Iomaire, Ciarán Ó Díompsaigh, Oscar Mac Réamoinn, Patrick Ó Flannaire, Féidhlim Ó Conghaile, Gearóid de Búrca, Daniel Mac Dhabhoc, Rian Ó Fátharta, Ciarán Clancy, Séaghan Ó Braonáin, Eoin Ó Neachtain, Cormac Ó Tuairisc.
Chun tosaigh ó chlé: Cian Ó Cadhain, Ruadhán Ó Cualáin, Aodhán Ó Coisdealbha, Caomhán Mac Con Iomaire, Fionnán Ó Coisdealbha, Ferdia Ó Braonáin, Glaisne Mac Réamoinn, Lúic Mac Aodha.



Foireann Sacair Chois Fharraige ar éirigh leo Sraithchomórtas na Gaillimhe (Roinn II) a bhuachaint i mBealtaine 2019 agus cáiliú le himirt i Roinn I an séasúr seo

Ar chúil ó chlé: Niall Mac Diarmada, Aodhán Ó Maoileoin, Seán Ó Comartúin (Comerford), Temitope Kuku, Dara Mac Dubhghaill, Leon Mac Lochlainn, Eoin Ó Coistealbha, Cathal Ó Conghaile, Tommy Ó Conghaile, Máirtín Ó Cualáin, Rónán Mac Donnacha, Colm Neachtain, Cuán Mac Dubhghaill, Aodán Ó Conaire, Mikey Ó Conaire

Chun tosaigh, ó chlé: Ciarán Seoighe, Seán Ó Donncha, Ciarán Thornton, Chris Ó Biadha, Gerry Curran, Dónal Ó Ceallaigh, Micheál de Búrca, Conall Ó Cuirrín, Dinny Ó hÉallaithe, Colm Ó Droighneáin



Foireann Camógaíochta (faoi 12A) Chois Fharraige 2019 a buaileadh i gcluiche ceannais sa Sciath (faoi 12A), nuair a fuair Creachmhaoil cúl sa nóiméad deireanach den chluiche:

Ar chúil, ó chlé: Ellie Seoighe, Mar Ní Néill, Shauna Bindon/ Ní Scanláin, Caoimhe Ní Chuinn, Ailbhe Ní Ghionnáin, Eimear Ní Dhiomsaigh, Sadhbh Laila Riggott, Adhna Ní Chonghaile, Amy Ní Thuathail, Sadhbh Ní Fheinneadha.

Chun tosaigh, ó chlé: Louise Seoighe, Mailí De Cléir, Muireann Ní Ghloinn, Caoimhe Ní Ghloinn, Sarah Ní Chonceanainn, Saise Ní Chuinn, Eileanor Nic Chormaic. As láthair ón bpictiúr seo: Jessica Ní Chonghaile agus Orlaith Ní Thuairisc

Comhghairdeas leis na Peileadóirí atá ar ais i nGrád na Sinsear



Foireann Peile Chumann Micheál Breathnach ar éirigh leo iad féin a ardú go grád na sinsir ón grád idirmheánach, nuair a bhuail siad Cortoon Shamrocks i gCluiche Leathcheannais Idirmheánach an Chontae, i Staid an Phiarsaigh, an mhí seo caite

Ar chúil, ó chlé: Dinny Ó hÉallaithe, Cian Ó Conghaile, Dara Mac Gearailt, Gearóid Ó Feinneadh, Keith Ó Donnchadha, Rónán Mac Donnacha, Mac Dara Ó Béarra, Rónán Ó Beoláin, Ruairí Ó Béarra, Fiontán Ó Curraoin, Tomat Ó Conghaile, Cuán Mac Dubhghaill, Éinne Ó Conghaile, Diarmaid Ó Feinneadh, Diarmaid Ó Maoileoin, Pádraig Ó Finneadh.,

Chun tosaigh, ó chlé: Joe Ó Conaire, Shaun Ó Donnacha, Liam Mac Donnacha, Maidhc Ó Conghaile, Fiach Ó Béarra, Ruadhán Ó Curraoin, Gearóid Willie Ó Fátharta, Seán Denvir, Caoimhín Ó Maoileoin, Dara Mac Dubhghaill, Aonghas Ó Flatharta, Cian Ó Gríofa, Cóilín Ó Fátharta. [Pictiúr le caoinchead Seán Ryan, Creachmhaoil]



Foireann Iomána Chumann Micheál Breathnach 2019

Bhí an fhoireann seo le bheith i gCluiche Ceannais Iomána an Chontae sa gComórtas Sóisir a hAon, in aghaidh Bhearna-Na Forbacha

Ar chúil ó chlé: Macdara Ó Béarra, Aodhán Breathnach, Domhnall Ó Braonáin, Oisín Ó Direáin, Breandán Ó Conghaile, Rónán Ó Beoláin, Fiach Ó Béarra, Cian Mac Giolla Bhríde, Ruadhán Ó Béarra, Cian Ó Conghaile, Adrian Ó Tuathail, Seán Ó Conghaile, Ruairí Óg Ó Béarra.

Chun tosaigh ó chlé: Antaine Ó Gallchóir, Cathal Ó Tuathail, Rónán Mac Donncha, Maidhc Ó Conghaile, Seán Denvir, Liam Ó Donnacha, Dinny Ó hÉallaithe, Gearóid Ó Conghaile agus Kevin Ó Conghaile.



Is í ár dteanga féin í.

Coigil aithinne d'aislinge:
scaradh léi is éag duit.

 Foras na Gaeilge

BAILE ÁTHA CLIATH · BÉAL FEIRSTE · RÁTH CHAIRN · DÚN SEACHLAINN · GAOTH DOBHAI

forasnagaeilge.ie

gaeilge.ie





Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo

Tá sé fíor éasca dul i
dteagmháil linn anois ag an
gComhar Creidmheasa.

Bí i dteagmháil linn ar

- Viber
- WhatsApp.

ag an uimhir seo: 086-8484751

nó

cuir glaoch ar 091-593421

nó

buail isteach go dtí

Oifig an Chnoic nó Oifig na
Ceathrún Rua.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag ár
suíomh gréasáin
www.cccholmcille.ie
agus ar ár leathanach facebook.



Uaireanta Oscailte

An Cnoc

Dé Luain, Dé Máirt 10:30 - 4:00
Déardaoin, Dé hAoine 10:30 - 5:00
Dé Sathairn 9:30 - 2:30
Dúnta don lón ón
1:45 - 2:30 Luan go hAoine

An Cheathrú Rua

Déardaoin 10:30 - 5:00
Aoine 10:30 - 5:00
Dé Sathairn 10:30 - 2:30
Dúnta don lón ón
2:00 - 2:45 Luan go hAoine

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo., An Cnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Teil: (091)593421. Faics: (091) 593089. R-phost: oifig@cccholmcille.ie Idirlíon: cccholmcille.ie

Teil: (091)869915 - oifig na Ceathrún Rua | nó tuilleadh eolais le fáil ar